Register your product and get support at
www.philips.com/welcome

8809

55PUS8809
55PUS8809

Lámhleabhar

PHILIPS

Ábhar

1 Turas Teilifíse *4*
1.1 Android TV *4*
1.2 Ultra HD TV *4*
1.3 Feidhmchláir *4*
1.4 Scannáin agus Cláir a Chaill tú *4*
1.5 Líonraí Sóisialta *4*
1.6 Cuir teilifís ar sos agus Taifeadtaí *4*
1.7 Cluichíocht *5*
1.8 Skype *5*
1.9 3D *5*
1.10 Fóin Chliste agus Táibléid *5*

2 Suiteáil *6*
2.1 Léigh Sábháilteacht *6*
2.2 Seastán Teilifíse agus Gléasadh Balla *6*
2.3 Leideanna maidir le Láithriú *6*
2.4 Cábla Cumhachta *6*
2.5 Cábla na hAeróige *7*
2.6 Mias Satailíte *7*

3 Líonra *8*
3.1 Nasc le Líonra *8*
3.2 Socruithe Líonra *9*
3.3 Gléasanna Líonra *10*
3.4 Comhroinnt Comhad *10*

4 Naisc *11*
4.1 Leideanna maidir le Naisc *11*
4.2 EasyLink HDMI CEC *12*
4.3 CI+ CAM le Cárta Cliste *13*
4.4 Bosca Bairr - STB *14*
4.5 Glacadóir Satailíte *14*
4.6 Córas Amharclainne Baile - HTS *15*
4.7 Seinnteoir Diosca Blu-ray *16*
4.8 Seinnteoir DVD *17*
4.9 Consól Cluiche *17*
4.10 Ceap Stiúrtha *17*
4.11 Diosca Crua USB *18*
4.12 Méarchlár nó luch USB *18*
4.13 Méaróg Chuimhne USB *19*
4.14 Ceamara grianghraif *20*
4.15 Camthaifeadán *20*
4.16 Ríomhaire *20*
4.17 Cluasáin *21*
4.18 Callairí gan Sreang *21*

5 Ag Casadh Air agus As *22*
5.1 Air, Fuireachas nó As *22*
5.2 Gile Logó Philips *22*
5.3 Roghchlár bunúsach *22*
5.4 Uaineadóir Codlata *22*
5.5 Amadóir Casta As *22*

6 Cianrialtán *24*
6.1 Forbhreathnú ar na heochracha *24*
6.2 Cianrialtán, Pointeoir *25*
6.3 Guth *26*
6.4 Méarchlár *26*
6.5 Nasc leis an teilifís *28*
6.6 Braiteoir IR *28*
6.7 Ceallraí *28*
6.8 Glanadh *29*

7 Rialú Gothaí *30*
7.1 Maidir le Rialú Gotha *30*
7.2 Ceamara *30*
7.3 Gothaí Láimhe *30*
7.4 Forbhreathnú ar Ghothaí *30*
7.5 Leideanna *31*

8 Roghchlár Baile *32*
8.1 Oscail an Roghchlár Baile *32*
8.2 Forbhreathnú *32*
8.3 Fógraí *32*
8.4 Cuardaigh *32*

9 Ar an teilifís anois *34*
9.1 Maidir le Ar Theilifís Anois *34*
9.2 A bhfuil de dhíth ort *34*
9.3 Ar Theilifís Anois á úsáid *34*

10 Feidhmchláir *35*
10.1 Maidir le Feidhmchláir *35*
10.2 Feidhmchlár a shuiteáil *35*
10.3 Tosaigh Feidhmchlár *35*
10.4 Chrome *35*
10.5 Glas Feidhmchláir *36*
10.6 Giúirléidí *36*
10.7 Bain as Feidhmchláir agus Giúirléidí *36*
10.8 Glan Cuimhne Idirlín *36*
10.9 Socruithe Android *37*
10.10 Téarmaí Úsáide - Feidhmchláir *37*

11 Físeáin ar éileamh *38*
11.1 Maidir le Físeán ar Éileamh *38*
11.2 Scannán a thógáil amach ar Cíos *38*
11.3 Sruthú *38*

12 Teilifís Athdheise *39*
12.1 Maidir le Teilifís ar Éileamh *39*
12.2 Déan Iarratas ar Chlár *39*

13 Cainéil *40*
13.1 Ag féachaint ar Chainéil *40*
13.2 Eolaire Teilifíse *46*

14 Naisc, Liosta *48*
14.1 Athraigh go gléas *48*
14.2 Braith Gléis *48*
14.3 Seinn Aon-Iarrachta *48*

15 3D *49*
15.1 A bhfuil de dhíth ort *49*
15.2 Na Spéaclaí 3D *49*
15.3 Ag féachaint ar 3D *51*
15.4 Féachaint 3D is fearr *51*
15.5 Cúram a thabhairt do na Spéaclaí 3D *51*
15.6 Rabhadh Sláinte *52*

16 Ilamharc *53*

16.1 Maidir le hllamharc *53*
16.2 An Tascbharra *53*
16.3 Féach ar Dhá Chainéal Teilifíse *53*
16.4 Babhtáil Scáileáin *53*
16.5 Téacs agus Teilifís *53*

17 Cluichí *54*
17.1 A bhfuil de dhíth ort *54*
17.2 Socruithe Cluiche *54*
17.3 Cluiche a Imirt *54*
17.4 Ceapa Stiúrtha *54*
17.5 Cluichíocht, Cluiche Scáileáin Roinnte *55*

18 Meáin *56*
18.1 Ó Nasc USB *56*
18.2 Ó Ríomhaire nó NAS *56*
18.3 Ó Ghléas Soghluaiste *56*
18.4 Físeáin *57*
18.5 Grianghraif *57*
18.6 Ceol *58*

19 Athsheinn *59*
19.1 A bhfuil de dhíth ort *59*
19.2 Clár a chur ar sos *59*

20 Taifeadadh *60*
20.1 A bhfuil de dhíth ort *60*
20.2 Clár a Thaifeadadh *60*
20.3 Féach ar Thaifeadadh *61*

21 Skype *62*
21.1 Maidir le Skype *62*
21.2 Na rudaí a bheidh ag teastáil uait *62*
21.3 Tosaigh le Skype *62*
21.4 Roghchlár Skype *62*
21.5 Daoine *63*
21.6 Ag déanamh glao ar Skype *64*
21.7 Creidmheas Skype *65*
21.8 Socruithe Skype *66*
21.9 Ar ais chuig an Teilifís *67*
21.10 Sínigh amach: *67*

22 Multi Room *68*
22.1 Maidir le Multi Room *68*
22.2 A bhfuil de dhíth ort *68*
22.3 Ag Úsáid Multi Room *68*

23 Roinn é seo… *70*

24 Philips TV Remote App *71*

25 Suiteáil *72*
25.1 Mear-Socruithe *72*
25.2 Pictiúr *72*
25.3 Fuaim *75*
25.4 Ambilight *78*
25.5 Socruithe Ginearálta *81*
25.6 Éicea-Socruithe *82*
25.7 Inrochtaineacht *82*
25.8 Líonra *84*
25.9 Suiteáil Aeróige/Cábla *84*
25.10 Suiteáil Satailíte *87*

26 Bogearaí *91*
26.1 Nuashonrú Bogearraí *91*
26.2 Leagan Bogearraí *91*
26.3 Bogearraí Foinse Oscailte *91*
26.4 Open Source License *91*
26.5 Fógraí *112*

27 Sonraíochtaí *113*
27.1 Comhshaol *113*
27.2 Cumhacht *113*
27.3 Córas Oibriúcháin *113*
27.4 Glacacht *114*
27.5 Taispeáint *114*
27.6 Toisí agus Meáchain *114*
27.7 Nascacht *115*
27.8 Fuaim *115*
27.9 Ilmheáin *115*

28 Tacaíocht *116*
28.1 Cláraigh *116*
28.2 Fadhbanna *116*
28.3 Cabhair *117*
28.4 Cabhair Ar Líne *117*
28.5 Athdheisiú *118*

29 Sábháilteacht agus Cúram *119*
29.1 Sábháilteacht *119*
29.2 Cúram Scáileáin *120*

30 Téarmaí Úsáide, Cóipchearta agus Ceadúnais *121*
30.1 Téarmaí Úsáide - Teilifís *121*
30.2 Cóipchearta agus Ceadúnais *121*

Innéacs *123*

1

Turas Teilifíse

1.1

Android TV

Tá an Philips TV seo á cumhachtú ag **Android™**.

Díreach cosúil le d'fhón cliste nó do thaibléad, tá na Feidhmchláir is praiticiúla ag do theilifís nua le haghaidh gach sórt siamsaíochta ar do theilifís. Féach ar chainéil teilifíse, imir cluichí ar líne, glaoigh ar chara ar Skype nó díreach labhair leis an teilifís chun an t-amhrán is ansa leat a aimsiú ar an Idirlíon.

Nuair atá an **Philips TV Remote App** ar d'fhón cliste nó do thaibléad, bíonn do chainéil teilifíse ar fáil agat ar do chaoithiúlacht. Seol grianghraif chuig an scáileán teilifíse mór nó féach ar an gclár cócaireachta is ansa leat sa chistin ar do thaibléad. As seo amach, is cuid de do theach soghluaiste do theilifís.

Nasc an teilifís le do líonra baile agus leis an Idirlíon.

Android, Google Play and other marks are trademarks of Google Inc. The Android robot is reproduced or modified from work created and shared by Google and used according to terms described in the Creative Commons 3.0 Attribution License.

http://creativecommons.org/licenses/by/3.0/legalcode

1.2

Ultra HD TV

Tá taispeáint **Ultra HD** ag an teilifís seo. Tá an taifeach atá aici ceithre oiread níos fearr ná an taispeáint a bhíonn ag gnáthHD. Is é atá i gceist le Ultra HD ná 8 milliún picteilín chun an pictiúr is míne agus is fearr a thabhairt ar an teilifís.

Anuas air sin, tiontaíonn an **tInneall Ultra Pixel HD** nua aon chomhartha teilifíse atá ag teacht isteach go taifeach Ultra HD ar bhonn leanúnach. Is féidir leat taitneamh a bhaint as an ardchaighdeán pictiúir seo ón nóiméad a chasann tú do theilifís air. Nó is féidir leat féachaint ar fhíseáin dhúchasacha Ultra HD trí nasc HDMI. Nuair a fhéachann tú ar theilifís le Ultra HD, tá an pictiúr glan agus dea-shainithe, fiú ar scáileán mór.



ULTRA HD

PerfectPixel ULTRA HD ENGINE

1.3

Feidhmchláir

Tá roinnt **Feidhmchlár** suiteáilte ar do theilifís cheana féin chun cabhrú leat tosú.

Taispeánann na leathanaigh Feidhmchlár an bailiúcháin Feidhmchlár ar do theilifís. Díreach cosúil le Feidhmchláir ar d'fhón cliste nó do thaibléad, tairgeann na Feidhmchláir ar do theilifís feidhmeanna sonracha chun d'eispéireas teilifíse a shaibhriú. Feidhmchláir cosúil le YouTube, Twitter, cluichí teilifíse nó tuartha aimsire (i measc feidhmchlár eile). Nó oscail Feidhmchlár Brabhsálaí Idirlín cosúil le Google Chrome chun an tIdirlíon a scimeáil.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Feidhmchláir**.

1.4

Scannáin agus Cláir a Chaill tú

Níl ort an teach a fhágáil chun **scannán ar cíos** a fháil.

Oscail **Físeán ar Éileamh** agus faigh an scannán is déanaí ar do theilifís go díreach. Oscail an Feidhmchlár siopa físeáin, cruthaigh do chuntas pearsanta, roghnaigh an scannán agus brúigh seinn. Níl aon útamáil le híoslódáil*.

Tá Físeán ar Éileamh ar fáil i dtíortha faoi leith.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Físeán ar Éileamh**.

* Ag brath ar sheirbhís fís-sruthaithe an tsiopa físeán atá i gceist.

1.5

Líonraí Sóisialta

Ní gá duit éirí chun teachtaireachtaí ó do chara a sheiceáil ar do ríomhaire.

Faigheann tú teachtaireachtaí ó do **líonra sóisialta** ar do scáileán teilifíse. Is féidir leat teachtaireacht a sheoladh ar ais agus tú i do shuí i do sheomra suite. Is é an Twitter le fáil ar an roghchlár Baile **Feidhmchláir**.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Feidhmchláir**.

1.6

Cuir teilifís ar sos agus Taifeadtaí

Má nascann tú **Diosca Crua USB**, is féidir leat craoladh a chur ar sos agus a thaifeadadh ó chainéal teilifíse digití.

Cuir do theilifís ar sos agus freagair an fón, nó díreach bíodh briseadh agat i rith cluiche spóirt. Stórálann an teilifís an craoladh ar an Diosca Crua USB agus is féidir leat féachaint air arís níos deireanaí.

Nuair atá Diosca Crua USB nasctha agat, is féidir leat craoltaí digiteacha a thaifeadadh freisin. Is féidir leat taifeadadh nuair atá tú ag féachaint ar chlár, nó clár atá le craoladh sa todhchaí a sceidealú.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Cuir teilifís ar sos**nó **Taifeadadh**.

1.7

Cluichíocht

Is í an teilifís seo an scáileán mór atá ag teastáil uait le haghaidh **cluichíochta**. Tá sé sách mór do bheirt.

Is féidir leat cluiche a imirt ó Chonsól Cluiche nasctha, ó Fheidhmchlár suiteáilte nó díreach cluiche ar líne ar láithreán gréasáin. Is féidir leat an teilifís a athrú go dtí na socruithe is fearr a fheileann do chluichíocht chun gluaiseachtaí tapaidh a éascú. Má imríonn tú cluiche il-imreora a bhfuil scáileáin roinnte i gceist, is féidir leat an teilifís a shocrú chun gach scáileán a thaispeáint mar scáileán iomlán ag an am céanna. Is féidir le gach imreoir díriú ar imirt a chluiche féin.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Cluichíocht**.

1.8

Skype

Nuair atá **Skype™** ar do theilifís agat, is féidir leat cuimhní a chruthú agus a roinnt díreach ó do sheomra suite, fiú nuair nach bhfuil sibh le chéile. Ní gá daoibh bailiú timpeall an ríomhaire a thuilleadh.



Is féidir leat glaonna gutha agus físe Skype-le-Skype a dhéanamh in aisce le gléasanna eile atá cumasaithe do Skype.

Teastaíonn ceamara a bhfuil micreafón ionsuite aige agus nasc maith leis an Idirlíon uait chun físghlao a dhéanamh. Tá ceamara agus micreafón ionsuite ag roinnt teilifíseanna Philips.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Skype**.

1.9

3D

Is **Teilifís 3D** do theilifís nua.

Bain taitneamh as an eispéireas tumthach atá i gceist le féachaint ar scannán i 3D. Seinn scannán i 3D ar do Sheinnteoir Blu-ray nó faigh scannán 3D ar cíos ó Shiopa Físeáin ón roghchlár Baile, Físeán ar Éileamh.

Úsáideann an teilifís teicneolaíocht 3D Gníomhach chun 3D a thaispeáint ag a taifeach iomlán.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **3D**.

1.10

Fóin Chliste agus Táibléid

Is é an **Philips TV Remote App** do chara nua teilifíse.

Nuair atá an TV Remote App ar d'fhón cliste nó do thaibléad, bíonn tú i gceannas ar na meáin atá timpeall ort. Seol grianghraif, ceol nó físeáin chuig do scáileán mór teilifíse nó féach ar aon cheann de do chainéil teilifíse beo ar do thaibléad nó ar d'fhón. Oscail an Eolaire Teilifíse agus sceidealaigh taifeadadh d'amárach. Déanfaidh do theilifís sa bhaile an jab duit. Cas air Ambilight+hue agus socraigh na héifeachtaí datha is teolaí i do sheomra suite. Is tú atá i gceannas leis an TV Remote App. B'fhéidir nach ndéanfá ach airde fuaime na teilifíse a ísliú.

Íoslódáil an Philips TV Remote App ón siopa feidhmchlár is ansa leat inniu.

Tá sé saor in aisce

Tá an Philips TV Remote App ar fáil do iOS agus d'Android.

2

Suiteáil

2.1

Léigh Sábháilteacht

Léigh na treoracha sábháilteachta i dtosach sula n-úsáideann tú an teilifís.

Chun na treoracha a léamh, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Treoracha Sábháilteachta**.

2.2

Seastán Teilifíse agus Gléasadh Balla

Seastán teilifíse

Is féidir leat na treoracha chun an seastán teilifíse a ghléasadh a fháil sa Treoir Mhearthosaithe a tháinig leis an teilifís. Is féidir leat an treoir seo a íoslódáil ó www.philips.com sa chás gur chaill tú í.

Úsáid uimhir chineáil táirge na teilifíse chun cuardach a dhéanamh don **Treoir Mearthosaithe** atá le híoslódáil.

Gléasadh Balla

Tá do theilifís ullamh freisin do bhrac ghléasadh balla atá oiriúnach le VESA (díoltar as féin é).
Bain úsáid as an gcód VESA seo a leanas nuair atá an gléasadh balla á cheannach agat . . .

• 55PUS8809

VESA MIS-F 400x400,M8

Ullmhúchán

Bain na 4 scriú chlaibín plaisteacha amach as na boisc shnáithithe ar chúl na teilifíse.
Cinntigh go dtéann na scriúnna miotail thart ar 10mm isteach i mboisc shnáithithe na teilifíse chun an teilifís a ghléasadh ar an mbrac atá oiriúnach le VESA.



Rabhadh

Teastaíonn scileanna sainiúla chun an teilifís a ghléasadh ar an mballa agus ní ceart d'aon duine ach pearsanra atá cáilithe tabhairt faoi. Ba cheart go gcomhlíonfadh gléasadh balla na teilifíse caighdeáin sábháilteachta atá bunaithe ar mheáchan na teilifís. Léigh na réamhchúraim sábháilteachta freisin sula suífidh tú an teilifís.
Ní bheidh TP Vision Europe B.V. le haon fhreagracht as gléasadh míchuí ná aon ghléasadh a mbeidh tionóisc nó gortú mar thoradh air.

2.3

Leideanna maidir le Láithriú

• Cuir an teilifís in áit nach bhfuil solas ag lonrú go díreach ar an scáileán.
• Ísligh an solas sa seomra chun na dálaí is fearr a fháil don éifeacht Ambilight.
• Socraigh an teilifís suas le 15 cm ón mballa.
• Is é an t-achar is fearr le bheith ag féachaint ar an teilifís uaidh ná trí oiread méid fhiarthrasna an scáileáin. Nuair atá tú i do shuí, ba cheart go mbeadh do shúile ar an leibhéal céanna le lár an scáileáin.



2.4

Cábla Cumhachta

• Cuir isteach an cábla cumhachta sa nascóir **POWER** ar chúl na teilifíse.
• Bí cinnte go bhfuil an cábla cumhachta curtha isteach go daingean sa nascóir.
• Bí cinnte gur féidir leat rochtain a fháil i gcónaí ar an bpluga cumhachta sa soicéad balla.
• Nuair a díphlugálann tú an cábla cumhachta, tarraing an pluga i gcónaí, ná tarraing an cábla go deo.



D'ainneoin go bhfuil tomhaltas cumhachta an-íseal ag an teilifís seo nuair atá sé ar fuireachas, bain amach an cábla cumhachta chun fuinneamh a shábháil mura mbeidh an teilifís in úsáid ar

feadh tréimhse fada.

Brúigh an eochair datha — **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Casadh air** chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi an teilifís a chasadh air agus as.

2.5

Cábla na hAeróige

Cuir isteach pluga na haeróige go daingean sa soicéad **Aeróige** ar chúl na teilifíse.

Is féidir leat d'aeróg féin a nascadh nó nasc a dhéanamh le comhartha aeróige ó chóras dáilte aeróige. Úsáid nascóir aeróige IEC Coax 75 Ohm RF.

Úsáid an nasc aeróige seo do chomharthaí ionchuir DVB-T agus DVB-C.



2.6

Mias Satailíte

Tuner amháin

Ní mór duit 2 chábla comhionanna a nascadh ó do mhias satailíte go dtí an teilifís chun féachaint ar chainéal satailíte agus chun cainéal eile a thaifeadadh ag an am céanna. Mura bhfuil ar fáil agat ach 1 cábla, ní féidir leat féachaint ar aon chainéal ach amháin an ceann a bhfuil tú ag taifeadadh air.

Nasc an cábla ón mias satailíte go díreach go dtí an nasc **SAT 1**. Úsáid cábla comhaiseach atá in ann mias aeróige satailíte a nascadh. Cinntigh go bhfuil do mhias satailíte ailínithe go foirfe sula dtosóidh tú an tsuiteáil.

Roghnaigh **Tiúnóir amháin** i rith na suiteála satailíte.



Dhá Thiúnóir

Ní mór duit 2 chábla comhionanna a nascadh ó do mhias satailíte go dtí an teilifís chun féachaint ar chainéal satailíte agus chun cainéal eile a thaifeadadh ag an am céanna.

Nasc an chéad chábla ón mias satailíte go díreach leis an nasc **SAT 1** agus nasc an dara cábla le **SAT 2**. Úsáid cábla comhaiseach atá in ann mias aeróige satailíte a nascadh. Cinntigh go bhfuil do mhias satailíte ailínithe go foirfe sula dtosóidh tú an tsuiteáil.

Roghnaigh **Dhá Tiúnóir** i rith na suiteála satailíte.



Unicable nó MDU

Má tá córas Unicable á úsáid agat, nasc an cábla leis an nasc **SAT 1**. Úsáid cábla comhaiseach atá in ann mias aeróige satailíte a nascadh. Cinntigh go bhfuil do mhias satailíte ailínithe go foirfe sula dtosóidh tú an tsuiteáil.

Roghnaigh **Dhá Thiúnóir** agus **Unicable** ina dhiaidh sin i rith na suiteála satailíte.



3

Líonra

3.1

Nasc le Líonra

Nasc gan Sreang

A bhfuil de dhíth ort

Teastaíonn ródaire Wi-Fi a bhfuil nasc don Idirlíon aige chun an teilifís a nascadh leis an Idirlíon gan sreang.

Úsáid nasc ardluais (leathanbhanda) leis an Idirlíon.

Déan an Nasc

Gan sreang

Chun nasc gan sreang a dhéanamh…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Líonra** agus cliceáil **Nasc le Líonra**.
3 - Cliceáil **Gan sreang**.
4 - Cliceáil ar do líonra gan sreang sa liosta de na líonraí a aimsíodh. Mura bhfuil do líonra sa liosta mar go bhfuil ainm an líonra i bhfolach (chas tú craoladh SSID an ródaire as), roghnaigh **Cuir isteach ainm** chun ainm líonra a chur isteach tú féin.
5 - Ag brath ar chineál an ródaire, cuir isteach d'eochair criptithe - WEP, WPA nó WPA2. Más rud é gur chuir tú isteach an eochair chriptithe don líonra seo cheana féin, is féidir leat **OK** a chliceáil chun an nasc a dhéanamh láithreach.
6 - Taispeánfar teachtaireacht nuair a dhéanfar an nasc.

WPS

Má tá WPS ag do ródaire, is féidir leat nascadh leis an ródaire go díreach gan scanadh a dhéanamh do líonraí. Má tá gléasanna agat i do líonra gan sreang a úsáideann an córas slándála criptithe WEP, ní féidir leat WPS a úsáid.

1 - Brúigh ⌂ HOME chun an roghchlár Baile a oscailt.
2 - Cliceáil **Feidhmchláir** sa roghchlár agus cliceáil ⚙ **Suiteáil**.
3 - Cliceáil **Líonra** agus cliceáil **Nasc le Líonra**.
4 - Cliceáil **WPS**.
5 - Téigh go dtí an ródaire, brúigh an cnaipe WPS agus téigh ar ais go dtí an teilifís laistigh de 2 nóiméad.
6 - Cliceáil **Nasc** chun an nasc a dhéanamh.
7 - Taispeánfar teachtaireacht nuair a dhéanfar an nasc.

WPS le cód PIN

Má tá WPS a bhfuil cód PIN air ag do ródaire, is féidir leat nascadh go díreach leis an ródaire gan scanadh a dhéanamh do líonraí. Má tá gléasanna agat i do líonra gan sreang a úsáideann an córas slándála criptithe WEP, ní féidir leat WPS a úsáid.

1 - Brúigh ⌂ HOME chun an roghchlár Baile a oscailt.
2 - Cliceáil **Feidhmchláir** sa roghchlár agus cliceáil ⚙ **Suiteáil**.
3 - Téigh go dtí **Líonra** agus cliceáil **Nasc le Líonra**.
4 - Cliceáil **WPS le cód PIN**.
5 - Scríobh síos an cód PIN a bhfuil 8 digit ann atá ar taispeáint ar an scáileán agus cuir isteach i mbogearraí an ródaire ar do ríomhaire é. Faigh comhairle ó threoirleabhar an ródaire faoin áit a bhfuil an cód PIN le cur isteach i mbogearraí an ródaire.
6 - Cliceáil **Nasc** chun an nasc a dhéanamh.
7 - Taispeánfar teachtaireacht nuair a dhéanfar an nasc.

Fabhtcheartú

Níor aimsíodh an líonra gan sreang nó tá sé díchumtha
• Tá oighinn micreathonnacha, fóin DECT nó gléasanna eile Wi-Fi 802.11b/g/n i do chomharsanacht in ann cur isteach ar an líonra gan sreang.
• Bí cinnte go ligeann na ballaí dóiteáin i do líonra rochtain ar nasc gan sreang na teilifíse.
• Mura n-oibreoidh an líonra gan sreang i gceart i do theach, bain triail as an líonra sreangaithe a shuiteáil.

Ní oibríonn an tIdirlíon
• Má tá an nasc don ródaire ag obair i gceart, seiceáil nasc an ródaire don Idirlíon.

Tá an ríomhaire agus an nasc Idirlín mall
• Féach i dtreoirleabhar úsáideora do ródaire gan sreang chun eolas a fháil maidir le raon laistigh, ráta aistrithe nó fachtóirí eile a bhaineann le caighdeán an chomhartha.
• Úsáid nasc Idirlín ardluais (leathanbhanda) do do ródaire.

DHCP
• Má theipeann ar an nasc, is féidir leat socrú DHCP (Prótacal Óstchumraíochta Dinimiciúla) an ródaire a sheicéail. Ba cheart go mbeadh DHCP casta air.

Nasc Sreangaithe

A bhfuil de dhíth ort

Teastaíonn ródaire líonra uait atá nasctha leis an an Idirlíon chun an teilifís a nascadh leis an Idirlíon. Úsáid nasc ardluais (leathanbhanda) leis an Idirlíon.



Déan an Nasc

Chun nasc sreangaithe a dhéanamh…

1 - Nasc an ródaire leis an teilifís le cábla líonra (cábla Ethernet**).
2 - Bí cinnte go bhfuil an ródaire casta air.
3 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
4 - Cliceáil **Líonra** agus cliceáil **Nasc le Líonra**.
5 - Cliceáil **Sreangaithe**. Déanann an teilifís cuardach leanúnach don nasc líonra.
6 - Taispeánfar teachtaireacht nuair a dhéanfar an nasc.

Má theipeann ar an nasc, is féidir leat socrú DHCP an ródaire a sheiceáil. Ba cheart go mbeadh DHCP casta air.

**Chun rialacháin EMC a chomhlíonadh, úsáid cábla Ethernet FTP Cat. 5E díonta.

3.2

Socruithe Líonra

Féach ar Shocruithe Líonra

Is féidir leat gach socrú líonra reatha a fheiceáil anseo. An seoladh IP agus MAC, neart an chomhartha, luas, modh criptithe, etc.

Chun na socruithe líonra reatha a fheiceáil…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Líonra** agus cliceáil **Féach ar Shocruithe Líonra**.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Cumraíocht Líonra

Mar rogha air sin, más ardúsáideoir tú agus má tá uait do líonra a shuiteáil le seolachán IP Statach, athraigh socrú na teilifíse go **IP Statach**.

Chun an teilifís a shocrú go IP Statach…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Líonra** agus cliceáil **Cumraíocht Líonra**.
3 - Cliceáil **IP Statach** agus téigh ar ais go **Líonra**.
4 - Cliceáil **Cumraíocht IP Statach** agus cumraigh an nasc.
5 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Cas Air le Wi-Fi (WoWLAN)

Is féidir leat an teilifís seo a chasadh air ó d'fhón cliste nó do thaibléad má tá an teilifís i staid fuireachais. Ní mór an socrú **Cas air le Wi-Fi (WoWLAN)** a bheith casta air.

Chun athrú go WoWLAN…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Líonra** agus cliceáil **Cas air le Wi-Fi (WoWLAN)**.
3 - Cliceáil **Air**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Rindreálaí Meán Digiteach - DMR

Mura seinneann do chomhaid meán ar do theilifís, cinntigh go bhfuil an Rindreálaí Meán Digiteach casta air. Bíonn DMR casta air mar réamhshocrú.

Chun DMR a chasadh air…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Líonra** agus cliceáil **Soláthraí Meán Digiteach**.
3 - Cliceáil **Air**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Wi-Fi Miracast

Cas air Wi-Fi Miracast chun scáileán d'fhón cliste, taibléad nó ríomhaire a roinnt ar an teilifís.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh ⬬ **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Miracast™, cas air**.

Wi-Fi Smart Screen

Ní mór duit Scáileán Cliste Wi-Fi a chasadh air chun féachaint ar chainéil teilifíse dhigiteacha ar d'fhón cliste nó taibléad leis an Philips TV Remote App. Tá an seans ann nach mbeidh roinnt cainéal scrofa ar fáil ar do ghléas soghluaiste.

Chun Scáileán Cliste Wi-Fi a chasadh air…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Líonra** agus cliceáil **Scáileán Cliste Wi-Fi**.
3 - Cliceáil **Air**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Ainm an Líonra Teilifíse

Má tá níos mó ná teilifís amháin i do líonra baile agat, is féidir leat ainm uathúil a thabhairt don teilifís.

Chun ainm na teilifíse a athrú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Líonra** agus cliceáil **Ainm na Líonra Teilifíse**.
3 - Cuir isteach an t-ainm le Méarchlár an Chianrialtáin.
4 - Cliceáil **Déanta**.
5 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Glan Cuimhne Idirlín

Glanann tú gach comhad Idirlín atá stóráilte ar do theilifís le Glan cuimhne Idirlín. Glanann tú do chlárú do Philips Smart TV agus do shocrú rátála tuismitheoirí, do logálacha do d'fheidhmchlár siopa físeán, gach ceanán feidhmchláir Smart TV, leabharmharcanna agus stair Idirlín. Ta feidhmchláir MHEG idirghníomhacha in ann 'fianáin', mar a thugtar orthu, a shábháil ar do theilifís freisin. Glanfar na comhaid sin freisin.

Chun an chuimhne Idirlín a ghlanadh…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Líonra** agus cliceáil **Glan Cuimhne Idirlín**.
3 - Cliceáil **Tá** chun dearbhú.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

3.3

Gléasanna Líonra

Tá an teilifís in ann nascadh le gléasanna eile i do líonra gan sreang, cosúil le do ríomhaire nó d'fhón cliste. Is féidir leat ríomhaire a úsáid a bhfuil Microsoft Windows nó Apple OS X air.

3.4

Comhroinnt Comhad

Is féidir leat grianghraif, ceol agus físeáin atá stóráilte ar do ríomhaire a oscailt ar an teilifís seo. Úsáid leagan úrnua de bhogearraí freastalaí meán cosúil le Philips MediaManager*, Windows Media Player 11, Twonky™ nó a leithéid.

Suiteáil na bogearraí freastalaí meán ar do ríomhaire agus socraigh é chun do chomhaid meán a roinnt leis an teilifís. Léigh an treoirleabhar don bhogearraí freastalaí meán chun tuilleadh eolais a fháil. Ní mór do na bogearraí seo a bheith ag rith ar do ríomhaire chun do chomhaid a fheiceáil nó a sheinnt ar an teilifís.

* Is féidir leat na bogearraí Philips MediaManager a íoslódáil ó láithreán tacaíochta Philips www.philips.com/support

Chun forbhreathnú a fháil ar bhogearraí freastalaí meán a dtacaítear leo, brúigh ▬ **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Bogearraí freastalaí meán, tacaithe**.

4

Naisc

4.1

Leideanna maidir le Naisc

Treoir maidir le Nascacht

Nasc gléas leis an teilifís i gcónaí leis an nasc is airde caighdeáin atá ar fáil. Anuas air sin, úsáid cáblaí ar chaighdeán maith chun a chinntiú go mbeidh aistriú maith pictiúr agus fuaimeanna ann.

Nuair a nascann tú gléas, aithníonn an teilifís a chineál agus tugann sé ainm cineáil ceart do gach gléas. Is féidir leat an t-ainm cineáil a athrú más mian leat. Má shocraítear ainm cineáil ceart do ghléas, athraíonn an teilifís go huathoibríoch go dtí na socruithe teilifíse is fearr a fheileann di nuair a athraíonn tú go dtí an gléas seo sa roghchlár Foinsí.

Má tá cabhair ag teastáil uait chun roinnt gléasanna a nascadh leis an teilifís, is féidir leat cuairt a thabhairt ar threoir nascachta Philips TV. Tugann an treoir eolas maidir leis an gcaoi nascadh agus maidir leis na cáblaí atá le húsáid.

Téigh go dtí **www.connectivityguide.philips.com**

Aeróg

Má tá Bosca bairr (glacadóir digiteach) nó Taifeadán agat, nasc cáblaí na haeróige chun comhartha na haeróige a rith tríd an mBosca bairr agus/nó an Taifeadán i dtosach sula n-iontrálfaidh sé an teilifís. Ar an gcaoi sin, is féidir leis an aeróg agus an Bosca bairr cainéil bhreise fhéideartha a sheoladh go dtí an Taifeadán le haghaidh a dtaifeadta.



HDMI

HDMI CEC

Bíonn an caighdeán pictiúir agus fuaime is fearr ann le nasc HDMI. Bíonn na comharthaí físe agus fuaime araon le chéile in aon chábla HDMI amháin. Úsáid cábla HDMI le haghaidh comharthaí teilifíse Ardghléine (HD) nó Ultra HD (UHD). Úsáid cábla HDMI Ardluais chun an t-aistriú comhartha is fearr a fháil agus ná húsáid cábla HDMI níos faide ná 5 m.



EasyLink HDMI CEC

Má tá do ghléasanna nasctha le HDMI agus má tá EasyLink acu, is féidir leat iad a oibriú leis an gcianrialtán teilifíse. Ní mór EasyLink HDMI CEC a chasadh air ar an teilifís agus ar an ngléas nasctha. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi EasyLink a úsáid, brúigh an eochair datha — **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **EasyLink CEC**.

DVI go HDMI

Úsáid cuibheoir DVI go HDMI mura bhfuil ag do ghléas ach nasc DVI. Úsáid ceann de na naisc HDMI agus cuir cábla Fuaime Clé/Deas (mion-seac 3.5 mm) isteach san Audio In le haghaidh fuaime, ar chúl na teilifíse.

Cosaint ar chóipeáil

Tacaíonn cáblaí DVI agus HDMI le HDCP (Cosaint Ábhar Digiteach Ard-Leitheadbhanda). Is comhartha chosaint ar chóipeáil HDCP a chuireann cosc ar chóipeáil ábhar ó dhiosca DVD nó Diosca Blu-ray. Tagraítear dó freisin mar DRM (Bainistíocht Ceart Digiteach).

HDMI ARC

Tá **HDMI ARC** (Cainéal Fillte Fuaime) ag gach ceann de na naisc HDMI ar an teilifís.

Má tá an nasc HDMI ARC ag an ngléas freisin, ar gnách gur Córas Amharclainne Baile (HTS) é, nasc le haon cheann de na naisc HDMI ar an teilifís seo é. Ní chaithfidh an cábla fuaime breise a sheolann fuaim na teilifíse go dtí an HTS a bheith agat nuair atá nasc HDMI ARC ann. Tá an dá chomhartha sa nasc HDMI ARC.

Is féidir leat aon nasc HDMI ar an teilifís seo a úsáid chun an HTS a nascadh ach níl ARC ar fáil ach do 1 gléas/nasc ag aon uair amháin.

HDMI Ultra HD

Is féidir leat féachaint ar fhíseáin a rinneadh i dtaifech 'dúchasach' Ultra HD - 3840x2160 picteilín - ar an teilifís seo.

Nasc seinnteoir Diosca Blu-ray, consól cluiche nó ríomhaire atá in ann físeáin Ultra HD a sheinnt leis an nasc **HDMI 1**. Úsáid cábla HDMI ardluais chun an nasc a dhéanamh. Tá ARC (Cainéal Fillte Fuaime) ag na naisc HDMI UHD.

Níl HDCP 2.2 ach ag an nasc **HDMI 1**.

DVI go HDMI

Má tá gléas agat i gcónaí nach bhfuil air ach gléas DVI, is féidir leat an gléas a nascadh le haon ceann de na naisc **HDMI** le cuibheoir DVI go HDMI.

Nasc an cábla fuaime Clé/Deas leis an nascóir **AUDIO IN** (mionseac 3.5mm).



Y Pb Pr

Is nasc ardchaighdeánY Pb Pr - Fís Chomhpháirte.

Is féidir an nasc YPbPr a úsáid le haghaidh comharthaí teilifíse Ardghléine (HD). Cuir isteach na comharthaí Fuaime Clé agus Deas in aice leis na comharthaí Y, Pb agus Pr.

Meaitseáil do dhathanna nascóra YPbPr (uaine, gorm, dearg) leis na plugaí cábla nuair a nascann tú.
Úsáid cábla Fuaime Deas/Clé cinch má tá fuaim ag do ghléas freisin.



SCART

Is nasc ar chaighdeán maith é SCART.

Is féidir an nasc SCART a úsáid le haghaidh comharthaí físe CVBS agus RGB ach ní féidir é a úsáid le haghaidh comharthaí teilifíse Ardghléine (HD). Tá comharthaí físe agus fuaime sa nasc SCART. Tacaíonn an nasc SCART freisin le hathsheinm NTSC.



Fuaim Amach - Optúil

Nasc fuaime ar ardchaighdeán é Fuaim Amach - Optúil.

Tá an nasc optúil seo in ann 5.1 cainéal fuaime a iompar. Mura bhfuil aon nasc HDMI ARC ar do ghléas, ar ghnách gur Córas Amharclainne Baile (HTS) é, is féidir leat an nasc seo a úsáid leis an nasc Fuaime Isteach - Optúil ar an HTS. Seolann an nasc Fuaime Amach - Optúil an fhuaim ón teilifís go dtí an HTS.



Is féidir leat cineál an chomhartha fuaime amach a shocrú chun dul in oiriúint do chumais fuaime do Chóras Amharclainne Baile. Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh — **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Socruithe Fuaim Amach**.

Mura mbeidh an fhuaim ag meaitseáil an fhís ar an scáileán, is féidir leat an sioncronú fuaime go fís a choigeartú.
Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh — **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Sionc Fuaim go Fís**.

4.2

EasyLink HDMI CEC

EasyLink

Is féidir leat gléas nasctha a oibriú le cianrialtán na teilifíse le EasyLink. Úsáideann EasyLink HDMI CEC (Consumer Electronics Control) chun cumarsáid a dhéanamh leis na gléasanna nasctha. Ní mór do ghléasanna tacú le HDMI CEC agus a bheith nasctha le nasc HDMI.



Suiteáil EasyLink

Tagann an teilifís le EasyLink casta air. Bí cinnte go bhfuil na socruithe HDMI CEC suiteáilte i gceart ar na gléasanna EasyLink atá nasctha. Tá an seans ann nach n-oibreoidh EasyLink le gléasanna ó bhrandaí eile.

HDMI CEC ar bhrandaí eile

Tá ainmneacha éagsúla ag feidhmiúlacht HDMI CEC ar bhrandaí éagsúla. Seo roinnt samplaí: Anynet, Aquos Link, Bravia Theatre Sync, Kuro Link, Simplink agus Viera Link. Níl gach branda comhoiriúnach go hiomlán le EasyLink.

Is lena n-úinéirí faoi seach ainmneacha branda HDMI CEC .

Gléasanna a Oibriú

Chun gléas atá nasctha le HDMI a oibriú agus é a shuiteáil le EasyLink, roghnaigh an gléas - nó a ghníomhaíocht - sa liosta de naisc teilifíse. Brúigh **SOURCES**, roghnaigh gléas atá nasctha le nasc HDMI agus brúigh **OK**.

Chomh luath is a bheidh an gléas roghnaithe, is féidir le cianrialtán na teilifíse an gléas a rialú. Mar sin féin, ní chuirtear ar aghaidh chuig an ngléas na heochracha agus **OPTIONS** agus roinnt méaracha teilfíse eile, cosúil le **Ambilight**.

Mura bhfuil an eochair atá uait ar chianrialtán na teilifíse, is féidir leat an eochair a roghnú sa roghchlár Roghanna.
Brúigh **OPTIONS** agus roghnaigh **Rialuithe** ar an mbarrachlár. Roghnaigh an eochair gléis atá uait ar an scáileán agus brúigh **OK**.
Tá an seans ann nach mbeidh roinnt méaracha gléis an-sainiúil ar fáil sa roghchlár Rialtáin.

Ní fhreagróidh ach gléasanna a thacaíonn leis an bhfeidhm **cianrialtán Easylink** do chianrialtán na teilifíse.

Socruithe EasyLink

Bíonn na socruithe EasyLink casta air ar an teilifís mar réamhshocrú.

EasyLink

Chun EasyLink a chasadh as go hiomlán…

1 - Brúigh agus brúigh ◀ (clé) le haghaidh **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta** > **EasyLink** agus cliceáil **EasyLink** céim amháin eile.
3 - Cliceáil **As**.
4 - Brúigh **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Cianrialtán EasyLink

Má theastaíonn uait go mbeidh cumarsáid idir gléasanna ach níl tú ag iarraidh iad a oibriú le cianrialtán na teilifíse, is féidir leat cianrialtán EasyLink a chasadh as leis féin.
I roghchlár socruithe EasyLink , roghnaigh **Cianrialtán EasyLink** agus roghnaigh **As**.

4.3

CI+ CAM le Cárta Cliste

CI+

Tá an teilifís seo réidh do Rochtain Choinníollach CI+.

Is féidir leat féachaint ar scothchláir HD, cosúil le scannáin agus cláir spóirt atá curtha ar fáil ag oibritheoirí teilifíse digití i do réigiún le CI+. Scrobhann oibritheoirí teilifíse na cláir seo agus díscrobhann modúl CI+ réamhíoctha iad.
Cuireann oibritheoirí teilifíse digití modúl CI+ (Modúl Rochtana Coinníollaí - CAM) ar fáil, agus cárta cliste a ghabhann leis, nuair a dhéanann tú suibscríbhinn dá scothchláir. Bíonn ardleibhéal cosanta ar chóipeáil ag an cláir seo.

Déan teagmháil le oibritheoir teilifíse digití le haghaidh tuilleadh eolais maidir le téarmaí agus coinníollacha.

Cárta Cliste Amháin

Cuireann oibritheoirí teilifíse digití modúl CI+ (Modúl Rochtana Coinníollaí - CAM) ar fáil, agus cárta cliste a ghabhann leis, nuair a dhéanann tú suibscríbhinn dá scothchláir.

Cuir an cárta cliste isteach sa mhodúl CAM. Féach ar an treoir a fuair tú ón oibritheoir.

Chun an CAM a chur isteach sa teilifís…

1 - Beidh an modh ceart chun an CAM a chur isteach le feiceáil ar an gCAM. Má chuireann tú isteach mícheart é, d'fhéadfá damáiste a dhéanamh don CAM agus don teilifís.
2 - Agus tú ag féachaint ar chúl na teilifíse, agus aghaidh an CAM i do threo, cuir an CAM isteach go réidh sa sliotán **COMMON INTERFACE 1**.
3 - Brúigh an CAM isteach chomh fada is a rachaidh sé. Fág sa sliotán go buan é.

Nuair chasann tú air an teilifís, d'fhéadfadh roinnt nóiméad a bheith i gceist sula ngníomhachtófar an CAM. Má chuirtear CAM isteach agus má íoctar na táillí suibscríbhinne (bíonn modhnna suibscríbhinne éagsúla ann), is féidir leat féachaint ar na cainéil scrofa a dtacaíonn an cárta cliste CAM leo.

Is do do theilifís amháin an CAM agus an cárta cliste. Má bhaineann tú an CAM amach, ní bheidh tú in ann féachaint ar na cainéil scrofa a dtacaíonn CAM leo.



Dhá Chárta Cliste

Is féidir le roinnt oibritheoirí teilifíse digití an dara modúl CI+ (CAM) agus cárta cliste a chur ar fáil. Teastaíonn an dara CAM agus cárta cliste nuair atá uait féachaint ar chainéal amháin agus taifeadadh ar chainéal eile ón oibritheoir teilifíse céanna.

Más féidir leat féachaint ar an líon céanna cainéal leis an dá chárta, tá na cearta féachana céanna ag an dá chárta. Má tá tú in ann féachaint ar níos lú cainéal le ceann amháin de na cártaí, níl cearta féachana na gcártaí mar a chéile.

Má tá na cearta féachana céanna ag do chártaí, is cuma cé acu de na cártaí a chuireann tú sna sliotáin. Má tá cearta féachana níos mó ag ceann amháin de na cártaí, cuir an cárta a bhfuil níos mó cearta féachana aige sa sliotán **COMMON INTERFACE 1**. Cuir an cárta a bhfuil níos lú cearta féachana aige sa sliotán **COMMON INTERFACE 2**.

Cuir na cártaí cliste isteach sna modúil CAM. Féach ar an treoir a fuair tú ón oibritheoir.

Chun an CAM a chur isteach sa teilifís…

1 - Beidh an modh ceart chun an CAM a chur isteach le feiceáil ar an gCAM. Má chuireann tú isteach mícheart é, d'fhéadfá damáiste a dhéanamh don CAM agus don teilifís.
2 - Agus tú ag féachaint ar chúl na teilifíse, agus aghaidh an CAM i do threo, cuir an CAM isteach go réidh sa sliotán.
3 - Brúigh an CAM isteach chomh fada is a rachaidh sé. Fág sa sliotán go buan é.

Nuair chasann tú air an teilifís, d'fhéadfadh roinnt nóiméad a bheith i gceist sula ngníomhachtófar an CAM. Má chuirtear CAM isteach agus má íoctar na táillí suibscríbhinne (bíonn modhnna suibscríbhinne éagsúla ann), is féidir leat féachaint ar na cainéil scrofa a dtacaíonn an cárta cliste CAM leo.

Is do do theilifís amháin an CAM agus an cárta cliste. Má bhaineann tú an CAM amach, ní bheidh tú in ann féachaint ar na cainéil scrofa a dtacaíonn CAM leo.

Pasfhocail nó cóid PIN

Ní mór duit cód PIN a chur isteach i gcás roinnt CAManna chun féachaint ar a chainéil. Nuair a shocraíonn tú an cód PIN don CAM, molaimid duit an cód céanna a úsáid is atá in úsáid agat chun an teilifís a dhíghlasáil.

Chun an cód PIN a shocrú don CAM…

1 - Brúigh **SOURCES**.
2 - Cliceáil ar an gcineál cainéil atá in úsáid agat don CAM. **Teilifís Aeróige**, **Teilifís Chábla** nó **Teilifís Satailíte**.
3 - Brúigh **OPTIONS** agus cliceáil **Comhéadan Coiteann**.
4 - Cliceáil ar oibritheoir teilifíse an CAM. Is ón oibritheoir teilifíse a thagann na scáileáin seo a leanas. Déan cuardach do shocrú an chóid PIN.

4.4

Bosca Bairr - STB

Úsáid 2 cábla aeróige chun an aeróg a nascadh leis an mBosca bairr (ar glacadóir digiteach é) agus an teilifís.



Cuir isteach cábla HDMI in aice leis na naisc aeróige chun an Bosca bairr a nascadh leis an teilifís.
Mar rogha air sin, is féidir leat cábla SCART a úsáid mura bhfuil aon nasc HDMI ag an mBosca bairr.



Amadóir Casta As

Cas an t-amadóir uathoibríoch seo as mura n-úsáideann tú ach cianrialtán an Bhosca Bhairr amháin. Mura ndéanfaidh tú é seo, casfaidh an teilifís as go huathoibríoch tar éis tréimhse 4 huaire gan aon eochair a bheith brúite ar chianrialtán na teilifíse.

In **Cabhair**, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Cas as Amadóir** chun tuilleadh eolais a fháil.

4.5

Glacadóir Satailíte

Nasc cábla na méise aeróige leis an nglacadóir Satailíte.

Cuir isteach cábla HDMI in aice leis an nasc aeróige chun an gléas a nascadh leis an teilifís.
Mar rogha air sin, is féidir leat cábla SCART a úsáid mura bhfuil aon nasc HDMI ag an ngléas.



Amadóir Casta As

Cas an t-amadóir uathoibríoch seo as mura n-úsáideann tú ach cianrialtán an Bhosca Bhairr amháin. Mura ndéanfaidh tú é seo, casfaidh an teilifís as go huathoibríoch tar éis tréimhse 4 huaire gan aon eochair a bheith brúite ar chianrialtán na teilifíse.

In **Cabhair**, brúigh an eochair datha — **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Cas as Amadóir** chun tuilleadh eolais a fháil.

4.6

Córas Amharclainne Baile - HTS

Nasc le HDMI ARC

Úsáid an cábla HDMI chun Córas Amharclainne Baile (HTS) a nascadh leis an teilifís. Is féidir leat Philips Soundbar a nascadh nó HTS a bhfuil seinnteoir diosca ionsuite aige.

HDMI ARC

Má tá nasc HDMI ARC ag do Chóras Amharclainne Baile, is féidir leat aon nasc HDMI ar an teilifís a úsáid chun nascadh. Ní gá an cábla fuaime breise a nascadh nuair atá HDMI ARC ann.
Tá an dá chomhartha sa nasc HDMI ARC.
Tá gach nasc HDMI ar an teilifís in ann an comhartha Cainéal Fillte Fuaime (ARC) a thairiscint. Ach a thúisce is atá an Córas Amharclainne Baile nasctha agat, ní féidir leis an teilifís ach an comhartha ARC a sheoladh chuig an nasc HDMI seo.



Sioncronú fuaime go físe (sionc)

Mura meaitseálann an fhuaim an fhís ar an scáileán, is féidir leat moill a shocrú ar an gcuid is mó de Chórais Amharclainne Baile a bhfuil seinnteoir diosca acu chun an fhuaim a mheaitseáil leis an fhís.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh — **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Sionc Fuaim le Fís**.

Nasc le HDMI

Úsáid an cábla HDMI chun Córas Amharclainne Baile (HTS) a nascadh leis an teilifís. Is féidir leat Philips Soundbar a nascadh nó HTS a bhfuil seinnteoir diosca ionsuite aige.

Mura bhfuil aon nasc HDMI ARC ag an gCóras Amharclainne Baile, úsáid cábla fuaime optúil (Toslink) chun fuaim na teilifíse a sheoladh go dtí an Córas Amharclainne Baile.



Sioncronú fuaime go físe (sionc)

Mura meaitseálann an fhuaim an fhís ar an scáileán, is féidir leat moill a shocrú ar an gcuid is mó de Chórais Amharclainne Baile a bhfuil seinnteoir diosca acu chun an fhuaim a mheaitseáil leis an fhís.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh — **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Sionc Fuaim le Fís**.

Socraithe d'Fhuaim Amach

Moill ar Fhuaim Amach

Nuair atá Córas Amharclainne Baile (HTS) nasctha leis an teilifís, ba cheart go mbeadh an pictiúr ar an teilifís agus an fhuaim ón HTS sioncronaithe.

Sioncronú uathoibríoch fuaime go físe

Bíonn an fhuaim sioncronaithe le fís go huathoibríoch leis na Córais Amharclainne Baile is nuaí ó Philips, agus bíonn sé i gcónaí ceart.

Moill sionc Fuaime

I gcás roinnt Córas Amharclainne Baile, tá an seans ann go mbeidh ort an mhoill sionc Fuaime a mhionathrú chun an fhuaim a shioncronú leis an bhfís. Ardaigh an luach moille ar an gCóras Amharclainne Baile go dtí go meaitseálann an pictiúr agus an

fhuaim. D'fhéadfadh luach moille de 180ms a bheith ag teastáil. Léigh treoir úsáideora an Chórais Amharclainne Baile. Beidh ort an mhoill ar Fhuaim amach ar an teilifís a chasadh as nuair atá luach moille socraithe ar an gCóras Amharclainne Baile.

Chun an Mhoill ar Fhuaim amach a chasadh as…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) le haghaidh **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Fuaim** > **Ardsocruithe** agus cliceáil **Moill ar Fhuaim amach**.
3 - Cliceáil **As**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Seach-chur Fuaim Amach

Murar féidir leat moill a shocrú ar an gCóras Amharclainne Baile, is féidir leat an teilifís a shocrú chun an fhuaim a shioncronú. Is féidir leat seach-chur a shocrú a dhéanann cúiteamh don mhéid ama atá ag teastáil ón gCóras Amharclainne Baile chun fuaim phictiúr na teilifíse a phróiseáil. Is féidir leat an luach a shocrú i gcéimeanna 5ms. Is -60ms an socrú is airde.

Ba cheart an socrú Moill ar Fhuaim amach a chasadh air.

Chun sioncronú leis an bhfuaim ar an teilifís…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) le haghaidh **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Fuaim** > **Ardsocruithe** agus cliceáil **Seach-Chur Fuaime Amach**.
3 - Úsáid an barra sleamhnáin chun an seach-chur fuaime a shocrú agus brúigh **OK**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Formáid Fuaime Amach

Má tá Córas Amharclainne Baile agat a bhfuil an cumas aige fuaim ilchainéil a phróiseáil, leithéidí Dolby Digital, DTS® nó a macasamhail, athraigh an socrú don fhormáid Fuaim Amach go Ilchainéal. Ligeann an socrú Ilchainéal don teilifís an comhartha fuaime ilchainéil comhbhrúite a sheoladh ó chainéal teilifíse nó seinnteoir nasctha go dtí an Córas Amharclainne Baile. Má tá Córas Amharclainne Baile agat nach bhfuil próiseáil fuaime ilchainéil aige, roghnaigh Steiréó.

Chun an Fhormáid Fuaime Amach a shocrú…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) le haghaidh **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Fuaim** > **Ardsocruithe** agus cliceáil **Formáid Fuaime Amach**.
3 - Cliceáil **Ilchainéal** nó **Steiréó**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Leibhéaladh Fuaime Amach

Úsáid an socrú Leibhéaladh Fuaime Amach chun airde fuaime (treise) na teilifíse agus an Chórais Amharclainne Baile a chothromú nuair a athraíonn tú ó cheann amháin go ceann eile. Is féidir le difríochtaí i bpróiseáil fuaime a bheith in n-údar do dhifríochtaí in airde fuaime.

Chun an difríocht san airde fuaime a leibhéaladh…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) le haghaidh **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Fuaim** > **Ardsocruithe** agus cliceáil **Leibhéaladh Fuaime Amach**.
3 - Má tá difríocht mhór san airde fuaime, roghnaigh **Níos Mó**. Má tá difríocht bheag san airde fuaime, roghnaigh **Níos Lú**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Baineann Leibhéaladh Fuaime Amach le comharthaí fuaime Fuaim Amach - Optúil agus HDMI ARC araon.

Fadhbanna le fuaim HTS

Fuaim le torann ard

Má fhéachann tú ar fhíseán ó mhéaróg chuimhne USB atá plugáilte isteach nó ríomhaire nasctha, d'fhéadfadh an torann ó do Chóras Amharclainne Baile a bheith díchumtha. Cloistear an torann sin nuair atá fuaim DTS ag an gcomhad fuaime nó físeáin ach gan próiseáil fuaime DTS a bheith ag an gCóras Amharclainne Baile. Is féidir leat caoi a chur air sin trí **Formáid Fuaim Amach** na teilifíse a athrú go **Steiréó**.

Brúigh ⚙ le haghaidh **Suiteáil** > **Fuaim** > **Ardsocruithe** > **Formáid Fuaime Amach**.

Níl aon fhuaim ann

Mura bhfuil tú in ann an fhuaim a chloisteáil ón teilifís ar do Chóras Amharclainne Baile, seiceáil ar nasc tú an cábla HDMI le nasc **HDMI ARC** ar an gCóras Amharclainne Baile. Is nasc HDMI ARC gach nasc HDMI ar an teilifís.

4.7

Seinnteoir Diosca Blu-ray

Úsáid cábla **HDMI ardluais** chun an seinnteoir Diosca Blu-ray a nascadh leis an teilifís.



Má tá EasyLink HDMI CEC ag an seinnteoir Diosca Blu-ray, is féidir leat an seinnteoir a oibriú le cianrialtán na teilifíse .

In Cabhair, brúigh an eochair datha — **Eochairfhocail** agus déan

cuardach do **EasyLink HDMI CEC** chun tuilleadh eolais a fháil.

4.8

Seinnteoir DVD

Úsáid an HDMI cábla chun an seinnteoir DVD a nascadh leis an teilifís.
Mar rogha air sin, is féidir leat cábla SCART a úsáid mura bhfuil aon nasc HDMI ag an ngléas.



Má tá an seinnteoir DVD nasctha le HDMI agus má tá EasyLink CEC aige, is féidir leat an seinnteoir a oibriú le cianrialtán na teilifíse.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi EasyLink,
brúigh ▬ **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **EasyLink HDMI CEC**.

4.9

Consól Cluiche

HDMI

Nasc an consól cluiche leis an teilifís le cábla HDMI ardluais chun an caighdeán is fearr a fháil.



YPbPr

Nasc an consól cluiche le cábla físchomhartha comhpháirteanna (Y Pb Pr) agus le cábla fuaim Deas/Clé leis an teilifís



Clé/Deas / Scart Fuaime-Físe

Nasc an consól cluiche leis an teilifís le cábla ilchodach (CVBS) agus le cábla fuaime Deas/Clé leis an teilifís.

Mura bhfuil ach aschur Físeáin (CVBS) agus Fuaime Clé/Deas ag do chonsól cluiche, úsáid cuibheoir Físe Fuaime Clé/Deas go Scart chun nascadh leis an nasc SCART.



4.10

Ceap Stiúrtha

Nasc Ceap Stiúrtha

Chun cluichí ón Idirlíon a sheinnt ar an teilifís seo, is féidir leat raon roghnaithe Ceapa Stiúrtha gan sreang a nascadh. Nuair a nascann tú an Ceap Stiúrtha, is féidir leat é a úsáid láithreach.

Chun Ceap Stiúrtha a nascadh…

1 - Plugáil isteach an nanaghlacadóir beag i gceann amháin de na naisc USB ar thaobh na teilifíse. Tagann an nanaghlacadóir gan sreang leis an gCeap Stiúrtha.
2 - Má tá an Ceap Stiúrtha casta air, is féidir leat an Ceap Stiúrtha a úsáid.

Is féidir leat an dara Ceap Stiúrtha a nascadh sa dara nasc USB ar thaobh na teilifíse.

Is féidir leat an Ceap Stiúrtha a úsáid freisin chun an Pointeoir a rialú.



Ceapa Stiúrtha

Tá tástáil déanta ar raon roghnaithe Ceap Stiúrtha agus tá siad feiliúnach don teilifís seo. D'fhéadfadh Ceapa Stiúrtha eile gan a bheith inoiriúnaithe go hiomlán.

Is iad na Ceapa Stiúrtha atá feiliúnach…

- Logitech F710
- Logitech F510
- Xbox 360 Wireless Controller for Windows
- Speedlink Strike FX Wireless Gamepad

Trioblóid le Trasnaíocht

Chun trasnaíocht fhéideartha le gléasanna gan sreang eile ar an teilifís a réiteach…

- Úsáid a seolán sínidh USB agus bog an nanaghlacadóir thart ar 1 méadar ón teilifís.
- Mar rogha air sin, is féidir leat mol USB a bhfuil cumhacht aige agus atá nasctha leis an teilifís a úsáid agus na nanaghlacadóirí a phlugáil isteach sa mhol USB.

4.11

Diosca Crua USB

A bhfuil de dhíth ort

Má nascann tú Diosca Crua USB, is féidir leat craoladh teilifíse a chur ar sos nó a thaifeadadh. Ní mór don chraoladh teilifíse a bheith ina chraoladh digiteach (craoladh DVB nó a mhacasamhail).

Chun craoladh a chur ar sos

Chun craoladh a chur ar sos, teastaíonn Diosca Crua uait atá comhoiriúnach le USB 2.0 agus a bhfuil ar a laghad 32GB de spás air.

Chun craoladh a thaifeadadh

Chun craoladh a chur ar sos agus a thaifeadadh, teastaíonn diosca a bhfuil ar a laghad 250GB de spás saor air. Má tá uait craoladh a thaifeadadh le sonraí eolaire teilifíse ón Idirlíon, ní mór an nasc Idirlín a bheith suiteáilte ar do theilifís sula suiteálann tú an Diosca Crua USB.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi Diosca Crua USB a shuiteáil, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Diosca Crua USB, suiteáil**.

Suiteáil

Sular féidir leat craoladh a chur ar sos agus a thaifeadadh, ní mór duit Diosca Crua USB a nascadh agus a fhormáidiú. Bainfidh an formáidiú as gach comhad ón Diosca Crua USB.

1 - Nasc an Diosca Crua USB le ceann de na naisc **USB** ar an teilifís. Ná nasc gléas USB eile leis na poirt USB eile nuair atá tú i mbun formáidithe.
2 - Cas air an Diosca Crua USB agus an teilifís.
3 - Nuair atá an teilifís tiúnáilte le cainéal teilifíse digití, brúigh **II** (Cuir ar Sos). Má dhéanann tú iarracht é a chur ar sos, tosóidh an formáidiú.

Lean na treoracha ar an scáileán.

Nuair a bheidh an Diosca Crua USB formáidithe, fág nasctha go buan é.



Rabhadh:

Féach ar liosta na bhFeidhmchlár suiteáilte, seiceáil an méid spáis shaor atá ar fáil chun tuilleadh Feidhmchlar a íoslódáil nó díshuiteáil Feidhmchlár.

Cuntais

Féach ar do chuntais atá ar fáil. Nó cuir cuntas leis an liosta d'Fheidhmchlár atá suiteáilte.

Inrochtaineacht

Socraigh an teilifís dóibh siúd a bhfuil lagú éisteachta nó súl orthu.

Feidhmchlár, cuimhne ar fáil

Roghnaigh an modh iontrála don mhéarchlár.

Socruithe Príobháideachta

Léigh Socruithe Príobháideachta Android.

Eolas Dlíthiúil Android

Léigh Eolas Dlíthiúil Google.

Chun na socruithe Android a shocrú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta** agus cliceáil **Socruithe Android**.
3 - Cliceáil ar an socrú atá uait.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

10.10

Téarmaí Úsáide - Feidhmchláir

Nuair a nasc tú an teilifís leis an Idirlíon, tugadh cuireadh duit aontú leis na Téarmaí Úsáide.

Chun na Feidhmchláir ó Ghaileararaí Feidhmchlár Philips agus Google Play a úsáid, ní mór duit aontú leis na Téarmaí Úsáide. Is féidir leat na Téarmaí Úsáide a oscailt agus iad a léamh arís nó aontú le feidhmiúlacht ar leith cosúil leis an Toiliú le Moltaí Pearsantaithe nó Glasáil Feidhmchlár 18+.

Chun na Téarmaí Úsáide a léamh agus aontú leo…

1 - Brúigh ⌂ **HOME** chun an roghchlár Baile a oscailt.
2 - Cliceáil ▪▬ sa bharra ar barr chun **Feidhmchláir** a oscailt.
3 - Brúigh ⚌ **OPTIONS** agus cliceáil **Téarmaí Úsáide**. Scrollaigh síos chun aontú leis na téarmaí arís.
4 - Ar an gcéad leathanach eile, cliceáil an bosca in aice le feidhmiúlacht ar leith, má theastaíonn sé.
5 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

11

Físeáin ar éileamh

11.1

Maidir le Físeán ar Éileamh

Is féidir leat scannáin a thógáil amach ar cíos ó Shiopa Físeán ar cíos ar líne le **Físeán ar Éileamh** sa roghchlár Baile. Is féidir leat íoc go sábháilte le do chárta creidmheasa. Anuas air sin, is féidir leat ligint do Físeán ar Éileamh roinnt moltaí pearsantaithe scannán a dhéanamh a bheidh bunaithe ar do thír, suiteáil na teilifíse agus ar na cláir a mbíonn tú ag féachaint orthu go rialta.

Chun na moltaí pearsantaithe sin a fháil, ní mór duit aontú leis an **Toiliú le Moltaí Pearsantaithe** sna **Téarmaí Úsáide**. Má tá na Téarmaí Úsáide glactha agat cheana féin, cinntigh gur chuir tú tic sa bhosca Toiliú le Moltaí Pearsantaithe. Is féidir leat sonraí an toilithe a léamh sula n-aontóidh tú leis.

Níl Físeán ar Éileamh ar fáil ach i dtíortha ar leith. Ní thaispeánfar an deilbhín sa bharra ar bharr an roghchláir Baile ach amháin nuair atá Físeán ar Éileamh ar fáil.

Chun aontú leis na Téarmaí Úsáide agus leis an Toiliú le Moltaí Pearsantaithe, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Téarmaí Úsáide, Feidhmchláir**.

11.2

Scannán a thógáil amach ar Cíos

Ar an gcéad leathanach d'Fhíseán ar Éileamh, díreach os cionn an liosta scannán, is féidir leat catagóir a roghnú. Is féidir leat freisin Siopa Físeán ar leith a roghnú má tá níos mó ná ceann amháin acu ar fáil, nó Séanra ar leith a roghnú ó roghchlár.

Chun Siopa Físeán nó Séanra a roghnú…

1 - Cliceáil ar **Gach Siopa** nó **Séanra**.
2 - Cliceáil ar an siopa nó an séanra atá uait.
3 - Mura bhfuil uait aon rud a athrú, brúigh **BACK**.

Chun scannán a thógáil amach ar cíos…

1 - Ainligh os cionn an scannáin leis an bPointeoir chun a theideal a léamh.
2 - Cliceáil ar an deilbhín chun dul go dtí an Siopa Físeán agus chun achoimre an scannáin a léamh.
3 - Deimhnigh d'ordú.
4 - Déan íocaíocht ar líne.
5 - Tosaigh ag féachaint. Is féidir leat na heochracha ▶ (Seinn) agus ❚❚ (Cuir ar sos) a úsáid.

Iarrfaidh formhór na Siopaí Físeán ort cuntas a chruthú chun logáil isteach.

11.3

Sruthú

Is féidir leat féachaint ar fhíseáin a seoltar i bhformáid físe sruthaithe leis an teilifís seo. Is féidir leat féachaint ar an scannán beagnach go comhuaineach. D'fhéadfadh Diosca Crua USB a bheith ag teastáil chun roinnt maolán físe a stóráil. Má tá Diosca Crua USB nasctha, is féidir leat freisin físeáin ar cíos a íoslódáil ó shiopaí físeán a thairgeann íoslódáil scannán amháin. Téigh i gcomhairle leis an siopa físeán maidir le téarmaí agus coinníollacha.

Trácht Idirlín

Má shruthaíonn nó má íoslódálann tú go leor físeán, d'fhéadfá dul thar do theorainn tráchta Idirlín mhíosúil.

12

Teilifís Athdheise

12.1

Maidir le Teilifís ar Éileamh

Is féidir leat féachaint ar chláir teilifíse atá caillte agat nó féachaint ar na cláir is ansa leat ag an am is fearr a fheileann duit le **Teilifís ar Éileamh** sa roghchlár Baile.

Anuas air sin, is féidir leat ligint do Theilifís ar Éileamh roinnt moltaí pearsantaithe clár a dhéanamh, bunaithe ar shuiteáil na teilifíse agus ar na cláir a mbíonn tú ag féachaint orthu go rialta.

Chun na moltaí pearsantaithe sin a fháil, ní mór duit aontú leis an **Toiliú le Moltaí Pearsantaithe** sna **Téarmaí Úsáide**. Má tá na Téarmaí Úsáide glactha agat cheana féin, cinntigh gur chuir tú tic sa bhosca Toiliú le Moltaí Pearsantaithe. Is féidir leat sonraí an toilithe a léamh sula n-aontóidh tú leis.

Níl Físeán ar Éileamh ar fáil ach i dtíortha ar leith. Ní thaispeánfar an deilbhín , sa bharra ar bharr an roghchláir Baile ach amháin nuair atá Físeán ar Éileamh ar fáil.

Chun aontú leis na Téarmaí Úsáide agus leis an Toiliú le Moltaí Pearsantaithe, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Téarmaí Úsáide, Feidhmchláir**.

12.2

Déan Iarratas ar Chlár

Ar an gcéad leathanach de Theilifís ar Éileamh, díreach os cionn an liosta clár, is féidir leat catagóir a roghnú. Is féidir leat freisin craoltóir ar leith a roghnú má tá níos mó ná ceann amháin acu ar fáil, liosta de na cláir is ansa leat a roghnú nó lá ar leith a roghnú.

Chun Craoltóir a roghnú…

1 - Cliceáil ar Chraoltóir.
2 - Cliceáil ar an gcraoltóir atá uait.
3 - Mura bhfuil uait aon rud a athrú, brúigh ⮌ **BACK**.

Chun iarratas a dhéanamh ar chlár…

1 - Ainligh os cionn an chláir leis an bPointeoir chun a theideal a léamh.
2 - Cliceáil ar an deilbhín chun dul go dtí seirbhís Theilifís ar Éileamh an chraoltóra agus léigh an t-eolas faoin gclár.
3 - Deimhnigh d'iarratas.
4 - Déan an íocaíocht ar líne más gá.
5 - Tosaigh ag féachaint. Is féidir leat na heochracha ▶ (Seinn) agus ❚❚ (Cuir ar sos) a úsáid.

13

Cainéil

13.1

Ag féachaint ar Chainéil

Cainéil a Athrú

Chun tosú ag féachaint ar chainéil teilifíse, brúigh TV. Tiúinfidh an teilfís go dtí an cainéal teilifíse ar fhéach tú go deireanach air.

Cainéil a Athrú

Chun cainéil a athrú, brúigh + nó -.
Má tá uimhir an chainéil ar eolas agat, clóscríobh an uimhir leis na heochracha uimhreach. Brúigh OK tar éis an uimhir a chur isteach chun athrú láithreach.

Grúpa cainéal

Nuair a bhrúnn tú ceann de na heochracha arís agus arís eile, is féidir leat zaipeáil trí na cainéil go sciobtha ón ngrúpa atá roghnaithe sa Liosta Cainéal faoi láthair.

Anois agus ar ball

Agus tú ag féachaint ar cainéal teilifíse, is féidir leat scrolláil go tapaidh trí na cainéil eile chun seiceáil céard atá orthu.
Brúigh ▲ (suas) nó ▼ (síos) chun liosta scrollála cainéal a oscailt.
Má tá an t-eolas ar fáil ón Idirlíon, taispeánann an teilifís ainm agus sonraí an chláir reatha agus ansin ainm agus sonraí an chéad chlár eile.

Cainéil roimhe sin

Chun athrú ar ais go dtí an cainéal a bhí tiúináilte cheana féin, brúigh .

Is féidir leat cainéil a athrú freisin ón **Liosta Cainéal**.

Liosta Cainéal

Maidir leis an Liosta Cainéal

Is féidir leat gach cainéal (Aeróg, Cábla agus Satailít) agus stáisiún raidió atá suiteáilte ar an teilifís a aimsiú sa Liosta Cainéal. Má tá an teilifís nasctha leis an Idirlíon agus má tá an t-eolas ar fáil, taispeántar cainéil lena n-ainm agus lógó nó a n-ainm agus an clár atá ar taispeáint faoi láthair.

Is féidir leat cainéil a mharcáil mar chainéil ceanáin nó cainéil a ghlasáil má cheapann tú nach bhfuil siad feiliúnach do leanaí. Marcáltar na trí chainéal a bhféachann tú orthu is minice le líne thanaí timpeall an ainm agus an lógó.

Is féidir leat an grúpa cainéal atá suiteáilte do gach tiúnóir ionsuite, an tiúnóir d'Aeróg, Cábla nó Satailít* a roghnú sa Liosta Cainéal. Is féidir leat an grúpa seo a scagadh tuilleadh chun féachaint ar gach cainéal nó díreach na cainéil is ansa leat. Is féidir leat stáisiúin raidió nó cainéil teilifíse a scagadh, nó cainéil dhigiteacha nó analógacha.

Déantar an Liosta Cainéal a nuashonrú go huathoibríoch tar éis Nuashonrú Cainéal Uathoibríoch. Marcáltar cainéil nua le deilbhín.

Deilbhíní cainéal

- Cainéal ceanáin
- Cainéal glasáilte
- Cainéal nua
- Cainéal scrofa

Stáisiúin Raidió

Má tá craolachán digiteach ar fáil, suiteáltar stáisiúin raidió dhigiteacha le linn suiteála. Athraigh go cainéal raidió díreach ar an gcaoi chéanna is a athraíonn tú go cainéal teilifíse. Is iondúil go lonaíonn suiteáil cainéal cábla (DVB-C) stáisiúin raidió ó uimhir cainéil 1001 ar aghaidh.

* Má tá tiúnóir satailíte ionsuite ag do theilifís. Seiceáil an bhfuil **Suiteáil Satailíte** ar fáil sa roghchlár Suiteáil.

Oscail an Liosta Cainéal

Chun an **Liosta Cainéal** a oscailt, brúigh LIST chun féachaint ar an liosta i scáileán iomlán.

Mar rogha air sin, is féidir leat an Liosta Cainéal a oscailt ón roghchlár Baile.
Brúigh agus cliceáil **Cainéil** ag an mbarr.

Cuirtear na cainéil i láthair lena n-ainm agus a lógó.
Chun féachaint ar na cláir reatha, brúigh INFO.
Chun dul siar go dtí ainmneacha na gcainéal, brúigh INFO arís.

Chun athrú go cainéal ón Liosta Cainéal, díreach cliceáil an cainéal leis an bPointeoir nó úsáid na heochracha saighde chun an cainéal a roghnú agus brúigh **OK**.

Grúpaí Cainéal

Sa Liosta Cainéal, is féidir leat grúpa cainéal ar leith a roghnú.

Roghnaigh na cainéil ón tiúnóir Aeróige, Cábla nó Satailít. Is féidir leat freisin díreach na cainéil is ansa leat a roghnú ón tiúnóir Aeróige/Cábla nó an tiúnóir Satailíte. Anuas air sin, is féidir leat díreach na cainéil dhigiteacha a roghnú nó díreach na stáisiúin raidió ón tiúnóir roghnaithe. Déanann an grúpa cainéal a roghnaíonn tú sa Liosta Cainéal sainmhíniú ar na cainéil a zaipeálann tú tríothu nuair a bhrúnn tú + -

A thúisce is a roghnaíonn tú cainéal ón ngrúpa atá roghnaithe faoi láthair, athróidh an teilifís ar ais go dtí grúpa Cainéil an tiúnóra atá roghnaithe.

1 - Agus tú ag féachaint ar chainéal teilifíse, brúigh LIST chun

an Liosta Cainéal a oscailt i scáileán iomlán.
2 - Cliceáil ar cheann de na tábanna grúpa os cionn liosta na gcainéal. Ní thaispeánfaidh an liosta ach cainéil an ghrúpa a roghnaigh tú. Is féidir le roinnt grúpaí a bheith folamh.

Cainéil Cheanáin

Is féidir leat grúpa de na cainéil is ansa leat a chruthú.

I gcás gach tiúnóra, Aeróg, Cábla nó Satailít*, is féidir leat cainéil a mharcáil mar chainéil ceanáin. Nuair atá an táb **Ceanáin** roghnaithe sa Liosta Cainéal, ní thaispeánfar ach na cainéil ceanáin nuair a zaipeálann tú trí na cainéil. Beidh gach cainéal eile i bhfolach.

Cruthaigh grúpa ceanán…

1 - Agus tú ag féachaint ar chainéal teilifíse, brúigh ☰ **LIST**chun an Liosta Cainéal a oscailt.
2 - Cliceáil **Aeróg**, **Cábla** nó tiúnóir **Satailíte***.
3 - Cliceáil ar an táb **Cainéil** chun féachaint ar gach cainéal atá suiteáilte don tiúnóir atá roghnaithe.
4 - Brúigh an eochair datha ▬ **Cuir Eagar ar Cheanáin**

5 - Cliceáil leis an bPointeoir ar gach cainéal ar mian leat é a mharcáil mar cheanán. Chun cainéal a dhímharcáil, cliceáil ar an gcainéal arís. Má úsáideann tú na heochracha saighde chun nascleanúint, roghnaigh an cainéal agus brúigh **OK**.
6 - Brúigh ▬ **Dún** chun deireadh a chur le marcáil ceanán.

Chun raon iomlán cainéal a mharcáil ag aon am amháin, brúigh ▬ **Cuir Eagar ar Cheanáin** agus brúigh ▬ **Roghnaigh Raon**. Cliceáil cainéal agus ansin cliceáil an cainéal deireanach den ró cainéal a bhfuil uait iad a mharcáil mar cheanáin.
Chun gach cainéal a roghnú, brúigh ▬ **Roghnaigh Gach Ceann**.

Déantar na cainéil i **gCeanáin** a athuimhriú.

* Má tá tiúnóir satailíte ionsuite ag do theilifís. Seiceáil an bhfuil **Suiteáil Satailíte** ar fáil sa roghchlár Suiteáil.

Cainéal a Athainmniú

Is féidir leat cainéal a athainmniú.

Chun cainéal a athainmniú…

1 - Agus tú ag féachaint ar chainéal teilifíse, brúigh ☰ **LIST**chun an Liosta Cainéal a oscailt.
2 - Cuir an Pointeoir ar bharr an chainéil agus ardaigh d'ordóg.
3 - Brúigh ⚌ **OPTIONS**.
4 - Cuir d'ordóg ar ais ar an eochair **OK** agus cliceáil **Athainmnigh**.
5 - Cuir isteach an t-ainm nua le Méarchlár an Chianrialtáin.
6 - Brúigh **OK** chun an réimse téacs a dhúnadh.
7 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile más gá, chun féachaint ar theilifís.

Níl ar fáil d'athainmniú ach carachtair Rómhánacha.

Cainéal a Bhogadh

Is féidir leat cainéal sa liosta ceanán a bhogadh – a athlonnú.

Chun cainéal a bhogadh…

1 - Agus tú ag féachaint ar chainéal teilifíse, brúigh ☰ **LIST**chun an Liosta Cainéal a oscailt.
2 - Cliceáil Ceanáin.
3 - Brúigh an eochair datha ▬ **Bog**.
4 - Lonnaigh an Pointeoir ar bharr an chainéil a bhfuil uait é a bhogadh agus cliceáil agus tarraing go dtí a shuíomh nua é. Má theastaíonn uait an cainéal a bhogadh go dtí an chéad leathanach eile cainéal, nó an leathanach roimhe sin, tarraing an cainéal go dtí imeall an leathanaigh ag an mbarr nó ag an mbun. Taispeánfar an leathanach roimhe sin nó an chéad leathanach eile. Tabharfaidh saighead an suíomh nua le fios.
5 - Scaoil leis an eochair **OK** chun an cainéal a fhágáil ina shuíomh nua.
6 - Is féidir leat cainéal eile a roghnú chun bogadh.
7 - Brúigh ▬ **Dún** nuair atá tú réidh ag bogadh cainéal.
8 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile más gá, chun féachaint ar theilifís.

Mura bhfuil uait ach cainéal amháin a bhogadh, is féidir leat cliceáil ar an bPointeoir agus é a choinneáil síos ar an gcainéal ar feadh roinnt soicind. A thúisce is a fheiceann tú an cainéal ar snámh ar bharr an Liosta Cainéal, is féidir leat an cainéal a bhogadh agus a fhágáil ina shuíomh nua.

Leis na heochracha saighde

Má úsáideann tú na heochracha saighde chun nascleanúint, roghnaigh an cainéal a bhfuil uait é a bhogadh agus úsáid na heochracha saighde chun é a bhogadh go dtí a shuíomh nua. Is féidir leat freisin an suíomh nua a roghnú leis na heochracha uimhreach ar an gcianrialtán. Brúigh **OK** chun suíomh nua an chainéil a dhearbhú.

Cainéal a Ghlasáil

Is féidir leat cainéal a ghlasáil.

Chun leanaí a chosc ó fhéachaint ar chainéal, is féidir leat cainéal a ghlasáil. Chun féachaint ar chainéal atá glasáilte, ní mór duit an Cód Glais Leanaí a chur isteach ar dtús. Ní féidir leat cláir a ghlasáil ó ghléasanna nasctha.

Chun cainéal a ghlasáil…

1 - Agus tú ag féachaint ar chainéal teilifíse, brúigh ☰ **LIST** chun an Liosta Cainéal a oscailt.
2 - In aon ghrúpa, lonnaigh an Pointeoir ar an gcainéal a bhfuil uait é a ghlasáil agus ardaigh d'ordóg.
3 - Brúigh ⚌ **OPTIONS** agus cliceáil **Glasáil Cainéal**. Marcáltar cainéal glasáilte le glas 🔒.

Chun cainéal a dhíghlasáil, roghnaigh an cainéal glasáilte agus roghnaigh **Díghlasáil cainéal**. Ní mór duit an Cód glais leanaí a chur isteach chun díghlasáil.

Rátáil Aoise

Is féidir leat rátáil aoise a shocrú chun leanaí a stopadh ó bheith ag féachaint ar chlár nach bhfuil feiliúnach dá n-aois.

Is féidir le cláir ar chainéil dhigiteacha a bheith rátáilte de réir aoise. Nuair atá rátáil aoise cláir cothrom le nó níos airde ná an aois atá socraithe agat mar rátáil aoise do do leanbh, beidh an clár glasáilte. Ní mór duit an Cód Glais Leanaí a chur isteach ar dtús chun féachaint ar chlár atá glasáilte.

Chun rátáil aoise a shocrú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (Clé) **Suiteáil**.
2 - Roghnaigh **Socruithe ginearálta** > **Glas Leanaí** > **Rátáil Tuismitheora**.
3 - Cuir isteach Cód glais leanaí a bhfuil 4 digit ann. Mura bhfuil cód socraithe agat fós, cliceáil **Socraigh cód** in **Glas Leanaí**. Cuir isteach Cód glais leanaí a bhfuil 4 digit ann agus dearbhaigh. Anois is féidir leat rátáil aoise a shocrú.
4 - I **Rátáil Tuisimitheora**, cliceáil ar an aois agus brúigh **OK**.
5 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Roghnaigh **Gan aon cheann**. Mar sin féin, ní mór duit rátáil aoise a shocrú i roinnt tíortha.

Ní ghlasálann an teilifís ach cláir a bhfuil rátáil níos airde acu i gcás roinnt craoltóirí/oibritheoirí. Socraítear an rátáil aoise tuismitheora do gach cainéal.

Cainéil Nua

Stóráltar cainéil nua sa Liosta Cainéal agus marcáltar le ✸ (réalta) iad.

D'fhéadfadh sé tarlú go dtaispeánfar Cainéal Nua i ngrúpa go huathoibríoch tar éis nuashonrú cainéal uathoibríoch. Is féidir leat cainéal nua a ghlasáil, a athainmniú nó ceanán a dhéanamh as láithreach. A thúisce is a dtiúnann tú go cainéal nua, baintear an cainéal as an ngrúpa Cainéil Nua.

Chun an grúpa Cainéil Nua a oscailt, brúigh ☰ **OPTIONS** agus cliceáil **Taispeáin Cainéil Nua**.

Brúigh an eochair datha ▬ **Cuir Eagar ar Cheanáin** chun Cainéal Ceanáin a dhéanamh.

Chun glasáil, díghlasáil nó athainmniú, brúigh ☰ **OPTIONS**.

Chun an grúpa Cainéil Nua a dhúnadh, brúigh ▬ **Dún**.

Déan Cuardach d'Ainm Cainéil

Is féidir leat cuardach a dhéanamh d'ainm cainéil sa Liosta Cainéal.

Déanann tú cuardach do chainéal laistigh de ghrúpa roghnaithe cainéal. Is féidir leat cuid d'ainm an chainéil a chur isteach nó an t-ainm iomlán. Ní dhéanann an réimse cuardaigh idirdhealú i gcás ceannlitreacha agus diaicriticí.

Chun cuardach a dhéanamh do chainéal…

1 - Agus tú ag féachaint ar chainéal teilifíse, brúigh ☰ **LIST** chun an Liosta Cainéal a oscailt.
2 - Brúigh ☰ **OPTIONS** in aon ghrúpa agus cliceáil **Déan Cuardach do Chainéal**.
3 - Úsáid Méarchlár an Chianrialtáin chun an téacs a chur isteach agus cliceáil **Cuardaigh**.
4 - Taispeánfaidh an teilifís na cainéil a aimsíodh.
5 - Chun cuardach eile a dhéanamh, brúigh an eochair datha ▬ **Cuardaigh Arís**.

Roghanna Cainéal

Roghanna Oscailte

Agus tú ag féachaint ar chainéal, is féidir leat roinnt roghanna a shocrú.

Ag brath ar an gcineál cainéil a bhfuil tú ag féachaint air (analóg nó digiteach) nó ag brath ar na socruithe teilifíse atá déanta agat, tá roinnt roghanna ar fáil.

Oscail an roghchlár roghanna

Agus tú ag féachaint ar chainéal, brúigh ☰ **OPTIONS**.

Roghnú Físeáin

Tá cainéil teilifíse dhigiteacha in ann comharthaí ilfhíse (craoltaí ilfhotha) a thairiscint, uillinneacha ceamara éagsúla a thabhairt den eachtra chéanna nó cláir éagsúla a thaispeáint ar aon chainéal teilifíse amháin. Taipseánann an teilfís teachtaireacht má tá a leithéid de chainéil teilifíse ar fáil.

Dual I-II

Má tá dhá theanga fuaime ag comhartha fuaime, ach níl aon tásc teanga ag teanga amháin — nó ag an dá theanga, beidh an rogha seo ar fáil.

Common Interface

Má tá scothábhar réamhíoctha ar fáil ó CAM, is féidir leat socraithe an tsoláthróra a shocrú leis an rogha seo.

Eolas Cainéil

Roghnaigh **Eolas Cainéil** chun féachaint ar eolas teicniúil faoin gcainéal (más analóg nó digiteach é) nó faoin ngléas nasctha a bhfuil tú ag féachaint air.

Monafónach/Steiréó

Chun an fhuaim a athrú go monafónach nó go steiréó roghnaigh **Mono/Steiréó**.

Roghanna Eile

Inrochtaineacht

Nuair atá Inrochtaineacht casta air, déantar an teilifís a ullmhú dóibh siúd atá bodhar, a bhfuil lagú éisteachta orthu, dall nó a bhfuil lágú amhairc orthu.
Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Inrochtaineacht**.

Fotheidil

Cas **Fotheidil air** nó **Fotheidil as** leis an rogha seo. Roghnaigh **Air i rith balbhaithe** chun fotheidil a thaispeáint díreach nuair atá an fhuaim balbhaithe le .

Teanga fotheideal

I gcás craolta digitigh, is féidir leat teanga fotheideal atá ar fáil a roghnú ar bhonn sealadach mura bhfuil aon cheann de na teangacha ab fhearr leat ar fáil.
Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Fotheidil**.

Teangacha fuaime

I gcás craolta digitigh, is féidir leat teanga fuaime a roghnú ar bhonn sealadach mura bhfuil aon cheann de na teangacha ab fhearr leat ar fáil.
Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Teangacha fuaime**.

Hbb TV ar an gcainéal seo

Is féidir leat leathanaigh HbbTV ó chainéal a bhfuil HbbTV air a bhlocáil.
Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **HbbTV**.

Feidhmchláir MHP

Cumasaigh nó díchumasaigh na feidhmchláir MHP.
Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **MHP**.

Formáid Phictiúir

Bunúsach

Mura bhfuil an pictiúr ag líonadh an scáileáin ar fad, má tá barraí dubha ar taispeáint ag barr nó ag bun an scáileáin nó ar an dá thaobh, is féidir leat an pictiúr a athrú chun an scáileán a líonadh ar fad.

Chun ceann de na bunsocruithe a roghnú chun an scáileán a líonadh…

1 - Brúigh (Formáid Pictiúir).
2 - Cliceáil **Líon Scáileán** nó **Cuir in Oiriúint don Scáileán**.
3 - Brúigh **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.
• **Líon Scáileán** – méadaíonn sé an pictiúr go huathoibríoch chun an scáileán a líonadh. Is beag díchumadh pictiúir atá ann agus bíonn na fotheidil le feiceáil i gcónaí. Níl sé feiliúnach d'ionchur ó ríomhaire. Tá roinnt formáidí pictiúr foircneacha in ann barraí dubha a thaispeáint i gcónaí.
• **Cuir in Oiriúint don Scáileán** – zúmálann sé an pictiúr isteach go huathoibríoch chun an scáileán a líonadh gan díchumadh. D'fhéadfadh barraí dubha a bheith le feiceáil. Níl sé feiliúnach d'ionchur ó ríomhaire.

Ardsocruithe

Mura bhfuil an dá bhunsocrú in ann an pictiúr a fhormáidiú ar an gcaoi atá uait, is féidir leat na hardsocruithe a úsáid. Athraíonn tú formáid do phictiúir de láimh ar do scáileán leis na hardsocruithe.

Is féidir leat an pictiúr a zúmáil, a shíneadh agus a aistriú go dtí go dtaispeánann sé a bhfuil uait – e.g. fotheidil ar iarraidh nó meirgí téacs scrollála. Má dhéanann tú an pictiúr a fhormáidiú le haghaidh Foinse ar leith – cosúil le consól cluiche nasctha – is féidir leat filleadh ar an socrú seo an chéad uair eile a úsáideann tú an consól cluiche. Stórálann an teilifís an socrú deireanach a rinne tú do gach nasc.

Chun an pictiúr a fhormáidiú de láimh…

1 - Brúigh (Formáid Pictiúir).
2 - Brúigh **Ardsocruithe**, má osclaíonn na socruithe **Bunúsacha** ar dtús.
3 - Úsáid **Aistriú**, **Zúmáil** nó **Sín** chun an pictiúr a athrú. Mar rogha air sin, cliceáil **Socrú Deireanach** chun athrú go dtí an fhormáid a stóráil tú roimhe sin. Cliceáil **Cealaigh** chun filleadh go dtí an socrú pictiúir a bhí ann nuair a d'oscail tú **Formáid Pictiúir**.
4 - Stórálann an teilifís do chuid socruithe mar Shocruithe Deireanacha nuair a bhrúnn tú **Bunúsach** nó **Siar** chun an roghchlár a dhúnadh.
• **Aistriú** – Cliceáil ar na saigheada chun an pictiúr a aistriú. Ní féidir leat an pictiúr a aistriú ach amháin nuair atá sé zúmáilte isteach.
• **Zúmáil** – Cliceáil ar na saigheada chun zúmáil isteach.
• **Sín** – Cliceáil ar na saigheada chun an pictiúr a shíneadh go hingearach nó go cothrománach.
• **Socrú Deireanach** – Cliceáil chun filleadh ar an socrú deireanach a rinne tú don nasc (foinse) seo.
• **Cealaigh** – Cliceáil chun filleadh go dtí an fhormáid pictiúir ar thosaigh tú léi.
• **Bunaidh** – Taispeánann sé formáid bhunaidh an phictiúir atá ag teacht isteach. Is formáid 1:1 picsil ar phicsil í seo. Is mód saineolaíoch é seo d'ionchur HD agus PC.

Téacs / Teilithéacs

Leathanaigh Téacs

Chun Téacs/Teilitéacs a oscailt agus tú ag féachaint ar chainéil teilifíse, brúigh **TEXT**.
Chun téacs a dhúnadh, brúigh **TEXT** arís.

Roghnaigh leathanach téacs

Chun leathanach a roghnú... . .

1 - Cuir isteach uimhir an leathanaigh leis na heochracha uimhreacha.
2 - Úsáid na heochracha saighde chun nascleanúint.
3 - Brúigh eochair datha chun ábhar atá dathchódaithe a roghnú ag bun an scáileáin.

Foleathanaigh téacs

Tá roinnt foleathanach in ann a bheith ag leathanach téacs. Taispeántar uimhreacha na bhfoleathanach ar bharra in aice le huimhir an phríomhleathanaigh.
Chun fo-leathanach a roghnú, brúigh ◀ nó ▶.

T.O.P. Leathanaigh téacs

Tairgeann roinnt craoltóirí Téacs T.O.P. a oscailt.
Chun Téacs T.O.P. Leathanaigh Téacs laistigh de Théacs, brúigh **OPTIONS** agus roghnaigh **T.O.P. Forbhreathnú**.

Leathanaigh ceanán

Déanann an teilifís liosta den 10 leathanach Téacs deireanacha a d'oscail tú. Is féidir leat iad a athoscailt sa cholún Leathanaigh Téacs Ceanán.

1 - In Téacs, roghnaigh an réalta ar bharr an scáileáin ar thaobh na láimhe clé chun colún na leathanach ceanán a thaispeáint.
2 - Brúigh ▼ (síos) nó ▲ (suas) chun uimhir leathanaigh a roghnú agus brúigh**OK** chun an leathanach a oscailt.
Is féidir leat an liosta a ghlanadh leis an rogha **Glan leathanaigh ceanán**.

Téacs a chuardach

Is féidir leat focal a roghnú agus Téacs a scanadh le haghaidh gach ásc den fhocal sin.

1 - Oscail leathanach Téacs agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh focal nó uimhir leis na méaracha saighde.
3 - Brúigh **OK** arís chun dul díreach go dtí an chéad ásc eile den fhocal nó den uimhir sin.
4 - Brúigh **OK** arís chun dul go dtí an chéad ásc eile.
5 - Chun an cuardach a stopadh, brúigh ▲ (suas) go dtí nach bhfuil aon rud roghnaithe.

Téacs ó ghléas nasctha

Tá roinnt gléasanna a fhaigheann cainéil teilifíse in ann Téacs a thairgeadh freisin.
Chun Téacs a oscailt ó ghléas nasctha . . .

1 - Brúigh **SOURCES** roghnaigh an gléas agus brúigh **OK**.
2 - Agus tú ag féachaint ar chainéal ar an ngléas, brúigh **OPTIONS**, roghnaigh **Taispeáin eochracha an ghléis** agus roghnaigh an eochair agus brúigh**OK**.
3 - Brúigh **BACK** chun na heochracha gléis a chur i bhfolach.
4 - Chun Téacs a dhúnadh, brúigh **BACK** arís.

Téacs (Ríocht Aontaithe amháin)

Tairgeann roinnt craoltóirí teilifíse digití Téacs Digiteach nó teilifís idirghníomhach ar a gcainéil dhigiteacha teilifíse. Áirítear leis seo gnáth-Théacs a úsáidtear leis na heochracha uimhreacha, dathanna agus nascleanúna chun roghanna a dhéanamh agus chun bogadh.

Chun Téacs Digiteach a dhúnadh, brúigh **BACK**.

Roghanna Téacs

Brúigh **OPTIONS** in Téacs/Teilitéacs chun na rudaí seo a leanas a roghnú…

• **Reoigh leathanach**
Chun rothlú uathoibríoch fo-leathanach a stopadh.
• **Déscáileán / Scáileán iomlán**
Chun an cainéal teilifíse agus Téacs a thaispeáint in aice a chéile.
• **T.O.P. Forbhreathnú**
Chun Téacs T.O.P. a oscailt.
• **Méadaigh**
Chun an leathanach Téacs a mhéadú le go mbeidh sé éasca é a léamh.
• **Nocht**
Chun eolas atá i bhfolach ar an leathanach a thaispeáint.
• **Timthriall foleathanach**
Chun fo-leathanaigh a thimthriall nuair atá siad ar fáil.
• **Teanga**
Chun an grúpa carachtar a mbaineann Téacs úsáid astu chun taispeáint i gceart a athrú.
• **Téacs 2.5**
Chun Téacs 2.5 a ghníomhachtú le haghaidh tuilleadh dathanna agus grafaicí níos fearr.

Téacs a Shuiteáil

Teanga théacs

Bíonn roinnt teangacha Téacs ar fáil ag roinnt craoltóirí teilifíse digití.
Chun an phríomhtheanga agus an teanga thánaisteach Téacs a shocrú . . .

1 - Brúigh agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta** > **Teangacha** agus cliceáil **Téacs Príomhúil** nó **Téacs Tánaisteach**.
3 - Cliceáil na teangacha Téacs is fearr leat.
4 - Brúigh **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Téacs 2.5

Má tá sé ar fáil, tairgeann Text 2.5 níos mó dathanna agus grafaicí níos fearr. Gníomhachtaítear Text 2.5 mar shocrú caighdeánach monarchan.

Chun Téacs 2.5 a chasadh as…

1 - Brúigh **TEXT**.
2 - Nuair atá Téacs/Teilitéacs oscailte ar an scáileán, brúigh **OPTIONS**.
3 - Cliceáil **Téacs 2.5** > **As**.
4 - Brúigh **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Fotheidil agus Teangacha

Fotheidil

Cas As

Chun Fotheidil a chasadh air, brúigh **SUBTITLE**.

Is féidir leat fotheidil a chasadh **Air**, **As** nó **Air i rith Balbhaithe**. Nó chun fotheidil a thaispeáint go huathoibríoch nuair nach bhfuil an clár atá á chraoladh i dteanga na tíre – an teanga atá socraithe don teilifís – roghnaigh **Uathoibríoch**. Taispeánfaidh an socrú seo freisin Fotheidil go huathoibríoch nuair a bhalbhaíonn tú an fhuaim.

Socruithe Teanga

Is féidir le cainéil dhigiteacha roinnt teangacha fotheideal a thairiscint do chlár. Is féidir leat príomhtheanga fotheideal agus teanga thánaisteach a shocrú d'fhotheidil. Má tá fotheidil ar fáil i gceann de na teangacha sin, taispeánfaidh an teilifís iad.

Mura bhfuil aon cheann de na teangacha fotheideal is fearr leat ar fáil, is féidir leat teanga fotheideal eile atá ar fáil a roghnú.

Chun an phríomhtheanga agus teanga thánaisteach fhotheideal a shocrú…

1 - Brúigh agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta** agus cliceáil **Teangacha** > **Fotheidil Phríomhúla** nó **Fotheidil Thánaisteacha**.
3 - Cliceáil ar an teanga atá uait.
4 - Brúigh **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Chun príomhtheanga fotheideal a roghnú nuair nach bhfuil aon cheann de na teangacha atá uait ar fáil…

1 - Brúigh **OPTIONS**.
2 - Cliceáil **Teanga Fotheideal** agus cliceáil ar an teanga atá uait ar bhonn sealadach.

Fotheidil ó Théacs

Má thiúnann tú do chainéal analógach, ní mór duit na fotheidil a chur ar fáil de láimh do gach cainéal.

1 - Athraigh go dtí cainéal agus brúigh **TEXT** chun Téacs a oscailt.
2 - Cuir isteach uimhir an leathanaigh a bhfuil na fotheidil orthu, **888** go hiondúil.
3 - Brúigh **TEXT** arís chun Téacs a dhúnadh.

Má roghnaíonn tú **Air** i roghchlár na bhFotheideal nuair atá tú ag féachaint ar chainéal analógach, taispeánfar fotheidil má tá siad ar fáil.

Chun fáil amach an cainéal analógach nó digiteach atá ann, athraigh go dtí an cainéal agus oscail**Eolas Cainéil** sa roghchlár **Roghanna**.

Teangacha Fuaime

Socruithe Teanga

Is féidir le cainéil dhigiteacha teilifíse fuaim a chraoladh i gcás roinnt teangacha labhartha do chlár. Is féidir leat an phríomhtheanga fuaime agus an teanga thánaisteach fuaime is fearr leat a shocrú. Má tá fuaim ar fáil i gceann de na teangacha sin, athróidh an teilifís go dtí an fhuaim sin.

Mura bhfuil aon cheann de na teangacha fuaime is fearr leat ar fáil, is féidir leat teanga fuaime eile atá ar fáil a roghnú.

Chun an phríomhtheanga agus an teanga thánaisteach fuaime a shocrú…

1 - Brúigh agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta** agus cliceáil **Teangacha** > **Príomhfhuaim** nó **Fuaim Thánaisteach**.
3 - Cliceáil ar an teanga atá uait.
4 - Brúigh **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Chun teanga fuaime a roghnú nuair nach bhfuil aon cheann de na teangacha fuaime is fearr leat ar fáil.

1 - Brúigh **OPTIONS**.
2 - Cliceáil **Teanga Fuaime** agus cliceáil ar an teanga fuaime atá uait ar bhonn sealadach.

Teanga, bunaidh

Má tá teanga bhunaidh cláir nó scannáin ag an gcainéal digiteach, is féidir leat an teilifís a shocrú go huathoibríoch chun go n-athródh sé go dtí an teanga fuaime sin.

Chun athrú go dtí an teanga bhunaidh go huathoibríoch …

1 - Brúigh agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta** agus cliceáil **Teangacha** > Teanga Bhunaidh.
3 - Cliceáil **Air** chun féachaint ar scannán dubáilte ina theanga bhunaidh.
4 - Brúigh **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Teanga teilifíse

Chun teanga na roghchlár agus teachtaireachtaí teilifíse a athrú…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Socruithe ginearálta** agus cliceáil **Teanga** > **Teanga roghchláir**.
3 - Cliceáil ar an teanga atá uait.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Teilifís Idirghníomhach

Maidir le iTV

Cuireann roinnt craoltóirí digiteacha a ngnáthchlár teilifíse isteach le leathanaigh eolais nó siamsaíochta i gcás teilifíse idirghníomhaí. Ar roinnt leathanach, is féidir leat freagra a thabhairt do chlár nó vótáil, siopadóireacht ar líne a dhéanamh nó íoc as físeán-ar-éileamh.

HbbTV, MHEG, . . .

Baineann craoltóirí úsáid as córais idirghníomhacha éagsúla : HbbTV (Teilifís Leathanbhnda Craolta Hibridigh) nó iTV (Teilifís Idirghníomhach - MHEG). Tagraítear do Theilifís Idirghníomhach ó am go chéile mar Théacs Digiteach nó cnaipe Dearg. Ach is córas ar leith gach córas.

Téigh go dtí láithreán gréasáin an chraoltóra chun tuilleadh eolais a fháil.

A bhfuil de dhíth ort

Ní féidir teilifís Idirghníomhach a fháil ach ar chainéil teilifíse digití. Chun leas a bhaint as na tairbhí iomlána a bhaineann le teilifís Idirghníomhach, teastaíonn nasc ardluais (leathanbhanda) Idirlín don teilifís.

HbbTV

Má thairgeann cainéal teilifíse leathanaigh HbbTV, ní mór duit HbbTV a chasadh air ar dtús i socruithe na teilifíse chun féachaint ar na leathanaigh.

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Socruithe teilifíse** agus cliceáil **HbbTV**.
3 - Cliceáil **Air**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Má tá uait rochtain ar leathanaigh HbbTV a sheachaint ar chainéal ar leith, is féidir leat na leathanaigh HbbTV a bhlocáil don chainéal sin amháin.

1 - Tiúin go dtí an cainéal a bhfuil uait na leathanaigh HbbTV a bhlocáil.
2 - Brúigh ☰ **OPTIONS** agus cliceáil **HbbTV ar an gCainéal Seo**.
3 - Cliceáil **As**.

Úsáid iTV

Oscail leathanaigh iTV

Tugann an chuid is mó de na cainéil a thairgeann HbbTV nó iTV cuireadh duit an eochair datha ▬ (dearg) a bhrú nó an eochair **OK** chun a gclár idirghníomhach a oscailt.

Gluaiseacht ar leathanaigh iTV

Is féidir leat na heochracha saighde agus dathanna, na heochracha uimhreach agus an eochair ⮌ **BACK** a úsáid chun na leathanaigh iTV a nascleanúint.
Is féidir leat na heochracha ▶ (Seinn), ❚❚ (Cuir ar sos) agus ■ (Stop) a úsáid chun féachaint ar fhíseáin laistigh de leathanaigh iTV.

Téacs (Ríocht Aontaithe amháin)

Chun Téacs Digiteach a oscailt, brúigh **TEXT**. Brúigh ⮌ **BACK** chun é a dhúnadh.

Leathanaigh iTV a dhúnadh

Insíonn an chuid is mó de leathanaigh iTV duit an eochair atá le húsáid chun dúnadh.
Chun dúnadh leathanach iTV a fhórsáil, athraigh go dtí an chéad chainéal teilifíse eile agus brúigh ⮌ **BACK**.

13.2

Eolaire Teilifíse

A bhfuil de dhíth ort

Is féidir leat liosta de na cláir reatha agus iad siúd atá sceidealta ar do chainéil a fheiceáil leis an Eolaire Teilifíse. Taispeánfar cainéil analógacha agus dhigiteacha nó cainéil dhigiteacha amháin, ag brath ar cé as atá eolas (sonraí) an eolaire teilifíse ag teacht. Ní bhíonn eolas Eolaire Teilifíse ag gach cainéal.

Is féidir leis an teilifís eolas eilifíse a bhailiú do na cainéil atá suiteáilte ar an teilifís. Ní féidir leis an teilifís eolas Eolaire Teilifíse a bhailiú do chainéil a bhféachtar orthu ó ghlacadóir digiteach nó díchódóir.

Sonraí Eolaire Teilifíse

Faigheann an t-eolaire teilifíse eolas (sonraí) ó chraoltóirí nó ón Idirlíon. D'fhéadfadh eolas eolaire teilifíse gan a bheith ar fáil i roinnt réigiún agus i gcás roinnt cainéal. Is féidir leis an teilifís eolas eilifíse a bhailiú do na cainéil atá suiteáilte ar an teilifís. Ní féidir leis an teilifís eolas Eolaire Teilifíse a bhailiú do chainéil a bhféachtar orthu ó ghlacadóir digiteach nó díchódóir.

Is é an réamhshocrú atá ar an teilifís maidir le heolas ná **Ón gcraoltóir**.

Má thagann eolas Eolaire Teilifíse ón Idirlíon, is féidir leis an Eolaire Teilifíse cainéil analógacha a liostáil in aice leis na cainéil

dhigiteacha. Taispeánann roghchlár an Eolaire Teilifíse freisin scáileán beag taobh istigh den chainéal reatha.

Ón Idirlíon

Má tá an teilifís nasctha leis an Idirlíon, is féidir leat an teilifís a shocrú chun eolas Eolaire Teilifíse a fháil ón Idirlíon.

Chun eolas Eolaire Teilifíse a shocrú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta** > **Eolaire Teilifíse** agus cliceáil **Ón Idirlíon**.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Taifeadtaí ar iarraidh

Nuair is cosúil go bhfuil roinnt taifeadtaí imithe ón liosta taifeadtaí, d'fhéadfadh eolas (sonraí) an eolaire teilifíse a bheith athraithe. Ní bhíonn taifeadtaí a dhéantar leis an socrú **Ón gcraoltóir** infheicthe sa liosta má athraíonn tú an socrú go **Ón Idirlíon** nó an bealach eile thart. D'fhéadfadh an teilifís a bheith athraithe go **Ón Idirlíon** go huathoibríoch.
Chun na taifeadtaí a chur ar fáil sa liosta taifeadtaí, athraigh go dtí an socrú a bhí roghnaithe nuair a rinneadh na taifeadtaí.

An Eolaire Teilifíse a Úsáid

Oscail an Eolaire Teilifíse

Chun an t-eolaire teilifíse a oscailt, brúigh ☰TV GUIDE.

Brúigh ☰ **TV GUIDE** arís chun dúnadh.

Déanann an teilifís scanadh ar gach cainéal teilifíse le haghaidh eolas cláir an chéad uair a osclaíonn tú an tEolaire Teilifíse. D'fhéadfadh sé seo roinnt nóiméad a thógáil. Stóráiltear sonraí Eolaire Teilifíse sa teilifís.

Tiúin do Chlár

Athraigh go clár

Is féidir leat athrú go clár reatha ón Eolaire Teilifíse.
Cliceáil ar ainm an chláir chun an clár a roghnú.
Gluais i dtreo na láimhe deise chun féachaint ar chláir atá sceidealaithe níos deireanaí an lá sin.
Chun athrú go dtí an clár (cainéal), roghnaigh an clár agus brúigh **OK**.

Féach ar shonraí cláir

Chun sonraí an chláir atá roghnaithe a fháil, brúigh ℹ **INFO**.

Athraigh an Lá

Tá an tEolaire Teilfíse in ann cláir atá sceidealaithe do na laethanta atá romhainn a thaispeáint (uasmhéid de 8 lá).

Má thagann eolas Eolaire Teilifíse ón gcraoltóir, is féidir leat ☰ **+** a bhrú chun sceideal ceann de na laethanta amach anseo a fheiceáil. Brúigh ☰ **-** chun filleadh ar an lá roimhe sin.

Mar rogha air sin, is féidir leat an eochair datha **Lá** a bhrú agus an lá atá uait a roghnú.

Meabhrúchán a Shocrú

Is féidir leat meabhrúcháin a shocrú chun foláireamh a thabhairt duit ar an scáileán go bhfuil clár ar tí tosú.

Chun meabhrúchán a shocrú, roghnaigh an clár san Eolaire Teilifíse agus brúigh an eochair datha **Socraigh meabhrúchán**. Marcálfar an clár le clog ⏲.

Chun an meabhrúchán a chealú, brúigh **Cealaigh Meabhrúchán**.

Chun féachaint ar liosta na meabhrúchán ar fad atá socraithe agat, brúigh ☰ **OPTIONS** agus cliceáil **Meabhrúcháin Sceidealta**.

Cuardaigh de réir Seánra

Má tá an t-eolas ar fáil, is féidir leat cláir sceidealaithe a aimsiú de réir seánra cosúil le scannáin, spóirt, srl.

Chun cuardach a dhéanamh do chláir de réir seánra, brúigh ☰ **OPTIONS** agus cliceáil **Cuardaigh de réir Seánra**.
Roghnaigh seánra agus brúigh **OK**. Taispeánfar liosta leis na cláir a aimsíodh.

Taifeadtaí

Is féidir leat clár teilifíse a thaifead ón Eolaire Teilifíse, nó taifead a sceidealú. Chun na taifeadtaí a stóráil, nasc Diosca Crua USB leis an teilifís.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Thaifeadadh, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Thaifeadadh**.

14

Naisc, Liosta

14.1

Athraigh go gléas

Is féidir leat athrú go gléas nasctha agus féachaint ar a chlár ón liosta Foinsí.

Chun athrú go gléas nasctha…

1 - Brúigh **SOURCES** chun an roghchlár Foinsí a oscailt.
2 - Cliceáil ar dheilbhín an ghléis nasctha. Taispeánfaidh an teilifís cláir an ghléis.
3 - Brúigh **BACK**, chun féachaint ar theilifís.

Chun an roghchlár Foinsí a dhúnadh gan athrú go dtí gléas, brúigh **SOURCES** arís.

14.2

Braith Gléis

Nuair a nascann tú gléas nua leis an teilifís, braitear an gléas agus is féidir leat cinéal gléis a shannadh mar dheilbhín don ghléas nua. Má nascann tú gléas le HDMI CEC, faigheann an gléas a dheilbhín go huathoibríoch.

Má tá uait an deilbhín atá sannta ar ghléas nasctha a athrú, brúigh an eochair datha **Athraigh Cineáil** agus roghnaigh cineál gléis a oireann don ghléas nasctha.

Mura n-oireann an t-ainm don ghléas nó má tá uait d'ainm féin a thabhairt ar an ngléas, brúigh **Athainmnigh**. Úsáid eochaircheap an chianrialtáin chun ainm nua a chur isteach.

Cabhraíonn cineál gléis cuí leat chun an gléas a úsáid. Cinneann an cineál gléis stíl an phictiúir agus na fuaime, luachanna gléine, socruithe sainiúla nó an suíomh laistigh den roghchlár Foinsí.

Nuair a nascann tú gléas nua leis an teilifís, beidh deilbhín an ghléis ar thosach an roghchláir Foinsí.

Ainm agus deilbhín bunaidh

Chun deilbhín an ghléis a athrú ar ais go dtí an t-ainm bunaidh agus an cineál deilbhín a bhí aige, brúigh **OPTIONS** agus cliceáil **Ainm agus Deilbhín Bunaidh**.

Naisc a scanadh

Chun gach nasc teilifíse a athscanadh agus chun an roghchlár Foinsí a nuashonrú, brúigh **OPTIONS** agus cliceáil **Scan Naisc**.

14.3

Seinn Aon-Iarrachta

Nuair atá an teilifís ar fuireachas, is féidir leat seinnteoir diosca a chasadh air le cianrialtán do theilifíse.

Seinn

Chun an seinnteoir diosca agus an teilifís araon a chasadh air ó fhuireachas agus tosú ag seinnt an diosca nó an chláir láithreach, brúigh ▶ (seinn) ar chianrialtán na teilifíse.
Ní mór don ghléas a bheith nasctha le cábla HDMI agus ba cheart go mbeadh HDMI CEC casta air ar an teilifís agus ar an ngléas araon.

15

3D

15.1

A bhfuil de dhíth ort

Is teilifís 3D Gníomhach í seo. Is féidir leat féachaint ar chláir agus ar scannáin 3D ar an teilifís seo i dtaifeach iomlán Ardghléine.

Féachann tú ar ghrianghraif 3D i dtaifeach Ultra HD leis an teilifís seo ó nasc USB. Ní féidir leat féachaint ar 3D ar fhíseán dúchasach Ultra HD.

Chun féachaint ar 3D…

- tiúnáil do chainéal teilifíse a chraolann cláir i 3D
- scannán a thógáil amach ar cíos i 3D ó shiopa físeán ar líne
- féachaint ar scannán i 3D ó Dhiosca Blu-ray 3D, gléas USB nó ríomhaire.

Chomh maith leis sin, beidh ceann amháin de na cineálacha seo spéaclaí Philips 3D Gníomhach ag teastáil uait chun breathnú ar 3D ar an teilifís seo. . .

- PTA507
- PTA508
- PTA509
- PTA517
- PTA518
- PTA519

Díoltar gach cineál astu féin. D'fhéadfadh sé tarlú nach mbeidh brandaí spéaclaí 3D gníomhacha eile tacaithe.

15.2

Na Spéaclaí 3D

PTA509

Forbhreathnú



1 - ⏻, lasc Air nó As.
2 - **Imreoir 1/2**, Roghnú Imreoir 1 nó Imreoir 2.
3 - Lionsa glacadóra
4 - Raca na gceallraí
5 - Solas LED

Nuair a dhíphacálann tú na spéaclaí 3D, bain amach an scragall beag plaisteach ó raca na gceallraí.

Cas Air agus As

Chun na spéaclaí 3D a chasadh air, brúigh ⏻.

Tógfaidh sé roinnt soicind ar na spéaclaí coigeartú don chomhartha 3D ón tarchuradóir 3D ar an teilifís. Nuair a úsáidfear den chéad uair iad, d'fhéadfadh suas le 15 soicind a bheith i gceist.

Leibhéal an Cheallra

Is féidir leat leibhéal an cheallra a sheiceáil nuair a chasann tú na spéaclaí 3D air.

- Má tá caochaíl uaine ón solas LED, is féidir leat na spéaclaí a úsáid ar feadh 4 uaire nó níos mó.
- Má tá caochaíl oráiste ón solas LED, is féidir leat na spéaclaí a úsáid ar feadh 2 uair a a laghad ach níos lú ná 4 uair.
- Má tá caochaíl dhearg ón solas LED, tá an ceallra beagnach folamh agus níl fágtha ach níos lú ná 2 uair féachana.

Cas as

Brúigh ⏻ chun na spéaclaí 3D a chasadh as. Beidh 4 caochadh dearg ón solas LED. Nuair nach bhfaigheann na spéaclaí 3D comharthaí 3D ar feadh 2 nóiméad, casann na spéaclaí iad féin as go huathoibríoch.

Tarchuradóir 3D

Cinntigh go bhfuil an lionsa glacadóra i lár na spéaclaí in ann comharthaí 3D a fháil.

Chomh maith leis sin, ná bíodh aon rud in aice leis an tarchuradóir 3D ar an teilifís.

Cluichíocht, Cluiche Scáileáin Roinnte

Is féidir leat na spéaclaí seo a úsáid chun cluichí scáileáin roinnte a imirt. Is féidir le beirt imreoirí féachaint ar an teilifís chéanna ach dhá scáileán éagsúla a fheiceáil chun cluiche a imirt.

Chun na spéaclaí a athrú le go bhféadfá féachaint ar scáileán Imreoir 1 nó Imreoir 2, cas air na spéaclaí agus ansin brúigh an cnaipe **Imreoir 1/2**.

- Má tá an solas LED oráiste agus é lasta ar feadh 2 soicind, is d'imreoir 1 atá na spéaclaí socraithe.
- Má tá an solas LED oráiste agus é ag caochaíl, is d'imreoir 2 atá na spéaclaí socraithe.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh an eochair datha — **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Cluichíocht Scáileáin Roinnte**.

Na ceallraí a athsholáthar



Chun an ceallra a athsholáthar, brúigh an cnaipe beag ar chlúdach an cheallra agus sleamhnaigh an claibín aníos chun é a oscailt. Athsholáthar an ceallra: cineál CR2032 (3V). Bí cinnte go bhfuil an taobh + den cheallra infheicthe. Cuir an clúdach air arís agus sleamhnaigh anuas é go dtí go gcliceálann sé.

Rabhadh:

Tá baol pléasctha ann má athsholáthraítear an ceallra ar bhealach mícheart. Ná hathsholáthar an ceallra ach amháin leis an gcineál céanna ceallra nó a choibhéis.

Contúirt

- Ná ionghabh an ceallra. Tá baol dó cheimicigh ann.
- Tá ceallra cille atá cosúil le bonn/cnaipe sa táirge seo. Má shloigtear an ceallra cille seo, tá sé in ann a bheith ina údar do dhónna diana inmheánacha laistigh de 2 uair agus d'fhéadfaí bás a fháil.
- Coinnigh ceallraí nua agus úsáidte in áit nach bhfuil leanaí in ann lámh a leagan orthu.
- Mura ndúnann raca na gceallraí i gceart, éirigh as úsáid an táirge agus coinnigh amach ó leanaí é.
- Má cheapann tú gur sloigeadh ceallraí nó gur cuireadh laistigh d'aon chuid den cholainn iad, iarr cóir leighis láithreach.

PTA519

Forbhreathnú



1 - Lasc Air nó As - Roghnú Imreoir 1 nó Imreoir 2
2 - Lionsa glacadóra
3 - Raca na gceallraí

Nuair a dhíphacálann tú na spéaclaí 3D, bain amach an scragall beag plaisteach ó raca na gceallraí.

Cas Air agus As

Chun na spéaclaí 3D a chasadh air, brúigh ⏻ .

Tógfaidh sé roinnt soicind ar na spéaclaí coigeartú don chomhartha 3D ón tarchuradóir 3D ar an teilifís. Nuair a úsáidfear den chéad uair iad, d'fhéadfadh suas le 15 soicind a bheith i gceist.

Leibhéal an cheallra

Is féidir leat leibhéal an cheallra a sheiceáil nuair a chasann tú na spéaclaí 3D air.

- Má tá caochaíl uaine ón solas LED, is féidir leat na spéaclaí a úsáid ar feadh 4 uaire nó níos mó.
- Má chaochann an solas LED oráiste, is féidir leat na spéaclaí a úsáid ar feadh níos lú ná 4 uair.
- Má tá caochaíl dhearg ón solas LED, tá an ceallra beagnach folamh agus níl fágtha ach níos lú ná 2 uair féachana.

Cas as

Brúigh ⏻ ar feadh 2 soicind chun na spéaclaí 3D a chasadh as. Beidh 4 caochadh dearg ón solas LED. Nuair nach bhfaigheann na spéaclaí 3D comharthaí 3D ar feadh 2 nóiméad, casann na spéaclaí iad féin as go huathoibríoch.

Tarchuradóir 3D

Cinntigh go bhfuil an lionsa glacadóra i lár na spéaclaí in ann comharthaí 3D a fháil. Chomh maith leis sin, ná bíodh aon rud in aice leis an tarchuradóir 3D ar an teilifís.

1 - Tarchuradóir 3D ar an teilifís
2 - Glacadóir 3D ar na spéaclaí 3D

Cluichíocht, Cluiche Scáileáin Roinnte

Is féidir leat na spéaclaí seo a úsáid chun cluichí scáileáin roinnte a imirt. Is féidir le beirt imreoirí féachaint ar an teilifís chéanna ach dhá scáileán éagsúla a fheiceáil chun cluiche a imirt.

Chun na spéaclaí a athrú chun féachaint ar scáileán Imreoir 1 nó Imreoir 2, cas air na spéaclaí agus ansin brúigh an eochair arís chun scorán idir Imreoir 1 agus Imreoir 2.

- Má tá an solas LED uaine agus é lasta ar feadh 1.5 soicind, is d'imreoir 1 atá na spéaclaí socraithe.
- Má tá an solas LED uaine agus é ag caochaíl, is d'imreoir 2 atá na spéaclaí socraithe.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh an eochair datha — **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Cluichíocht Scáileáin Roinnte**.

Na ceallraí a athsholáthar



Chun an ceallra a athsholáthar, rothlaigh an claibín beag ar chlé chun raca na gceallraí a oscailt. Athsholáthar an ceallra: cineál CR2032 (3V). Bí cinnte go bhfuil an taobh + den cheallra infheicthe. Cuir an claibín ar ais agus rothlaigh ar dheis chun é a dhúnadh.

Rabhadh:

Tá baol pléasctha ann má athsholáthraítear an ceallra ar bhealach mícheart. Ná hathsholáthar an ceallra ach amháin leis an gcineál céanna ceallra nó a choibhéis.

Contúirt

- Ná ionghabh an ceallra. Tá baol dó cheimicigh ann.
- Tá ceallra cille atá cosúil le bonn/cnaipe sa táirge seo. Má shloigtear an ceallra cille seo, tá sé in ann a bheith ina údar do dhónna diana inmheánacha laistigh de 2 uair agus d'fhéadfaí bás a fháil.
- Coinnigh ceallraí nua agus úsáidte in áit nach bhfuil leanaí in ann lámh a leagan orthu.
- Mura ndúnann raca na gceallraí i gceart, éirigh as úsáid an táirge agus coinnigh amach ó leanaí é.
- Má cheapann tú gur sloigeadh ceallraí nó gur cuireadh laistigh d'aon chuid den cholainn iad, iarr cóir leighis láithreach.

15.3

Ag féachaint ar 3D

Tosaigh ag Féachaint ar 3D

Nuair a athraíonn an teilifís go 3D nó nuair atá fógra ar taispeáint go bhfuil 3D ar fáil, cuir ort do spéaclaí 3D.

Mura bhfuil an teilifís in ann an comhartha 3D a bhraith (tá an clib comhartha 3D ar iarraidh), taispeántar an clár 3D mar íomhá dhúbáilte ar an scáileán. Ní mór duit 3D a chasadh air de láimh…

Chun 3D a chasadh air de láimh…

1 - Brúigh **3D**.
2 - Cliceáil ar an socrú cuí chun pictiúr 3D cruinn a fháil. Is féidir leat **Taobh le Taobh** a roghnú, nó **Taobh le Taobh Inbhéartaithe**, **Barr/Bun** nó **Barr/ Bun Inbhéartaithe**.

Chun éirí as féachaint ar 3D…

1 - Brúigh **3D**.
2 - Cliceáil **2D**.

Athraítear 3D go 2D nuair a athraíonn tú go cainéal eile nó go gléas nasctha.

Lascadh Uathoibríoch

Is féidir leat do rogha a shocrú maidir leis an gcaoi 3D a thosú sa todhchaí an chéad uair a bhraitear comhartha 3D. Is féidir leat an socrú seo a athrú sa roghchlár Suiteáil ina dhiaidh sin.

- Chun athrú go 3D go huathoibríoch, roghnaigh **Uathoibríoch**.
- Chun fógra a thaispeáint ar dtús, roghnaigh **Fógra amháin**.
- Chun nach n-athrófar go 3D go deo, roghnaigh **Go Deo**.

Chun an socrú seo a athrú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **3D** > **Athraigh go 3D** agus cliceáil **Uathoibríoch**, **Fógra amháin** nó **Go Deo**.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Cruthaigh 3D ó 2D

Is féidir leat féachaint ar 3D i gcónaí le Tiontú 2D go 3D. Cruthaíonn an teilifís 3D go saorga ó chomhartha 2D.

Chun féachaint ar 3D ó chomhartha 2D…

1 - Brúigh **3D**.
2 - Cliceáil **Tiontú 2D go 3D**. Cuir ort do spéaclaí 3D.

Chun casadh as…

1 - Brúigh **3D**.
2 - Cliceáil **2D**.

15.4

Féachaint 3D is fearr

Chun an t-eispéireas 3D féachana is fearr a fháil, molaimid duit na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- suí ar a laghad achar ón teilifís atá 3 oiread airde scáileán na teilifíse, ach gan suí níos faide ná 6 méadar uaidh.
- soilsiú fluaraiseach (cosúil le soilsiú TL nó bolgáin solais áirithe atá tíosach ar fhuinneamh agus a oibríonn ar mhinicíocht íseal) agus solas díreach na gréine a sheachaint, mar go bhféadfaidís cur isteach ar an eispéireas 3D.

15.5

Cúram a thabhairt do na Spéaclaí 3D

- Ná húsáid ceimiceáin ghlanta a bhfuil alcól, tuaslagóir nó dromchlaghníomhaí iontu, nó céir, beinséin, tanaitheoir, éarthach

muiscíte nó bealadh. Tá dídhathú nó scoilteanna in ann tarlú má úsáidtear na ceimiceáin sin.
• Ná nocht na spéaclaí 3D do sholas díreach na gréine, do thine ná do huisce. D'fhéadfadh mífheidhm táirge nó tine a bheith mar thoradh air sin.
• Ná lig do na spéaclaí 3D titim ar an urlár, ná lúb iad agus ná cuir brú ar lionsaí na spéaclaí 3D.
• Úsáid ceirt ghlan bhog (micrisnáithín nó flainín cadáis) chun na lionsaí a ghlanadh ionas nach scrabhfar iad. Ná spraeáil ábhar glanta díreach ar na spéaclaí 3D go deo. D'fhéadfadh sé dochar a dhéanamh do na leictreonaic (i gcás spéaclaí 3D Gníomhach).
• Ná húsáid ceimiceáin ghlanta a bhfuil alcól, tuaslagóir nó dromchlaghníomhaí iontu, nó céir, beinséin, tanaitheoir, éarthach muiscíte nó bealadh. Tá dídhathú nó scoilteanna in ann tarlú má úsáidtear na ceimiceáin sin.

15.6

Rabhadh Sláinte

• Ní mholtar go bhféachfaidh leanaí atá níos óige ná sé bliana d'aois ar 3D.
• Má tá stair titimis nó taomanna fótamhothálacha agat féin ná ag do theaghlach, téigh i gcomhairle le proifisiúnach leighis sula nochtann tú tú féin d'fhoinsí soilse gealánacha, sraitheoga íomhánna tapaidh nó d'fhéachaint 3D.
• Má tharlaíonn sé go bhfuil tú míchompordach, éirigh as a bheith ag féachaint ar 3D agus ná gabh láithreach le haon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh a bheith contúirteach (carr a thiomáint, mar shampla) go dtí go mbeidh do chuid siomptóm imithe. Má mhaireann na siomptóim, ná féach ar 3D arís gan dul i gcomhairle le proifisiúnach leighis i dtosach.
• Molaimid gan féachaint ar 3D ar feadh tréimhsí fada chun míchompord cosúil le meadhrán, tinneas cinn nó mearbhall a sheachaint.
• Ná húsáid na spéaclaí 3D ach amháin chun féachaint ar theilifís 3D.
• Má chaitheann tú spéaclaí ceartúcháin nó má úsáideann tú lionsaí tadhaill go hiondúil, caith na spéaclaí 3D chomh maith leis na spéaclaí nó na lionsaí sin.
• Coinnigh na spéaclaí amach ó leanaí beaga ar fhaitíos go slogfaidís páirteanna beaga nó ceallraí.
• Ba cheart do thuismitheoirí súil a choinneáil ar a gcuid leanaí nuair atá siad ag féachaint ar 3D agus cinntiú nach bhfuil aon mhíchompord orthu, mar a luadh thuas. Ní mholtar do leanaí níos óige ná 6 bliana féachaint ar 3D mar nach bhfuil a gcóras amhairc forbartha go hiomlán fós.
• Seachain úsáid na spéaclaí 3D i gcás ionfhabhtú súl nó galair eile a tharchuirtear trí theagmháil (m.sh. toinníteas, míolta cloiginn, etc.). Ná húsáid na spéaclaí 3D arís go dtí go mbeidh an ionfhabhtú imithe go hiomlán.

16

Ilamharc

16.1

Maidir le hIlamharc

Le tascbharra **Ilamharc**, is féidir leat athrú go héasca ó fheidhmchlár amháin a tosaíodh le gairid - teilifís, Téacs, Eolaire teilifíse, Chrome, etc. - go dtí an ceann eile. Mar shampla, is féidir leat athrú go díreach ón gcainéal teilifíse a bhfuil tú ag féachaint air go dtí an láithreán gréasáin a d'oscail tú in Google Chrome tamall ó shin.

Is féidir leat féachaint ar dhá chainéal teilifíse ag an am céanna le hIlamharc freisin. Beidh cainéal teilifíse amháin i scáileán mór, an cainéal eile i scáileán beag (Pictiúr i bPictiúr).

Níl aon fhuaim ag an scáileán beag.

Ní féidir leis an scáileán Ilamharc fís a thaispeáint in 3D nó in Ultra HD. Níl Ilamharc ar fáil do chainéil teilifíse analógacha. Ní thacaíonn gach Feidhmchlár le hIlamharc.

16.2

An Tascbharra

Is féidir leat athrú ó fheidhmchlár amháin teilifíse a d'oscail tú le gairid go dtí ceann eile leis an tascbharra. Is féidir leis an tascbharra na 6 feidhmchlár is deireanaí a osclaíodh a thaispeáint.

Chun athrú ó fheidhmchlár amháin go dtí ceann eile…

1 - Brúigh **MULTI VIEW**. Taispeánfar an tascbharra ag bun an scáileáin agus taispeánfaidh sé deilbhíní na bhfeidhmchlár is deireanaí a osclaíodh.
2 - Cliceáil ar dheilbhín an fheidhmchláir atá uait. Athróidh an teilifís go dtí an feidhmchlár.

16.3

Féach ar Dhá Chainéal Teilifíse

Is féidir leat féachaint ar dhá chainéal teilifíse ag an am céanna le hIlamharc. Taispeánfar an dara cainéal i scáileán beag ar bharr an scáileáin ar thaobh na láimhe deise.

Chun féachaint ar dhá chainéal teilifíse ag an am céanna …

1 - Brúigh chun féachaint ar chraoladh teilifíse
2 - Brúigh **MULTI VIEW**. Taispeánfar an tascbharra ag bun an scáileáin.
3 - Cliceáil ar an scáileán. Taispeánfar an cainéal céanna i scáiléan beag.

Chun an scáiléan beag a chur i bhfolach, brúigh **MULTI VIEW** arís agus cliceáil ar ar an scáileán.

Má tá CAM amháin nó dhá CAM in úsáid agat chun cainéil a dhíscrobh (dhá CAM a bhfuil cearta féachana éagsúla acu), d'fhéadfadh sé tarlú nach dtaispeánfar roinnt cainéal i scáileán beag Ilamharc. Tá an seans ann nach bhfuil na cearta ar fáil agat chun an cainéal sin a dhíscrobh ar an tiúnóir sin. Ní féidir le hIlamharc cainéil a thaispeáint ó Cuir Teilifís ar Sos.

16.4

Babhtáil Scáileáin

Is féidir leat na cainéil a bhabhtáil ón scáileán mór go dtí an scáileán beag nó vice versa.

Chun cainéil a bhabhtáil …

1 - Brúigh **MULTI VIEW**.
2 - Cliceáil chun na cainéil a bhabhtáil.

16.5

Téacs agus Teilifís

Is féidir leat féachaint ar chainéal teilifíse i scáileán beag Ilamharc nuair atá tú ag féachaint ar Théacs.

Chun féachaint ar chainéal teilifíse agus tú ag féachaint ar Théacs…

1 - Brúigh **MULTI VIEW**.
2 - Cliceáil ar an scáileán. Taispeánfar an cainéal a raibh tú ag féachaint air sa scáileán beag.
3 - Brúigh **+** nó **−**

Chun an scáileán beag a chur i bhfolach, brúigh **MULTI VIEW** arís agus cliceáil ar an scáileán.

17

Cluichí

17.1

A bhfuil de dhíth ort

Is féidir leat cluichí a imirt ar an teilifís seo ó…

- Consól Cluiche nasctha
- Gailearaí na bhFeidhmchlár i roghchlár na bhFeidhmchlár teilifíse
- An tIdirlíon ar an teilifís seo
- Siopa Google Play, cluichí atá íoslódáilte ar an teilifís seo

I gcás cluichí ó Ghailearaí na bhFeidhmchlár, láithreán gréasáin Idirlín nó cluichí atá íoslódáilte ó shiopa Google Play, ní mór don teilifís nasc ardluais (leathanbhanda) a bheith aici leis an Idirlíon. Teastaíonn Ceap Stiúrtha uait chun cluichí a imirt ón Idirlíon.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi nascadh leis an Idirlíon, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Shuiteáil Líonra**.

17.2

Socruithe Cluiche

Sula dtosóidh tú ag imirt cluiche, ó chonsól, Feidhmchlár nó ón Idirlíon, socraigh an teilifís go dtí na socruithe teilifíse is fearr do Chluichíocht. Cabhróidh sé sin le luas agus le beachtas imirt an chluiche.

Má chuirtear do Chonsól Cluiche leis an liosta mar chineál gléis **Cluiche** sa roghchlár Foinsí (an liosta nasc), socraítear an teilifís go dtí an socrú is fearr do chluichí go huathoibríoch. Má shocraítear cineál do Chonsól Cluiche mar **Imreoir** agus má úsáidtear mar sheinnteoir diosca é an chuid is mó den am, fág socrú an chinéal gléis ar **Imreoir**.

Chun an teilifís a shocrú de láimh go dtí an socrú is fearr a fheileann…

1 - Brúigh agus cliceáil **Cluiche**.
2 - Cliceáil Air. Socraítear an teilifís go dtí na socruithe is fearr do chluichíocht.
3 - Brúigh **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Ná déan dearmad an socrú seo a chur ar ais go **As** nuair a éiríonn tú as imirt an chluiche.

17.3

Cluiche a Imirt

Ó Chonsól Cluiche

Is féidir leat cluiche a imirt ó Chonsól Cluiche nasctha ar an teilifís.

Chun an cluiche a thosú…

1 - Cas air an Consól Cluiche.
2 - Brúigh **SOURCES** agus cliceáil ar an gConsól Cluiche nó ar a nasc.
3 - Tosaigh an cluiche.
4 - Brúigh **HOME** chun stopadh agus roghnaigh gníomhaíocht eile.

Chun tuilleadh eolais faoin gcaoi Consól Cluiche a nascadh, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Consól Cluiche, nasc**.

Ó na Leathanaigh Feidhmchlár

Is féidir leat cluiche atá suiteáilte ar na leathanaigh Feidhmchlár a imirt ar an teilifís.

Chun an cluiche a thosú…

1 - Brúigh **HOME** chun an roghchlár Baile a oscailt.
2 - Cliceáil sa bharra ar barr chun **Feidhmchláir** a oscailt.
3 - Sna leathanaigh Feidhmchlár, cliceáil ar Fheidhmchlár an chluiche a bhfuil uait é a imirt.
4 - Cliceáil ar dheilbhín an chluiche chun an imirt a thosú. Úsáid Ceap Stiúrtha chun imirt.
5 - Brúigh **HOME** agus roghnaigh gníomhaíocht eile chun stopadh.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi nascadh leis an Idirlíon, brúigh **Eochairfhocail** agusdéan cuardach do **Líonra, nasc**.

Ón Idirlíon

Is féidir leat cluiche a imirt go díreach ón Idirlíon ar an teilifís.

Chun cluiche a thosú…

1 - Brúigh **HOME** chun an roghchlár Baile a oscailt.
2 - Cliceáil sa bharra ar barr chun **Feidhmchláir** a oscailt.
3 - Ar leathanaigh na bhFeidhmchlár, cliceáil ar Bhrabhsálaí Idirlín cosúil le **Google Chrome**.
4 - Téigh go dtí láithreán gréasáin ar féidir cluichí a imirt air ar an Idirlíon.
5 - Cliceáil ar dheilbhín an chluiche chun an imirt a thosú. Úsáid Ceap Stiúrtha chun imirt.
6 - Brúigh **HOME** agus roghnaigh gníomhaíocht eile chun stopadh.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi nascadh leis an Idirlíon, brúigh **Eochairfhocail** agusdéan cuardach do **Líonra, nasc**.

17.4

Ceapa Stiúrtha

Chun cluichí ón Idirlíon a sheinnt ar an teilifís seo, is féidir leat raon roghnaithe Ceapa Stiúrtha gan sreang a nascadh. Tá an teilifís in ann tacú le 2 Ceap Stiúrtha nasctha ag aon am amháin. Nuair a nascann tú an Ceap Stiúrtha, is féidir leat é a úsáid láithreach.

Is féidir leat an Ceap Stiúrtha a úsáid freisin chun an Pointeoir a rialú.

Chun tuilleadh eolais faoin gcaoi ceap stiúrtha a nascadh, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Ceap Stiúrtha, nasc**.

17.5

Cluichíocht, Cluiche Scáileáin Roinnte

Maidir le Cluichíocht Scáileáin Roinnte

Má imríonn tú cluiche ilimreoir a bhfuil scáileáin roinnte ann, is féidir leat an teilifís a shocrú chun gach scáileán a thaispeáint mar scáileán iomlán. Ní fheiceann gach imreoir ach a chuid féin den chluiche mar scáileán iomlán. Baineann an teilfís úsáid as teicneolaíocht 3D chun an dá scáileán a thaispeáint.

Na rudaí a bheidh ag teastáil uait

Chun cluiche dhá imreoir a imirt leis an teilifís seo, teastaíonn 2 péire spéaclaí 3D gníomhacha uait - Philips PTA507, PTA508, PTA509, PTA517, PTA518 nó PTA519.
Chomh maith leis sin, ní mór don chonsól cluiche a bheith nasctha le HDMI.

Cluiche Scáileáin Roinnte a Imirt

Chun cluiche dhá imreora a imirt…

1 - Brúigh **SOURCES** agus cliceáil an consól cluiche.
2 - Tosaigh an cluiche ar an gconsól cluiche agus roghnaigh an mód dhá imreoir. Roghnaigh an mód do scáileáin roinnte.
3 - Brúigh agus cliceáil **Cluiche** ar an teilifís.
4 - Cliceáil **Scáileán Roinnte, Clé/Deas** nó **Scáileán Roinnte, Barr/Bun**, ag brath ar an bhformáid ina thaispeántar an cluiche scáileáin roinnte ar an scáileán. Taispeánfaidh an teilfís an 2 scáileán mar scáileáin iomlána.
5 - Cuir ort na spéaclaí 3D chun féachaint ar an 2 scáileán éagsúla.
Chun na spéaclaí a athrú chun féachaint ar scáileán Imreoir 1 nó scáileán Imreoir 2, brúigh an eochair roghnaithe **Imreoir 1/2**ar na spéaclaí.

Athraigh an t-amharc go scáileán roinnte agus ar ais arís

Nuair atá an amharc athraithe agat go scáileán roinnte do dhá imreoir, is féidir leat athrú ar ais go dtí scáileán amháin chun go mbeidh tú in ann roghchlár an chluiche a léamh, nó scóir an chluiche.
Chun an t-amharc a athrú ar ais, brúigh **OK** ar chianrialtán na teilifíse.

Cluiche dhá imreoir a stopadh

Chun an scáileán roinnte do dhá imreoir a stopadh, brúigh agus roghnaigh gníomhaíocht eile.

18

Meáin

18.1

Ó Nasc USB

Is féidir leat féachaint ar do ghrianghaif nó do cheol agus físeáin a sheinnt ó mhéaróg chuimhne USB nó diosca crua USB nasctha.

Agus an teilifís casta air agat, plugáil isteach méaróg chuimhne USB nó Diosca Crua USB i gceann de na naisc USB. Braithfidh an teilifís an gléas agus tabharfaidh sé liosta de do chomhaid Meán. Mura dtaispeánfar an liosta comhad go huathoibríoch, brúigh **SOURCES** agus cliceáil **USB**.

Is féidir leat cuardach a dhéanamh do chomhad leis an réimse cuardaigh nó do chomhaid a bhrabhsáil sa struchtúr fillteán atá eagraithe agat ar an tiomántán.

Déanfaidh an teilifís do chomhaid Meán a chuachadh freisin ag brath ar a gcineál – **Físeáin**, **Grianghraif** nó **Ceol**. Tá feidhmeanna na n-eochracha datha agus na roghanna in OPTIONS tiomanta mar sin do gach cineál.

Brúigh **HOME** agus roghnaigh gníomhaíocht eile chun éirí as seinnt físeán, grianghraf agus ceol.

Rabhadh:

Má dhéanann tú iarracht clár a chur ar sos nó é a thaifeadadh nuair atá Diosca Crua USB, iarrfaidh an teilifís ort an Diosca Crua USB a fhormáidiú. Scriosfaidh an formáidiú seo gach comhad reatha ar an Diosca Crua USB.

18.2

Ó Ríomhaire nó NAS

Is féidir leat féachaint ar do ghrianghraif nó do cheol agus físeáin a sheinnt ó ríomhaire nó ó NAS (Stórás atá Ceangailte le Líonra) i do líonra baile.

Ní mór don teilifís agus don ríomhaire nó NAS a bheith sa líonra baile céanna. Ní mór duit Bogearraí Freastalaí Meán cosúil le Twonky™ a shuiteáil ar do ríomhaire nó do NAS. Ní mór do do Fhreastálaí Meán a bheith socraithe chun comhaid a roinnt leis an teilifís. Taispeánfaidh an teilifís do chomhaid agus d'fhillteáin mar a eagraíonn an Freastálaí Meán iad nó mar atá siad struchtúrtha ar do ríomhaire nó NAS. Tá feidhmeanna na n-eochracha datha agus na roghanna in OPTIONS mar a chéile do gach ceann de na comhaid Meán ar an teilifís.

Má thacaíonn an Freastálaí Meán le cuardach do chomhaid, beidh réimse cuardaigh ar fáil.

Chun na comhaid a bhrabhsáil agus a sheinnt ar do ríomhaire, brúigh **SOURCES**, cliceáil SimplyShare.

18.3

Ó Ghléas Soghluaiste

Maidir le Wi-Fi Miracast

Is féidir leat féachaint ar do ghrianghraif nó do cheol agus físeáin a sheinnt ó ghléas soghluaiste le Wi-Fi Miracast™.

Is gléas **Wi-Fi Certified Miracast™** do theilifís. Is féidir leat breathnú ar scáileán d'fhón cliste, taibléad nó ríomhaire ar scáileán do theilifíse le Miracast™, nó é a roinnt gan sreang. Is féidir leat físeáin a shruthú (fuaim agus fís), grianghraif a roinnt nó rud ar bith eile atá ar scáileán an ghléis. Ní gá an gléas a nascadh le do líonra baile. Ní mór don teilifís agus don ghléas a bheith ina ngléasanna Wi-Fi Certified Miracast™ agus ní mór do Miracast a bheith casta air.

Tá Miracast ar an teilifís seo faoi réir ag an bprótacal HDCP agus ní féidir leis scothábhar a seoltar trí ghléas agus a bhfuil cosaint ar chóipeáil air a thaispeáint. Is é an taifeach físeáin is airde a dtacaítear leis ná 720p do 2.4GHz Wi-Fi nó 1080p do 5GHz Wi-Fi.

Téigh go dtí www.wi-fi.org chun tuilleadh eolais a fháil ar Wi-Fi Certified Miracast™.

Is trádmharcanna cláraithe de chuid an Wi-Fi Alliance **Wi-Fi®**, an logó Wi-Fi CERTIFIED, an logó Wi-Fi. Is trádmharcanna de chuid an Wi-Fi Alliance **Wi-Fi CERTIFIED Miracast™**, **Miracast™**.

Cas air Miracast

Cinntigh go bhfuil Wi-Fi Miracast casta air.

1 - Brúigh agus brúigh ◀ (clé) do **Shuiteáil**.
2 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta** > Wi-Fi Miracast.
3 - Cliceáil **Air**.
4 - Brúigh **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Scáileán a roinnt ar an teilifís

Chun scáileán d'fhón cliste, taibléad nó do ríomhaire a roinnt ar an teilifís…

1 - Cas air an teilifís.
2 - Oscail feidhmchlár ar an ngléas, leithéidí Wi-Fi Miracast, Wi-Fi Direct™, Intel®gan sreang Display* nó feidhmchlár cosúil leo agus cuir tús le scanadh do ghléasanna eile Miracast.
3 - Roghnaigh an teilifís sa liosta gléasanna a aimsíodh agus nasc.
4 - Glac leis an iarratas ar an teilifís chun nascadh leis an teilifís. D'fhéadfaí iarraidh ort cód PIN a chur isteach ar an teilifís ón ngléas - cuir isteach na huimhreacha leis na heochracha uimhreach ar an gcianrialtán. Mar mhalairt air sin, d'fhéadfadh an teilifís iarraidh ort cód PIN a chur isteach ar an ngléas. Má nascann tú, taispeánfaidh an teilifís scáileán an ghléis.
5 - Roghnaigh na físeáin, na grianghraif nó na comhaid ar an

ngléas a bhfuil uait breathnú orthu ar an teilifís.

* Tacaíonn leagan WiDi 3.5 agus leaganacha níos deireanaí le Miracast.

D'fhéadfá an nasc Wi-Fi (e.g. 'DIRECT_tvname') a aimsiú freisin i liostaí líonraí atá ar fáil ar ghléasanna eile líonra, e.g. do ríomhaire glúine. Mar sin féin, ní féidir ach gléasanna Wi-Fi Miracast an nasc seo a úsáid.

Éirigh as Roinnt

Is féidir leat éirí as roinnt ón teilifís nó ón ngléas soghluaiste.

Ón ngléas

Is féidir leat an feidhmchlár a d'úsáid tú chun Miracast a thosú a úsáid chun dínascadh agus éirí as féachaint ar scáileán an ghléis ar an teilifís. Athróidh an teilifís ar ais go dtí an clár deireanach a bhí roghnaithe.

Ón teilifís

Chun éirí as féachaint ar scáileán an ghléis ar an teilifís, is féidir leat . . .

• brúigh TV chun féachaint ar chraoladh teilifíse
• brúigh ⌂ chun gníomhaíocht eile ar an teilifís a thosú
• brúigh SOURCES chun an roghchlár Foinsí a oscailt agus gléas nasctha a roghnú.

Gléas a Bhlocáil

Is féidir leat gléas a bhlocáil an chéad uair a fhaigheann tú iarratas uaidh nascadh. Déanfar neamhaird den iarratas sin agus gach iarratas eile ón ngléas sin sa todhchaí.
Chun gléas a bhlocáil, cliceáil **Blocáil…** .

Díbhlocáil gach gléas

Tá gach gléas a nascadh agus a blocáladh roimhe seo stóráilte i liosta nasc Wi-Fi Miracast. Má ghlanann tú an liosta seo, díbhlocálfar gach gléas atá blocáilte.

Chun gach gléas blocáilte a dhíbhlocáil…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) do **Shuiteáil**.
2 - Cliceáil **Líonra** agus cliceáil **Naisc Wi-Fi Miracast**. Glanfar an liosta.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Chun gléas a bhí nasctha cheana féin a bhlocáil

Má tá uait gléas a bhí nasctha cheana féin a bhlocáil, ní mór duit an liosta nasc Wi-Fi Miracast a ghlanadh ar dtús. Má ghlanann tú an liosta seo, beidh ort an nasc do gach gléas a dhearbhú nó a bhlocáil arís.

Moill Scáileáin

Isteach is amach le 1 soicind an ghnáthmhoill nuair atáthar ag roinnt scáileán le Miracast. D'fhéadfadh an mhoill a bheith níos faide má tá gléasanna/ríomhairí níos sine in úsáid agat a bhfuil níos lú cumhachta próiseála acu.

18.4

Físeáin

Físeáin a Sheinnt

Braitheann an chaoi liosta comhad meán a oscailt ar an teilifís ar an gcineál gléis a bhfuil na comhaid stóráilte air.

Chun físeán a sheinnt, cliceáil ar ainm comhaid an fhíseáin sa Liosta comhad Meán.

• Chun gabháil ar aghaidh go dtí an chéad fhíseán eile nó an ceann roimhe sin, brúigh ⠿ + nó ⠿ -.
• Chun an físeán a chur ar sos, brúigh **OK**. Brúigh **OK** arís chun leanúint ar aghaidh.
• Chun léim 10-soicind i bhfíseán a dhéanamh, nó léim 10-soicind siar, brúigh ▶ nó ◀.
• Chun atochrais nó mear-chasadh, brúigh ▶▶ nó ◀◀. Brúigh na heochracha roinnt uaireanta chun an luas a ardú - 2x, 4x, 8x, 16x, 32x.
• Chun athsheinnt an fhíseáin a stopadh, brúigh ■ (Stop).
• Chun dul ar ais go dtí an fillteán, brúigh ⮌ **BACK**.

Barra Dul Chun Cinn

Chun an barra dul chun cinn a thaispeáint nuair atá físeán á sheinnt (suíomh seinnchnoga, fad, teideal, dáta, etc.), brúigh ⓘ **INFO**.
Brúigh arís chun an t-eolas a chur i bhfolach.

Roghanna Físeáin

Feidhmeanna na n-eochracha datha agus Roghanna chun físeán a sheinnt.

• **Seinn Gach Ceann** – Seinn gach comhad físeáin san fhillteán seo.
• **Seinn Ceann Amháin** – Seinn an físeán seo amháin.
• **Liosta** – Taispeáin físeáin mar chomhaid i liosta.
• **Mionsamhlacha** – Taispeáin físeáin mar mhionsamhlacha.
• **Athsheinn go randamach** – Seinn do chomhaid in ord randamach.
• **Fotheidil** – Má tá siad ar fáil, is féidir leat fotheidil a chasadh Air, As nó Air i rith Balbhaithe.
• **Teanga Fotheideal** – Má tá siad ar fáil, roghnaigh Teanga Fotheideal.
• **Teanga Fuaime** – Má tá siad ar fáil, roghnaigh Teanga Fuaime.
• **Athsheinn** – Seinneann sé gach físeán san fhillteán seo uair amháin nó go leanúnach.

18.5

Grianghraif

Féach ar Ghrianghraif

Braitheann an chaoi liosta comhad meán a oscailt ar an teilifís ar an gcineál gléis a bhfuil na comhaid stóráilte air.

Chun féachaint ar ghrianghraf, cliceáil ar ainm comhaid an ghrianghraif i Liosta na gcomhad Meán.

Má tá go leor grianghraf i bhfillteán, is féidir leat taispeántas sleamhnán a thosú.

Chun taispeántas sleamhnán a thosú…

1 - Roghnaigh grianghraf san fhillteán.
2 - Brúigh an eochair datha — **Taispeántas Sleamhnán**.
• Chun gabháil ar aghaidh go dtí an chéad ghrianghraf eile nó an ceann roimhe sin, brúigh **+** nó **-**.
• Chun an taispeántas sleamhnán a stopadh nó an grianghraf a dhúnadh, brúigh **LIST** nó ■ (Stop).

Chun ceol a sheinnt leis an taispeántas sleamhnán…

1 - Tosaigh an ceol sula dtosóidh tú an taispeántas sleamhnán.
2 - Roghnaigh amhrán nó fillteán a bhfuil amhráin ann agus brúigh **OK**.
3 - Roghnaigh grianghraf nó fillteán a bhfuil grianghraif ann agus brúigh — **Taispeántas sleamhnán**.

Eolas

Chun féachaint ar eolas maidir le grianghraf, (méid, dáta cruthaithe, cosán comhad, srl.), roghnaigh grianghraf agus brúigh **INFO**.
Brúigh arís chun an t-eolas a chur i bhfolach.

Roghanna Grianghraif

Feidhmeanna na n-eochracha datha agus Roghanna chun féachaint ar ghrianghraif.

• **Taispeántas sleamhnán** – Taispeánann sé grianghraif ceann i ndiaidh a chéile.
• **Sórtáil** – Sórtálann sé na grianghraif in ord loighiciúil.
• **Liostáil** – Taispeánann sé grianghraif mar chomhaid i liosta.
• **Mionshamlacha** – Taispeánann sé grianghraif mar mhionsamhlacha.
• **Athsheinn go randamach** – Seinn do chomhaid in ord randamach.
• **Seinn arís** – Seinn an taispeántas sleamhnán uair amháin nó go leanúnach.
• **Stop Ceol** – Stop an ceol atá á sheinnt sa chúlra.
• **Luas an Taispeántais Sleamhnán** – Socraíonn sé luas an taispeántais sleamhnán.
• **Trasdul an Taispeántais Sleamhnán** – Socraíonn sé stíl na dtrasdulta grianghraif.
• **Rothlaigh** – Rothlaigh an grianghraf go tírdhreach nó go portráid.
• **Socraigh mar Fhráma Grianghraif** – Roghnaigh an grianghraf seo mar ghrianghraf fhráma grianghraif sa ghiúirléid Fráma Grianghraif sa roghchlár Baile.

18.6

Ceol

Seinn Ceol

Braitheann an chaoi liosta comhad meán a oscailt ar an teilifís ar an gcineál gléis a bhfuil na comhaid stóráilte air.

Chun amhrán a sheinnt, cliceáil ar ainm comhaid an amhráin sa Liosta comhaid Meán.

Má tá roinnt amhrán i bhfillteán, is féidir leat éisteacht leo ceann i ndiaidh a chéile.

• Chun dul ar aghaidh go dtí an chéad amhrán eile nó an ceann roimhe sin, brúigh **+** nó **-**.
• Chun an t-amhrán a chur ar sos, brúigh **OK**. Brúigh **OK** arís chun leanúint ar aghaidh.
• Chun léim 10-soicind a dhéanamh in amhrán, nó léim 10-soicind siar, brúigh ▶ nó ◀.
• Chun atochrais nó mear-chasadh, brúigh ▶▶ nó ◀◀. Brúigh na heochracha roinnt uaireanta chun an luas a ardú - 2x, 4x, 8x, 16x, 32x.
• Má bhrúnn tú **LIST** nó **BACK**, leanfaidh an ceol ar aghaidh.
• Chun athsheinnt an cheoil a stopadh, brúigh ■ (Stop).

Barra Dul Chun Cinn

Chun an barra dul chun cinn a thaispeáint nuair atá amhrán á sheinnt (suíomh seinnchnoga, fad, teideal, dáta, etc.), brúigh **INFO**.
Brúigh arís chun an t-eolas a chur i bhfolach.

Roghanna Ceoil

Feidhmeanna na n-eochracha datha agus Roghanna chun ceol a sheinnt.

• **Seinn Gach Ceann** – Seinn gach amhrán san fhillteán seo.
• **Seinn Ceann Amháin** – Seinn an t-amhrán seo amháin.

• **Athsheinn go randamach** – Seinn do chomhaid in ord randamach.

• **Seinn Arís** – Seinn gach amhrán san fhillteán seo uair amháin nó go leanúnach.

19

Athsheinn

19.1

A bhfuil de dhíth ort

Is féidir leat craoladh teilifíse digití a chur ar sos agus tosú ag féachaint air arís níos deireanaí.

Chun clár teilifíse a chur ar sos, beidh na nithe seo ag teastáil uait…

- Tiomántán Diosca Crua USB nasctha ar an teilifís seo
- cainéil teilifíse dhigiteacha suiteáilte ar an teilifís seo
- chun eolais faoi chainéil a fháil don Eolaire Teilifíse ar an scáileán

Ní féidir leat an Teilifís a chur ar Sos agus tú i mbun Taifeadta.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh an eochair datha — **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Diosca Crua USB, suiteáil**.

19.2

Clár a chur ar sos

Cuir ar sos

Chun craoladh a chur ar sos agus a thosú arís…

Chun craoladh a chur ar sos, brúigh **II** (Cuir ar sos). Beidh barra dul chun cinn le feiceáil ar an scáileán ar feadh roinnt soicind. Chun an barra dul chun cinn a thaispeáint ar an scáileán arís, brúigh **II** (Cuir ar sos) arís.
Chun tosú ag féachaint arís, brúigh ▶ (Seinn). Taispeánfar deilbhín beag ▶ ar an scáileán a mbeidh an t-am craolta air.

Is féidir leat craoladh a chur ar sos ar feadh tréimhse ama nach faide ná 90 nóiméad.

Brúigh ■ (Stop) chun filleadh ar an gcraoladh teilifíse féin.

Barra dul chun cinn

Chun an barra dul chun cinn a thaispeáint, brúigh **II** (Cuir ar sos) nuair atá clár curtha ar sos agat, nó brúigh ▶ (Seinn) nuair a thosaíonn tú ag féachaint air arís. Nuair atá an barra dul chun cinn ar an scáileán, brúigh ◀◀ (Atochrais) nó brúigh ▶▶ (Ar Aghaidh) chun an áit a bhfuil uait tosú ag féachaint ar an gcraoladh atá curtha ar sos a roghnú. Brúigh na heochracha sin arís agus arís eile chun an luas a athrú.

Nuair atá clár á thaifeadadh ar Dhiosca Crua USB, ní féidir leat craoladh a chur ar sos.

Athsheinn

Nuair atá an Diosca Crua USB nasctha agus formáidithe, stórálann an teilifís an craoaldh teilifíse a bhfuil tú ag féachaint air. Nuair a athraíonn tú go cainéal eile, glantar craoladh an chainéil roimhe sin. Nuair a athraíonn tú an teilifís go Fuireachas, glantar an craoladh freisin.

Mar go stórálann an teilifís an craoladh a bhfuil tú ag féachaint air, is féidir leat an craoladh a athsheinnt ar feadh roinnt soicind.

Chun an craoladh reatha a athsheinnt …

1 - Brúigh **II** (Cuir ar sos)
2 - Brúigh ◀ (Clé). Is féidir leat ◀ a bhrú arís agus arís eile go dtí go mbainfidh tú amach tús stóras an chraolta nó an t-uasmhéad ama.

20

Taifeadadh

20.1

A bhfuil de dhíth ort

Is féidir leat craoladh teilifíse digití a thaifeadadh agus féachaint air níos deireanaí.

Chun clár teilifíse a thaifeadadh, teastaíonn na nithe seo a leanas uait…

• Tiomántán Diosca Crua USB nasctha ar an teilifís seo
• cainéil teilifíse dhigiteacha suiteáilte ar an teilifís seo
• chun eolais faoi chainéil a fháil don Eolaire Teilifíse ar an scáileán
• socrú cloig teilifíse iontaofa. Má athshocraíonn tú clog na teilifíse de láimh, d'fhéadfadh na taifeadtaí teipeadh.

Ní féidir leat taifeadadh nuair atá Cuir an Teilifís ar Sos in úsáid agat.

Ní cheadaíonn roinnt oibritheoirí teilifíse digití taifeadadh cainéal.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi Diosca Crua USB a shuiteáil, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Diosca Crua USB, suiteáil**.

20.2

Clár a Thaifeadadh

Taifead Anois

Chun an clár a bhfuil tú ag féachaint air a thaifeadadh, brúigh ● (Taifead) ar an gcianrialtán. Tosóidh an taifeadadh láithreach.

Nuair atá sonraí Eolaire Teilifíse ar fáil, taifeadfar an clár a bhfuil tú ag féachaint air ina iomlán. Mura bhfuil aon sonraí Eolaire Teilifíse ar fáil, ní mhairfidh an taifeadadh ach 30 nóiméad. Is féidir leat an t-am a chríochnóidh an taifeadadh a athrú sa Liosta Taifeadtaí.

Chun taifeadadh a stopadh, brúigh ■ (Stop).

Sceidealaigh Taifeadadh

Is féidir leat taifeadadh cláir atá le craoladh inniu nó i gceann cúpla lá (suas le 8 lá) a sceidealú.

Chun taifeadadh a sceidealú…

1 - Brúigh **Eolaire Teilifíse**. Ar leathanach an Eolaire Teilifíse, roghnaigh an cainéal agus an clár a bhfuil uait é a thaifeadadh. Brúigh ▶ (Deas) nó ◀ (Clé) chun scrolláil trí chláir cainéil. Úsáid na heochracha datha chun an lá atá uait a roghnú.
2 - Agus an clár roghnaithe agat, brúigh an eochair datha **Taifead**. Tá an clár sceidealta chun taifeadadh.

Taispeánfar rabhadh go huathoibríoch nuair atá taifeadtaí sceidealta atá ag forluí ar a chéile. Má tá tú ag beartú clár a thaifeadadh nuair nach bhfuil tú sa bhaile, ná déan dearmad an teilifís a fhágáil ar Fuireachas agus an Diosca Crua USB a fhágáil casta air.
3 - Cuireann an teilifís roinnt ama maoláin isteach ag deireadh gach cláir. Is féidir leat tullleadh maoláin a chur isteach má theastaíonn sé.

Chun an t-am a chríochnaíonn an taifeadadh a athrú…

1 - Brúigh **HOME** chun an roghchlár Baile a oscailt.
2 - Cliceáil **Feidhmchláir** agus cliceáil **Taifeadtaí**.
3 - Roghnaigh an taifeadadh a bhfuil uait é a athrú agus brúigh **Athraigh Am**. Má thagann an Eolaire Teilifíse ón Idirlíon, roghnaigh an taifeadadh agus brúigh OK. Má thaispeántar eolas cláir, brúigh **Athraigh Taifeadadh**.

Liosta Taifeadtaí

Taispeánfar gach taifeadadh agus gach taifeadadh atá sceidealta sa Liosta Taifeadtaí.

Chun an liosta a oscailt…

1 - Brúigh **HOME** chun an roghchlár Baile a oscailt.
2 - Cliceáil **Feidhmchláir** agus cliceáil **Taifeadtaí**.

Sa liosta seo, is féidir leat taifeadadh a roghnú chun féachaint air, cláir atá taifeadta a bhaint as, am deiridh taifeadta a athrú nó an spás saor ar an diosca a sheiceáil.
Is féidir leat taifeadadh a sceidealú freisin a shocraíonn tú an t-am tosaigh agus deiridh tú féin, mar thaifeadadh nach bhfuil nasctha le clár.

Chun taifeadadh amaithe a shocrú…

1 - Brúigh **OPTIONS** agus cliceáil **Sceideal**. Nó, má thagann an tEolaire Teilifíse ón Idirlíon, brúigh **Sceidealaigh Nua**.
2 - Socraigh an cainéal, an dáta agus an tréimhse ama.
3 - Cliceáil **Sceideal** chun an taifeadadh a dhearbhú.

Chun taifeadadh sceidealta a bhaint as…

1 - Roghnaigh an taifeadadh atá ag teacht aníos sa Liosta Taifeadtaí.
2 - Brúigh **Bain as**.

Ag Féachaint ar an Teilifís i rith Taifeadta

Chun féachaint ar chainéal agus chun cainéal eile a thaifeadadh ag an am céanna, tá 2 tiúnóir ag an teilifís seo. Mar sin féin, bíonn na cainéil atá ar fáil chun féachaint orthu i rith taifeadta ag brath ar shuiteáil do theilifíse chun glacadh le cainéil.

Na cainéil ar féidir leat féachaint orthu i rith taifeadta…

Má úsáideann tú 1 CAM chun cainéil scrofa a dhíchódáil, is féidir leat féachaint díreach ar na cainéil nach dteastaíonn díchódáil uathu agus ar an gcainéal atá á thaifeadadh agat.

Má úsáideann tú 2 CAM chun cainéil scrofa a dhíchódáil agus má tá na cearta féachana céanna ag an dá chárta cliste, is féidir leat féachaint ar gach cainéal, lena n-áirítear an ceann atá á thaifeadadh agat.

Má úsáideann tú 2 CAM nach bhfuil na cearta féachana céanna acu, is féidir leat féachaint díreach ar chainéil an CAM a bhfuil níos lú ceart féachana acu agus ar an gcainéal atá á thaifeadadh agat.

Má tá córas Unicable in úsáid agat agus mura bhfuil ach 1 Banda Úsáideora amháin ar fáil duit, is féidir leat díreach féachaint ar an cainéil nach dteastaíonn díchódú uathu agus ar an gcainéal atá á thaifeadadh agat.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Cárta Cliste, CAM**.

20.3

Féach ar Thaifeadadh

Chun féachaint ar thaifeadadh…

1 - Brúigh **HOME** chun an roghchlár Baile a oscailt.
2 - Cliceáil **Feidhmchláir** agus cliceáil **Taifeadtaí**.
3 - Sa liosta, roghnaigh an taifead agus brúigh **OK** chun an t-athsheinm a thosú. Is féidir leat na heochracha ▶▶ (Ar aghaidh),◀◀ (Atochras), II (Cuir ar sos) nó ■ (Stop) a úsáid ar an gcianrialtán.

Is féidir le craoltóir teorainn a chur leis an líon laethanta ar féidir féachaint ar thaifeadadh. Is féidir le taifeadadh sa liosta an líon laethanta sula ngabhfaidh sé in éag a thaispeáint.

Nuair a chuireann an craoltóir cosc le taifeadadh sceidealaithe nó nuair a bhristear isteach ar chraoladh, marcáiltear taifeadadh mar **Teipthe**.

Chun taifeadadh a bhaint as…

1 - Roghnaigh an taifeadadh sa Liosta Taifeadtaí
2 - Brúigh **Bain as** nó **Scrios**.

21

Skype

21.1

Maidir le Skype

Nuair atá **Skype™** ar do theilifís agat, is féidir leat cuimhní a chruthú agus a roinnt díreach ó do sheomra suite, fiú nuair nach bhfuil sibh le chéile.

Ní gá daoibh bailiú timpeall an ríomhaire a thuilleadh. Is féidir leat glaonna gutha agus físe Skype-le-Skype a dhéanamh in aisce le gléasanna eile atá cumasaithe do Skype.

Is féidir leat labhairt le do chairde ar an scáileán mór agus spás a réiteach i do sheomra suí inar féidir leis an teaghlach ar fad taitneamh a bhaint as.

21.2

Na rudaí a bheidh ag teastáil uait

Tá ceamara agus micrifón ionsuite ag an teilifís do Skype.

Sula féidir leat Skype a thosú, ní mór don teilifís nasc ar chaighdeán maith don Idirlíon a bheith aige. Is féidir leat do theilifís a nascadh gan sreang nó sreangaithe.
Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Líonra, gan sreang**.

Cuntas Skype
Chun Skype a úsáid, ní mór duit cuntas Skype a chruthú duit féin nó do do theaghlach. Is féidir leat cuntas nua Skype a chruthú ar do theilifís ach tá sé níos praiticiúla do ríomhaire a úsáid.

Creidmheas Skype nó **Subscríbhinní Skype**
Is féidir leat glaonna ar chostas íseal a dhéanamh d'fhóin soghluaiste agus do línte talún trí úsáid a bhaint as do Chreidmheas Skype nó suibscríbhinn Skype a thógáil amach (tabhair cuairt ar do chuntas Skype ar do ríomhaire, fón nó taibléad). Tá tuilleadh eolais le fáil ar **Skype.com**

21.3

Tosaigh le Skype

An ceamara

Tá ceamara agus micreafón ionsuite ag do theilifís. Tá an ceamara suite gar d'fhocalmharc Philips.

Má tá an ceamara i bhfolach nuair a thosaíonn tú Skype, sleamhnóidh sé amach go huathoibríoch. Cinntigh nach bhfuil aon bhac roimh an gceamara agus é ag sleamhnú amach.

Nuair atá Skype ag déanamh glao Físe, lasfaidh an LED gorm in aice leis an gceamara.

Sínigh isteach

Sínigh isteach go Skype le do **Ainm Skype** agus **pasfhocal**. Mura bhfuil Ainm Skype agat fós, ní mór duit cuntas Skype nua a chruthú.

Chun síniú isteach go Skype…

1 - Brúigh chun an roghchlár Baile a oscailt.
2 - Cliceáil **Feidhmchláir** agus cliceáil **Skype**.
3 - Má thosaíonn tú Skype den chéad uair, is féidir leat an ceamara a choigeartú.
4 - Murar shínigh tú isteach go Skype ar an teilifís seo cheana, cliceáil **Sínigh isteach** nó **Cuir cuntas leis an liosta**. Más rud é gur shínigh tú isteach cheana, cliceáil do chuntas.
5 - Lean na treoracha ar an scáileán.

An bhfuil cúnamh ag teastáil uait?
Má tá d'Ainm Skype nó pasfhocal dearmadta agat, nó má tá fadhbanna agat ag síniú isteach, tabhair cuairt ar www.skype.com/support le do thoil

Cuntas Nua Skype

Mura bhfuil **Ainm Skype** agus **Pasfhocal** agat fós, is féidir leat cuntas nua Skype a chruthú ar do ríomhaire. A thúisce is atá an cuntas nua cruthaithe agat, is féidir leat d'Ainm Skype agus pasfhocal a úsáid chun síniú isteach ar an teilifís.

Chun cuntas nua Skype a chruthú ar do ríomhaire, téigh go dtí www.skype.com

Cuntas Microsoft

Má tá Cuntas Microsoft agat, is féidir leat an cuntas seo a úsáid chun síniú isteach go Skype ar an teilifís.

Chun síniú isteach le cuntas Microsoft…

1 - Ar an leathanach Skype **Sínigh isteach**, cliceáil **Sínigh isteach le cuntas Microsoft**.
2 - Cliceáil **Ar Aghaidh**. Osclóidh an teilifís an leathanach sínithe isteach do do chuntas Microsoft.
3 - Cuir isteach do ríomhphost agus pasfhocal don chuntas Microsoft.
4 - Cliceáil **Leag isteach**.

Ní féidir Glaonna Éigeandála a dhéanamh le Skype

Ní ionad atá i Skype don teileafón agus ní féidir é a úsáid do ghlaonna éigeandála.

21.4

Roghchlár Skype

Nuair atá sínithe isteach agat go rathúil, osclaíonn Skype an **roghchlár Skype**.

Is iad na míreanna roghchláir Skype…

• **Mo phróifíl**
I Mo phróifíl, is féidir leat féachaint ar do phróifíl phearsanta do Skype agus í a athrú. Is féidir leat do stádas, pictiúr próifíle, uimhir fóin agus tuilleadh a shocrú. Tá roinnt socruithe ann nach féidir iad a athrú ach amháin ar an ríomhaire.

• **Daoine**
In Daoine, is féidir leat glao Skype a dhéanamh agus do chuid teagmhálaithe a bhainistiú.

• **Stair**
In Stair, is féidir leat féachaint ar na glaonna atá caillte agat, na glaonna atá déanta agat agus éisteacht le teachtaireachtaí Gutha.

• **Glaoigh fóin**
In Glaoigh fón, is féidir leat glaoch ar líne thalún nó ar uimhir fóin shoghluaiste tríd an uimhir a dhialiú ar cheap diaile. Ní mór Creidmheas Skype nó suibscríbhinn Skype a bheith agat chun glaoch ar uimhir fóin.

• **Socruithe**
In Socruithe, is féidir leat do phasfhocal a athrú, do shocruithe príobháideachta agus teachtaireachtaí Gutha a shocrú nó féachaint ar do theagmhálaithe blocáilte agus go leor eile. Is féidir leat freisin síniú amach as Skype ón roghchlár Socruithe.

• **Ar ais ag an Teilifís**
Chun Skype a dhúnadh agus leanúint le féachaint ar theilifís. Beidh do theagmhálaithe in ann glaoch ort i gcónaí.

21.5

Daoine

Do Theagmhálaithe

In **Daoine**, is féidir leat liosta do **theagmhálaithe Skype** a fháil.

Taispeántar do theagmhálaithe lena bpictiúr próifíle agus a **nAinm Skype**. Nuair atá ponc uaine ar taispeáint in aice lena n-ainm, tá teagmhálaithe ar líne agus ar fáil le haghaidh ghlao Skype. Ní féidir ponc uaine a bheith in aice le teagmhálaithe a cuireadh isteach trí uimhir fóin chun taispeáint an bhfuil siad ar fáil.

Cuir isteach Teagmhálaí

Cuir Teagmhálaí Skype leis an liosta

In **Daoine**, ar liosta de do theagmhálaithe é, is féidir leat teagmhálaí nua Skype a chur isteach.

Má tá Ainm Skype nó ríomhphost cara ar eolas agat, is féidir do theagmhálaí a aimsiú go héasca. Mura bhfuil a nAinm Skype nó ríomhphost ar eolas agat, is féidir leat iarracht a dhéanamh iad a aimsiú tríd a n-ainmneacha a úsáid.

Chun teagmhálaí Skype a chur leis an liosta…

1 - Ar an leathanach Daoine, cliceáil **Cuir cara leis an liosta**.
2 - Cuir isteach **Ainm Skype** nó seoladh ríomhphoist do theagmhálaí nua. Is féidir leat freisin triail a bhaint as ainm a chur isteach. Nuair atá sé sin déanta agat, cliceáil **Cuardaigh Skype**.
3 - Déanfaidh Skype cuardach don teagmhálaí atá uait agus taispeánfaidh sé na torthaí cuardaigh duit.
4 - Cliceáil ar an teagmhálaí atá uait agus roghnaigh **Cuir teagmhálaí leis an liosta**.
5 - Scríobh an t-iarratas agus cliceáil **Seol**. Seolfaidh Skype an teachtaireacht iarratais chuig do theagmhálaí nua.

Má ghlacann an teagmhálaí leis na iarratas, taispeánfar Ainm Skype an teagmhálaí nua i do liosta agus is féidir leat glaoch ar do theagmhálaí ar Skype.

Cuir Uimhir Teileafóin leis an liosta

In **Daoine**, ar liosta de do chuid teagmhálaithe é, is féidir leat uimhir teileafóin a chur isteach mar theagmhálaí. Is féidir glaoch ar theileafón le glao gutha Skype. Teastaíonn Creidmheasanna Skype uait chun glao teileafóin a dhéanamh.

Chun uimhir teileafóin a chur leis an liosta…

1 - Ar an leathanach Daoine, cliceáil **Cuir cara leis an liosta**.
2 - Cliceáil **Cuir uimhir teileafóin leis an liosta**.
3 - Chun ainm do theagmhálaí a chur isteach, cliceáil **Cuir isteach ainm**. Cuir isteach ainm agus cliceáil **Sábháil** nuair atá sé sin déanta agat.
4 - Cliceáil **Cuir uimhir leis an liosta** in aice leis an gcineál uimhir fóin a bhfuil uait í a chur leis an liosta.
5 - Cliceáil ar thír ar bith. Déan cuardach don tír cheart don uimhir fóin seo agus cliceáil ar an mbratach atá comhfhreagrach léi.
6 - Cuir isteach uimhir fóin do theagmhálaí.
7 - Cliceáil **Sábháil**. Is féidir leat uimhir fóin eile a chur isteach don teagmhálaí seo nó **Cuir leis an liosta teagmhálaithe** a bhrú nuair atá sé sin déanta agat.

Glac le hlarratas Teagmhálaí

Nuair a fhaigheann tú **Iarratas teagmhálaí**, taispeánfar an teagmhálaí ar an leathanach Daoine. Taispeánfar an deilbhín in aice lena n-ainm.

Chun glacadh le hiarratas teagmhálaí…

1 - Ar an leathanach **Daoine**, cliceáil an teagmhálaí.
2 - Cliceáil **Glac**. Is féidir leat glaoch anois ar do theagmhálaí nua agus a stádas ar líne a fheiceáil.

Bain as agus Blocáil Teagmhálaí

Is féidir leat teagmhálaí Skype a bhaint as agus a bhlocáil. Ní bheidh an teagmhálaí in ann teagmháil a dhéanamh leat ar Skype. Bainfear ó do liosta teagmhálaithe freisin iad.

Ní chuirfear an teagmhálaí blocáilte ar an eolas. Taispeánfar do stádas mar as líne ina liosta teagmhálaithe.

Is féidir leat i gcónaí teagmhálaithe atá blocáilte agat a dhíbhlocáil. Cuirfear ar ais le do liosta teagmhálaithe iad.

Ní féidir uimhreacha fóin a bhlocáil. Ní féidir ach iad a bhaint ó do liosta teagmhálaithe.

Chun teagmhálaí a bhaint as agus a bhlocáil...

1 - Ar an leathanach **Daoine**, cliceáil ar an teagmhálaí a bhfuil uait é a bhlocáil.
2 - Cliceáil **Bain an Teagmhálaí seo as agus Blocáil é**.
3 - Cliceáil **Bain As**. Bainfear an teagmhálaí ó do liosta teagmhálaithe agus ní bheidh sé nó sí in ann teagmháil a dhéanamh leat.

Chun teagmhálaí a dhíbhlocáil…

1 - Sa roghchlár Skype, cliceáil **Socruithe**.
2 - Roghnaigh **Slándáil** > **Bainistigh teagmhálaithe blocáilte**.
3 - Lean na treoracha ar an scáileán.

Athainmnigh Teagmhálaí

Chun teagmhálaí a athainmniú…

1 - Ar an leathanach **Daoine**, cliceáil ar an teagmhálaí a bhfuil uait é a athainmniú.
2 - Cliceáil **Cuir in Eagar** in aice le hainm do theagmhálaí.
3 - Cuir isteach an t-ainm nua don teagmhálaí seo agus cliceáil **Sábháil**.

21.6

Ag déanamh glao ar Skype

Glao Físe nó Gutha

Glao Físe a dhéanamh

Chun Glao físe a dhéanamh…

1 - Ar an leathanach **Daoine**, roghnaigh an teagmhálaí a bhfuil uait glaoch air.
2 - Roghnaigh **Glao físe**. Má tá do theagmhálaí ar Skype, agus ceamara Skype nasctha aige agus má fhreagraíonn sé an glao, is féidir leat an duine seo a fheiceáil ar an teilifís.
3 - Chun deireadh a chur leis an nglao, cliceáil **Cuir deireadh le glao**.

Nuair atá do cheamara Skype casta air, lastar táscaire LED gorm. Is féidir leat seiceáil a dhéanamh ar a bhfuil le feiceáil ag do theagmhálaí sa scáileán beag ag bun an scáileán teilifíse ar thaobh na láimhe deise.

Chun an ceamara Skype a chasadh as, cliceáil **Fís As**. Chun é a chasadh air arís, cliceáil **Fís Air**.

Chun do mhicreafón a bhalbhú, cliceáil **Mic As**. Chun é a chasadh air arís, cliceáil **Mic Air**.

Glao Gutha a dhéanamh

Déan **Glao gutha** chun glaoch gan fís, leis an gceamara casta as.

Chun Glao gutha a dhéanamh…

1 - Ar an leathanach **Daoine**, cliceáil ar an teagmhálaí a bhfuil uait glaoch air.
2 - Roghnaigh **Glao gutha** agus brúigh OK. Má tá do theagmhálaí ar Skype agus má fhreagraíonn sé an glao, is féidir leat labhairt le do theagmhálaí.
3 - Chun deireadh a chur leis an nglao, cliceáil **Cuir deireadh le glao**.

Is féidir le teagmhálaí tú a chur le glao gutha a bhfuil níos mó ná rannpháirtí amháin ann. Ní féidir leat rannpháirtí breise a chur leis an nglao tú féin.

Ag Glaoch ar Theileafóin

Is féidir leat glaonna ar chostas íseal a dhéanamh d'fhóin shoghluaiste agus do línte talún le Skype. Ní mór Creidmheas Skype nó suibscríbhinn do Skype a bheith agat chun glaoch ar fhóin.

Chun glaoch ar theileafón…

1 - Ar an leathanach **Daoine**, cliceáil ar theagmhálaí uimhir teileafóin.
2 - Cliceáil ar an uimhir. Ní mór duit **Creidmheasanna Skype** a bheith ar fáil nó Suibscríbhinn Skype a bheith agat chun glao a dhéanamh le huimhir teileafóin. Má fhreagraíonn do theagmhálaí an glao, is féidir leat labhairt le do theagmhálaí.
3 - Chun deireadh a chur leis an nglao, cliceáil **Cuir deireadh le glao**.

Is féidir leat glaoch ar uimhir teileafóin go díreach le Skype freisin. Is féidir leat an uimhir teileafóin a chur isteach leis an gceap diailithe.

Chun an ceap diailithe a oscailt…

1 - Sa **roghchlár Skype**, cliceáil **Glaoigh ar fhóin**.
2 - Cliceáil **Roghnaigh tír** chun an réamhuimhir tíre a chur isteach. Déan cuardach don tír atá uait agus cliceáil a hainm agus bratach.
3 - Téigh ar ais go **Glaoigh fóin**.
4 - Cliceáil ar na huimhreacha ar an gceap diaile chun an uimhir teileafóin a chur isetach.
5 - Cliceáil **Glaoigh**.
6 - Chun deireadh a chur leis an nglao, cliceáil **Cuir deireadh le glao**.

Ní féidir glao éigeandála a dhéanamh le Skype

Ní ionad atá i Skype don teileafón agus ní féidir é a úsáid do ghlaonna éigeandála.

Glacadh le Glao

Nuair atá tú sínithe isteach go Skype agus ag féachaint ar an teilifís, tabharfaidh clingthon agus teachtaireacht ar an scáileán foláireamh duit faoi ghlao ag teacht isteach. Taispeánfaidh an teachtaireacht an duine atá ag glaoch agus is féidir leat an glao a fhreagairt nó a dhiúltú.

Chun an glao a fhreagairt, cliceáil – Glaoigh le fís.

Chun an glao a fhreagairt leis an gceamara casta as, cliceáil – Glaoigh le fuaim.

Chun an glao a dhiúltú, cliceáil chun an glao a dhiúltú.

Stair

Ar an leathanach **Stair** ar roghchlár Skype, gheobhaidh tú liosta de na glaonna atá déanta agat ar an teilifís. Aimseoidh tú na glaonna a chaill tú agus is féidir leat éisteacht le teachtaireachtaí Gutha.

Braitheann an méid ama a choinnítear d'eachtraí Skype sa liosta staire seo ar an líon teagmhálaithe atá agat agus a mhinicí a úsáideann tú Skype.

Teachtaireachtaí Gutha

Maidir le Teachtaireachtaí Gutha

Má ghlaonn duine ort ar Skype agus mura nglacfaidh tú leis an nglao, is féidir leis nó léi teachtaireacht labhartha a fhágáil ar **Theachtaireachtaí Gutha Skype**. Má ghlaonn tú ar theagmhálaí agus mura bhfuil siad in ann glacadh leis an nglao, is féidir leat Teachtaireacht Gutha a sheoladh chuig do theagmhálaí.

Chun Teachtaireacht Gutha a sheoladh nó chun glacadh le ceann, ní mór duit - nó do theagmhálaí - Teachtaireachtaí Gutha Skype a shocrú ar dtús. Is féidir leat Teachtaireachtaí Gutha a shocrú ar do ríomhaire. Téigh go www.skype.com

Teachtaireacht Gutha a Thaifeadadh

Má tá teachtaireachtaí Gutha gníomhachtaithe ag do theagmhálaí, is féidir leat teachtaireacht gutha a fhágáil mura bhfreagróidh siad do ghlao.

Chun Teachtaireacht Gutha a thaifeadadh…

1 - Glaoigh ar theagmhálaí. Mura bhfreagrófar do ghlao, molfaidh Skype duit **Teachtaireacht gutha** a sheoladh.
2 - Fág do theachtaireacht tar éis na bípe.
3 - Chun an taifeadadh a stopadh, cliceáil **Cuir deireadh le glao**.

Teachtaireacht Gutha a sheinnt

Is féidir le teagmhálaí Teachtaireacht Gutha a sheoladh chugat. Is féidir leat Teachtaireacht Gutha a sheinnt ón leathanach Stair.

Chun Teachtaireacht Gutha a sheinnt…

1 - Sa **roghchlár Skype**, cliceáil **Stair**.
2 - Cliceáil an **Teachtaireacht Gutha** a bhfuil tú ag iarraidh é a sheinnt.
3 - Cliceáil chun an Teachtaireacht Gutha a sheinnt. Is féidir leat éisteacht le Teachtaireacht Gutha a mhinicí is atá tú ag iarraidh.

21.7

Creidmheas Skype

Is féidir leat Creidmheas Skype nó suibscríbhinn Skype a thógáil amach ar Skype. Nuair atá Creidmheas Skype nó suibscríbhinn Skype ar fáil, is féidir leat glaonna ar chostas íseal a dhéanamh d'fhóin shoghluaiste agus do línte talún le do theilifís.

Creidhmheas Skype a cheannach

Chun Creidhmheas Skype a cheannach nó suibscríbhinn Skype a thógáil amach, sínigh isteach go Skype ar do ríomhaire.
Beidh an Creidmheas Skype a cheannaíonn tú ar fáil nuair a shíníonn tú isteach go Skype ar do theilifís.

Taispeánfar an méid creidmheasa nó an t-eolas suibscríbhinne ar

gach leathanach ar féidir leat glao fóin a dhéanamh ann.

Creidmheas Skype íseal

Tabharfar fógra duit má tá do chreidmheas ró-íseal chun glao fóin a dhéanamh.

21.8

Socruithe Skype

Cuimhnigh ar mo phasfhocal

Má úsáideann tú an cuntas céanna Skype ar an teilifís i gcónaí, is féidir leat Skype a shocrú chun dul thar an leathanach sínithe isteach.

Ar an leathanach sínithe isteach, cliceáil an ticbhosca in aice le **Cuimhnigh ar mo phasfhocal**. Mura síneoidh tú amach as Skype agus má théann tú ar ais ag féachaint ar an teilifís nó má chasann tú as an teilifís – an chéad uair eile a thosaíonn tú Skype, osclóidh sé ar do leathanach Daoine. Ní gá duit síniú isteach ar dtús.

Ginearálta

Creidmheas Skype

Chun an méid Creidmheas Skype atá agat a sheiceáil…

Tosaigh **Skype** agus cliceáil **Socruithe** > **Ginearálta** > **Creidmheas Skype**.

Téarmaí agus Coinníollacha Skype

Chun Téarmaí agus Coinníollacha Skype nó Polasaí Príobháideachta Skype a léamh…

Tosaigh Skype agus cliceáil **Socruithe** > **Ginearálta** > **Téarmaí agus Coinníollacha** nó **Polasaí Príobháideachta**.

Slándáil

Athraigh Pasfhocal

Is féidir leat go pasfhocal Skype reatha agus pasfhocal nua a chur isteach do do chuntas Skype.

Chun do phasfhocal a athrú…

1 - Sínigh isteach do Skype le do chuntas.
2 - Sa **roghchlár Skype**, cliceáil **Socruithe**.
3 - Cliceáil **Slándáil** agus cliceáil **Athraigh pasfhocal**.
4 - Lean na treoracha ar an scáileán.

Teagmhálaithe Blocáilte

Is féidir leat féachaint ar liosta de do theagmhálaithe blocáilte. Is féidir leat teagmhálaithe a dhíbhlocáil sa liosta seo.

Chun an liosta a oscailt…

1 - Sínigh isteach do Skype le do chuntas.
2 - Sa **roghchlár Skype**, cliceáil **Socruithe**.
3 - Cliceáil **Slándáil** > **Bainistigh Teagmhálaithe Blocáilte**.

Glaonna Isteach

Is féidir leat Skype a shocrú chun glaonna Skype ag teacht isteach a shrianú.

Chun an srianadh a shocrú…

1 - Sínigh isteach do Skype le do chuntas.
2 - Sa **roghchlár Skype**, cliceáil **Socruithe**.
3 - Cliceáil **Slándáil** > **Ceadaigh glaonna ó** > **Dhuine ar bith** nó **Mo theagmhálaithe amháin**.

Mo Phictiúr Próifíle

Is féidir leat Skype a shocrú chun taispeáint do phictiúr próifíle a shrianadh.

Chun an srianadh a shocrú…

1 - Sínigh isteach do Skype le do chuntas.
2 - Sa **roghchlár Skype**, cliceáil **Socruithe**.
3 - Cliceáil **Slándáil** > **Taispeáin Mo phictiúr próifíle** > **Duine ar bith** nó **Mo theagmhálaithe amháin**.

Foláirimh

Is féidir leat foláirimh Skype a shocrú do Ghlao isteach, Iarratas teagmhálaí, Teachtaireacht gutha nó Glao caillte. Is féidir leat freisin an foláireamh do Ghlaonna isteach agus airde fuaime an Chlingthoin a shocrú.

Chun na foláirimh Skype a shocrú…

1 - Sínigh isteach do Skype le do chuntas.
2 - Sa **roghchlár Skype**, cliceáil **Socruithe**.
3 - Cliceáil **Foláirimh**.

Ceamara

Suí Ceamara

Is féidir leat amharcphointe do cheamara a shocrú. Is féidir leat zúmáil isteach nó amach, nó an fráma ceamara a pheanáil nó a chlaonadh.

Chun amharcphointe an cheamara a shocrú…

1 - Sínigh isteach do Skype le do chuntas.
2 - Sa **roghchlár Skype**, cliceáil ✿ **Socruithe** > **Ceamara**.
3 - Chun zúmáil isteach, cliceáil **+** (plus). Chun zúmáil amach, cliceáil **–** (lúide). Chun an fráma ceamara a aistriú (peanáil), cliceáil na saigheada san íomhá ar chlé nó ar dheis. Chun an fráma ceamara a chlaonadh, cliceáil na saigheada suas nó síos.
4 - Cliceáil **Sábháil** chun amharcphointe an cheamara a stóráil.

21.9

Ar ais chuig an Teilifís

Cliceáil ▭ **Ar ais ag an Teilifís** chun Skype a dhúnadh agus leanúint ag féachaint ar theilifís.

Beidh do theagmhálaithe in ann glaoch ort i gcónaí.

21.10

Sínigh amach:

Nuair a shíníonn tú amach as Skype, ní bheidh do theagmhálaithe in ann glaoch ort.

Chun síniú amach…

1 - Sa **roghchlár Skype**, cliceáil ✿ **Socruithe**.
2 - Cliceáil **Sínigh amach**.

22

Multi Room

22.1

Maidir le Multi Room

Is féidir leat féachaint ar chlár teilifíse a thagann ó theilifís eile i do theach le Multi Room. Déantar an clár a shruthú ó theilifís amháin go teilifís eile. Is féidir leat clár a shruthú go teilifís nach bhfuil aon nasc aeróige aige nó nach bhfuil suibscríbhinn Chárta cliste dá chuid féin aige. Is féidir leat freisin clár taifeadta a shruthú ó theilifís a bhfuil Diosca Crua nasctha aici.

Ní mór don teilifís a shruthaíonn an clár go dtí an teilifís eile a bheith casta air agus ní mór di tiúnáil go dtí an cainéal nó an taifeadadh a sheinnt.

Laghdófar an taifeach pictiúir go 720p ar a mhéad nuair a shruthaítear clár teilifíse le hIlamharc. Ní féidir leat cainéil raidió a shruthú. Cosnaíonn roinnt craoltóirí a gcláir chun an cineál sin sruthaithe a chosc.

22.2

A bhfuil de dhíth ort

Chun clár teilifíse a shruthú ó theilifís amháin go ceann eile, ní mór don chlár teacht ó chainéal teilifíse digití.

Ní mór don dá theilifís a bheith nasctha le do líonra baile gan sreang. Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Líonra gan Sreang**.

Anuas air sin, ní mór don dá theilifís uimhir múnla Philips a bheith acu a chríochnaíonn le 8 nó níos airde - e.g. xxXXXxxx**8** nó xxXXXxxx**9**. D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach an teilifís níos sine a nuashonrú leis na bogearraí is deireanaí. Léigh an chaibidil Cabhair maidir le bogearraí a nuashonrú ar an teilifís níos sine.

Cinntigh go bhfuil an socrú **Cas air le Wi-Fi (WoWLAN)** casta air ag an dá theilifís i suiteáil na teilifíse.

Chun an socrú seo a sheiceáil ar an teilifís seo…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Líonra** agus cliceáil **Cas air le Wi-Fi (WoWLAN)**.
3 - Cliceáil **Air**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Ní mór don teilifís a shruthaíonn an clár go dtí an teilifís eile a bheith casta air agus ní mór di tiúnáil go dtí an cainéal nó an taifeadadh a sheinnt.

22.3

Ag Úsáid Multi Room

Tosaigh

Nuair a thosaíonn tú Multi Room den chéad uair, cas air an dá theilifís.

A thúisce is a bheidh nasc déanta idir an teilifís seo agus an teilifís eile, taispeánfar an ceann eile go huathoibríoch sa roghchlár **Brabhsáil líonra** fiú nuair atá sé ar Fuireachas.

Cainéal teilifíse a shruthú

Is féidir leat féachaint ar an gcainéal teilifíse reatha le hIlseomra nó liosta cainéal na teilifíse eile a oscailt. Má roghnaíonn tú cainéal ón liosta, athróidh an teilifís eile go dtí an cainéal atá roghnaithe agat. Má tá tiúnóir satailíte ionsuite ag an teilifís eile agus cainéil suiteáilte nó Tiomántán Diosca Crua (HDD) a bhfuil taifeadtaí air*, is féidir leat féachaint orthu sin freisin ar an teilifís seo. Ní féidir leat cainéil a athrú nuair atá an teilifís eile i mbun taifeadta, i mód Cuir Teilifís ar Sos nó i mbun úsáide Skype.

Chun féachaint ar chainéal teilifíse ón teilifís eile . . .
1 - Bí cinnte go bhfuil an teilifís eile ar Fuireachas* nó casta air.
2 - Brúigh **SOURCE** ar an teilifís seo, roghnaigh **Brabhsáil líonra** agus brúigh **OK**.
3 - Mura bhfuil an teilifís nasctha le do líonra baile fós, tosóidh an tsuiteáil líonra go huathoibríoch. Má tá an teilifís nasctha cheana féin, gabh ar aghaidh go dtí céim 4.
4 - Sa roghchlár **Brabhsáil líonra**, roghnaigh ainm na teilifíse eile agus brúigh **OK**. Má tá go leor teilifíseanna i do theach agat, d'fhéadfá a bheith ag iarraidh ainm na teilifíse eile a athrú. Is féidir leat é sin a dhéanamh ar an teilifís féin.
5 - Roghnaigh a bhfuil uait féachaint air ón teilifís eile. . .
• Chun féachaint ar chainéal reatha na teilifíse eile, roghnaigh **Cainéal reatha** agus brúigh **OK**.
• Chun liosta cainéal na teilifíse eile a oscailt, roghnaigh **Féach ar theilifís** agus brúigh ▶ (Deas).
• Chun liosta cainéal satailíte na teilifíse eile a oscailt, roghnaigh **Féach ar Shatailít** agus brúigh ▶ (Deas).
• Chun liosta na dtaifeadtaí* ar an teilifís eile a oscailt, roghnaigh **Féach ar thaifeadtaí** agus brúigh ▶ (Deas).
• Is féidir leat cainéil a athrú le **+** agus **-**. Ní féidir leat cainéil a athrú nuair atá an teilifís eile i mbun taifeadta, i mód Cuir teilifís ar sos nó i mbun úsáide Skype.

* Chun an teilifís eile a chasadh air ó Fhuireachas nó chun féachaint ar a taifeadtaí ó HDD nasctha, ní mór uimhir cineáil a chríochnaíonn le hocht a bheith ag an dá theilifís, m.sh. (méid an scáileáin) **PFLxxx8**.

Ainm na teilifíse

Chun ainm na teilifíse a athrú . . .
Brúigh ⌂ > **Suiteáil** > **Socruithe líonra** > **Ainm an líonra teilifíse**.

23

Roinn é seo…

Is féidir leat an cainéal agus ainm an chláir a bhfuil tú ag féachaint air a roinnt nó seoladh Idirlín an láithreáin gréasáin a bhfuil tú air a roinnt leis an eochair **Roinn é seo** ar chúl an Chianrialtáin agus in aice leis an méarchlár ar thaobh na láimhe deise. Is féidir leat teideal agus eolas cláir atá roghnaithe san Eolaire Teilifíse a roinnt nó ainm an Fheidhmchláir agus a dheilbhín ó Smart TV a roinnt. Is féidir leat na rudaí seo ar fad a roinnt ar Facebook nó Twitter nó aon líonra sóisialta atá ar fáil ar leathanaigh Feidhmchláir do Smart TV.

Ní mór do do theilifís a bheith nasctha leis an Idirlíon.

Chun an rud a bhfuil tú ag féachaint air nó atá roghnaithe agat anois a roinnt…

1 - Brúigh chun an roghchlár **Roinn é seo** a oscailt.
2 - Roghnaigh an líonra sóisialta a bhfuil tú ag iarraidh roinnt air agus brúigh**OK**.
3 - Osclóidh an teilifís láithreán gréasáin an líonra shóisialta. Is féidir leat teachtaireacht a sheoladh nó a chur isteach, ag brath ar an gcineál líonra shóisialta atá roghnaithe agat.

24

Philips TV Remote App

Is é an **Philips TV Remote App** do chara teilifíse nua.

Nuair atá an TV Remote App ar d'fhón cliste nó do thaibléad, bíonn tú i gceannas ar na meáin atá timpeall ort. Seol grianghraif, ceol nó físeáin chuig do scáileán mór teilifíse nó féach ar aon cheann de do chainéil teilifíse beo ar do thaibléad nó ar d'fhón. Déan cuardach dó sin a bhfuil tú ag iarraidh féachaint air agus féach air ar d'fhón nó do theilifís. Is tú atá i gceannas leis an TV Remote App. B'fhéidir nach ndéanfá ach airde fuaime na teilifíse a ísliú.

Íoslódáil an Philips TV Remote App ón siopa feidhmchlár is ansa leat inniu.

Tá sé saor in aisce

Tá an Philips TV Remote App ar fáil do iOS agus d'Android.

25

Suiteáil

25.1

Mear-Socruithe

Tá na socruithe teilifíse is minicí a bhíonn ag teastáil uait cuachta sa roghchlár **Mearshocruithe**.

Chun an roghchlár a oscailt…

1 - Brúigh ✿.
2 - Cliceáil an socrú a bhfuil uait é a choigeartú.

3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

25.2

Pictiúr

Stíl Phictiúir

Roghnaigh Stíl

Chun an pictiúr a choigeartú go héasca, is féidir leat Stíl Pictiúir réamhshainithe a roghnú.

1 - Agus tú ag féachaint ar cainéal teilifíse, brúigh ✿ agus cliceáil **Stíl Pictiúir**.
2 - Cliceáil ar cheann de na stíleanna sa liosta.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Is iad na stíleanna atá ar fáil…

• **Pearsanta** - Na roghanna pictiúir a shocraíonn tú i rith na chéad suiteála.
• **Gléineach** - Feiliúnach d'fhéachaint i rith an lae
• **Nádúrtha** - Socruithe pictiúir nádúrtha
• **Caighdeánach** - An socrú is fearr ó thaobh choigilt fuinnimh - Socrú réamhshainithe
• **Scannán** - Feiliúnach d'fhéachaint ar scannáin

• **Grianghraf** - Feiliúnach d'fhéachaint ar ghrianghraif
• **ISF Lá** - Do Chalabrú ISF
• **ISF Oíche** - Do Chalabrú ISF

Stíl a Aisghabháil

Nuair atá Stíl Pictiúir roghnaithe agat, is féidir leat aon socrú pictiúir a athrú in **Suiteáil** > **Pictiúr**…

Stórálfaidh an stíl atá roghnaithe na hathruithe atá déanta agat. Molaimid na socruithe pictiúir don stíl **Pearsanta** amháin a athrú. Tá an Stíl Pictiúir - Pearsanta in ann a socruithe a shábháil do gach gléas indibhidiúl atá nasctha sa roghchlár Foinsí.

Chun an stíl a aisghabháil chuig an socrú bunaidh a bhí aici…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Pictiúr** > **Stíl Pictiúir** agus cliceáil ar an Stíl Pictiúir a bhfuil uait é a aisghabháil.
3 - Brúigh an eochair datha ▬ **Aisghabh Stíl**. Aisghabhtar an stíl.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Baile nó Siopa

Má athraítear an Stíl Pictiúir ar ais go **Gléineach** gach uair a chasann tú air an teilifís, socrófar suíomh na teilifíse go **Siopa**. Socrú é seo a bhaineann le tionsncaimh shiopa.

Chun an teilifís a shocrú d'úsáid sa Bhaile…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta** > **Suíomh** agus cliceáil **Baile**.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Cluiche nó Ríomhaire

Nuair a nascann tú gléas, aithníonn an teilifís a chineál agus tugann sé ainm cineáil ceart do gach gléas. Is féidir leat an t-ainm cineáil a athrú más mian leat. Má shocraítear ainm cineáil ceart do ghléas, athraíonn an teilifís go huathoibríoch go dtí na socruithe teilifíse is fearr a fheileann di nuair a athraíonn tú go dtí an gléas seo sa roghchlár Foinsí.

Má tá consól cluiche agat a bhfuil seinnteoir Diosca Blu-ray ionsuite aige, b'fhéidir go mbeidh ort an t-ainm cineáil a shocrú go Diosca Blu-ray. I gcás **Cluiche nó Ríomhaire**, is féidir leat athrú go dtí na socruithe is fearr do chluichíocht de láimh. Ná déan dearmad an socrú Cluiche nó Ríomhaire a chasadh as nuair a fhilleann tú ar fhéachaint ar theilifís.

Chun an socrú a athrú de láimh…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Pictiúr** > **Ardsocruithe** agus cliceáil **Cluiche nó Ríomhaire.**
3 - Cliceáil ar an gcineál gléis a bhfuil tú ag iarraidh é a úsáid. Cliceáil **As** chun athrú ar ais go dtí an teilifís.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Socruithe pictiúir

Dath

Is féidir leat sáithiú datha an phictiúir a athrú le **Dath**.

Chun an dath a athrú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Pictiúr** > **Dath** agus cliceáil laistigh den bharra

sleamhnáin chun an luach a athrú.
3 - Brúigh ⮌ BACK, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Codarsnacht

Is féidir leat codarsnacht an phictiúir a choigeartú le **Codarsnacht**. Má tá tú ag féachaint ar phictiúir 3D, athraítear an socrú seo go **Codarsnacht cúl solais 3D**.

Chun an codarsnacht athrú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Pictiúr** > **Codarsnacht** agus cliceáil laistigh den bharra sleamhnáin chun an luach a athrú.
3 - Brúigh ⮌ BACK, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Géire

Is féidir leat an leibhéal géire i mionsonraí an phictiúir a athrú le **Géire**.

Chun an ghéire a athrú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Pictiúr** > **Géire** agus cliceáil laistigh den bharra sleamhnáin chun an luach a athrú.
3 - Brúigh ⮌ BACK, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Ardsocruithe

Dath

Breisiú Datha

Is féidir leat déine dathanna agus na sonraí i ndathanna geala a bhreisiú le **Breisiú Datha**.

Chun an leibhéal a athrú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Pictiúr** > **Ardsocruithe** > **Dath** > **Breisiú Datha** agus cliceáil **Uasmhéid**, **Meán**, **Íosmhéid** nó **As**.
3 - Brúigh ⮌ BACK, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Teocht Datha

Is féidir leat an pictiúr a athrú go teocht datha réamhshocraithe le **Teocht Datha** nó **Saincheaptha** a roghnú chun socrú teochta a shocrú tú féin le **Teocht Datha Saincheaptha**. Is do shainúsáideoirí atá Teocht datha agus Teocht datha shaincheaptha dírithe.

Chun luach réamhshainithe a roghnú …

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Pictiúr** > **Ardsocruithe** > **Dath** > **Teocht Datha** agus cliceáil **Normálta**, **Teolaí** nó **Fionnuar**. Nó cliceáil **Saincheaptha** má tá uait teocht datha a shaincheapadh tú féin.
3 - Brúigh ⮌ BACK, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Teocht Datha Shaincheaptha

Is féidir leat teocht datha a shocrú tú féin le **Teocht Datha Saincheaptha**. Chun Teocht datha saincheaptha a shocrú, roghnaigh Saincheaptha ar dtús sa roghchlár Teocht Datha. Is do shainúsáideoirí atá Teocht Datha Saincheaptha dírithe.

Chun teocht datha saincheaptha a shocrú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Pictiúr** > **Ardsocruithe** > **Dath** > **Teocht Datha Saincheaptha** agus cliceáil laistigh den bharra sleamhnáin chun an luach a athrú. Seasann WP do phointe bán agus BL do leibhéal dubh. Is féidir leat freisin ceann de na luachanna réamhshainithe a roghnú sa roghchlár seo.
3 - Brúigh ⮌ BACK, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Rialú Datha ISF

Is féidir le saineolaí ISF atáirgeadh dathanna na teilifíse a chalabrú le **Rialú Datha ISF**. Sainsocrú ISF é Rialú Datha.

Bain an leas is fearr as do thaispeáint teilifíse le **Calabrúchán ISF®**. Is féidir leat iarraidh ar shaineolaí calabrúcháin ISF cuairt a thabhairt ar do theach agus an teilifís a shocrú go dtí an socrú pictiúir is fearr. Chomh maith leis sin, beidh an saineolaí in ann Calabrúchán ISF a shocrú d'Ambilight.
Iarr ar do mhiondíoltóir Calabrúchán ISF a dhéanamh duit.

Is iad na tairbhí a bhaineann le Calabrúchán…

- soiléire agus géire pictiúir níos fearr
- sonraí níos fearr i gcodanna geala agus dorcha den íomhá
- dubhanna níos doimhne agus níos dorcha
- glaineacht agus cáilíocht níos fearr dathanna
- tomhaltas fuinnimh níos lú

Stórálfaidh agus glasálfaidh an saineolaí Calabrúchán ISF na socruithe ISF mar 2 stíl pictiúir.
Nuair atá an Calabrúchán ISF déanta, brúigh ✿ agus cliceáil **Stíl Pictiúir** agus cliceáil **ISF Lá** nó **ISF Oíche**. Roghnaigh ISF Lá chun féachaint ar theilifís i rith choinníollacha solais ghil nó roghnaigh ISF Oíche nuair atá sé dorcha.

Mód RGB Amháin ISF

Is féidir le saineolaí ISF an scáileán a athrú go dathanna RGB amháin le **mód RGB amháin**.

Codarsnacht

Móid Codarsnachta

Is féidir leat an leibhéal ag ar féidir tomhaltas cumhachta a laghdú trí ghile an scáileáin a mhaolú a shocrú le **Mód codarsnachta**. Roghnaigh é seo chun an tomhaltas cumhachta is fearr a fháil nó an pictiúr leis an déine is fearr.

Chun an leibhéal a athrú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Pictiúr** > **Ardsocruithe** > **Codarsnacht** > **Mód Codarsnachta** agus cliceáil **Cumhacht is Fearr**, **Pictiúr is Fearr**, **Caighdeánach** nó **As**.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Codarsnacht Fhoirfe

Is féidir leat an leibhéal ag a bhfeabhsaíonn an teilifís sonraí i limistéir dhorcha, láir agus gheala an phictiúir go huathoibríoch a shocrú le **Codarsnacht Fhoirfe**.

Chun an leibhéal a athrú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Pictiúr** > **Ardsocruithe** > **Codarsnacht** > **Codarsnacht Fhoirfe** agus cliceáil **Uasmhéid**, **Meán**, **Íosmhéid** nó **As**.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Codarsnacht, Gile

Is féidir leat leibhéal gile an chomhartha pictiúir a shocrú le **Gile**. Socrú é Gile atá dírithe ar shainúsáideoirí. Molaimid dóibh siúd nach sainúsáideoirí iad an gile a choigeartú leis an socrú **Codarsnacht**.

Chun an leibhéal a athrú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Pictiúr** > **Ardsocruithe** > **Codarsnacht** > **Gile** agus cliceáil laistigh den bharra sleamhnáin chun an luach a athrú.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Codarsnacht Físe

Is féidir leat raon na codarsnachta físe a laghdú le **Codarsnacht Físe**. Má tá tú ag féachaint ar phictiúir 3D, athraítear an socrú seo go **Codarsnacht Físe 3D**. Is do shainúsáideoirí atá na socruithe Codarsnacht Físe agus Codarsnacht Físe 3D dírithe.

Chun an leibhéal a athrú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Pictiúr** > **Ardsocruithe** > **Codarsnacht** > **Codarsnacht Físe** agus cliceáil laistigh den bharra sleamhnáin chun an luach a athrú.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Braiteoir Solais

Athraíonn an **Braiteoir Solais** na socruithe pictiúr agus Ambilight go huathoibríoch go dtí coinníollacha solais an tseomra. Is féidir leat an Braiteoir Solais a chasadh air nó as.

Chun casadh air nó as…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Pictiúr** > **Ardsocruithe** > **Codarsnacht** > **Braiteoir Solais** agus cliceáil **Air** nó **As**.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Gáma

Is féidir leat socrú neamhlíneach a shocrú do lonras agus codarsnacht pictiúr le **Gáma**. Is do shainúsáideoirí atá an socrú gáma dírithe.

Chun an leibhéal a athrú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Pictiúr** > **Ardsocruithe** > **Codarsnacht** > **Gamma** agus cliceáil laistigh den bharra sleamhnáin chun an luach a athrú.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Géire

Ultra Resolution

Casann tú géire ar ardchaighdeán air i gcás ciumhaiseanna línte agus imlínte le **Ultra Resolution**.

Chun casadh air nó as…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Pictiúr** > **Ardsocruithe** > **Géire** > **Ultra Resolution**.
3 - Cliceáil **Air** nó **As**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Géire, laghdú torainn

Is féidir leat leibhéal torann na híomhá a scagadh amach agus a laghdú le **Laghdú Torainn**.

Chun an laghdú torainn a athrú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.

2 - Cliceáil **Pictiúr** > **Ardsocruithe** > **Géire** > **Laghdú Torainn**.
3 - Cliceáil **Uasmhéid**, **Meán**, **Íosmhéid** nó **As**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Géire, Laghdú Déantán MPEG

Is féidir leat na trasdulta digiteacha sa phictiúr a shlíomadh le **Laghdú Déantáin MPEG**. Is mar bhloic bheaga nó mar chiumhaiseanna eangacha in íomhánna is minicí a fheictear déantáin MPEG.

Chun na déantáin MPEG a laghdú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Pictiúr** > **Ardsocruithe** > **Géire** > **Laghdú Déantán MPEG**.
3 - Cliceáil **Uasmhéid**, **Meán**, **Íosmhéid** nó **As**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Gluaisne

Perfect Natural Motion

Is féidir leat an creathán gluaisne a bhíonn le feiceáil i scannáin ar an teilifís a laghdú le **Perfect Natural Motion**. Déanann Perfect Natural Motion aon ghluaiseacht mín agus líofa.

Chun an creathán gluaisne a athrú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Pictiúr** > **Ardsocruithe** > **Gluaisne** > **Perfect Natural Motion**.
3 - Cliceáil **Uasmhéid**, **Meán**, **Íosmhéid** nó **As**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Clear LCD

Is féidir leat géire gluaisne ar ardchaighdeán, leibhéal duibh níos fearr, ardchodarsnacht le híomhá chiúin agus saor ó chaochaíl agus uillinn amhairc níos mó a chasadh air le **Clear LCD**.

Chun casadh air nó as…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Pictiúr** > **Ardsocruithe** > **Gluaisne** > **Clear LCD**.
3 - Cliceáil **Air** nó **As**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Formáid Phictiúir

Má thaispeántar barraí dubha ar bharr agus ar bhun an scáileáin nó ar gach taobh, is féidir leat an fhormáid pictiúir a athrú chun an scáileán a líonadh.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi Fhormáid Pictiúir, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Formáid Pictiúir**.

Mear-Socrú Fuaime

Shocraigh tú roinnt socruithe pictiúir go héasca i rith na chéad suiteála. Is féidir leat na céimeanna sin a dhéanamh arís le Mear-Socrú Phictiúir. Cinntigh gur féidir leis an teilifís tiúináil go dtí cainéal teilifíse nó go bhfuil sé in ann clár a thaispeáint ó ghléas nasctha.

Chun an pictiúr a shocrú i gcéimeanna éasca…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) le haghaidh **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Pictiúr** agus cliceáil **Mear-Socrú Phictiúir**.
3 - Cliceáil an socrú pictiúir is fearr leat agus lean ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile.
4 - Cliceáil **Críochnaigh** chun críochnú.
5 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Nuair atá an Mear-Socrú Phictiúir déanta agat, is féidir leat an **Mear-Socrú Fuaime** a thosú chun fuaim na teilifíse a shocrú go héasca.

Suíomh

Má tá an teilifís lonnaithe i siopa, is féidir leat an teilifís a shocrú chun meirge promóisin siopa a thaispeáint. Déanfar an **stíl Pictiúir** a athrú go **Gléineach** go huathoibríoch. Castar as an **tAmadóir Casadh As** go huathoibríoch.

Chun an teilifís a shocrú le haghaidh suíomh Siopa…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) do **Shuiteáil**.
2 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta** agus cliceáil Suíomh.
3 - Cliceáil **Siopa**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Má úsáideann tú an teilifís sa bhaile, athraigh suíomh na teilifíse go Baile.

Socruithe siopa

Má tá an teilifís socraithe do **Siopa**, is féidir leat fáil físeáin thaispeána faoi leith a shocrú le haghaidh a úsáide i siopa.

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta** agus cliceáil **Físeáin Thaispeána Siopa**.
3 - Cliceáil **As** nó cliceáil **Meirge Próimisin** mar fhíseán taispeána siopa.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

25.3

Fuaim

Stíl fuaime

Roghnaigh Stíl

Is féidir leat socrú réamhshainithe a roghnú le Stíl Fuaime chun an fhuaim a athrú go héasca.

1 - Agus tú ag féachaint ar cainéal teilifíse, brúigh ⚙ agus cliceáil **Stíl Fuaime**.
2 - Cliceáil ar cheann de na stíleanna sa liosta.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Is iad na stíleanna atá ar fáil…

• **Pearsanta** - Na roghanna fuaime a shocraíonn tú an chéad uair a chasann tú air í.
• **Bunaidh** - An socrú fuaime is neodraí
• **Scannán** - Feiliúnach d'fhéachaint ar scannáin
• **Ceol** - Feiliúnach do cheol
• **Cluiche** - Feiliúnach do chluichíocht

• **Nuacht** - Feiliúnach do chaint

Stíl a Aisghabháil

Agus Stíl Fuaime roghnaithe agat, is féidir leat aon socrú fuaime a athrú in **Suiteáil** > **Fuaim**…

Stórálfaidh an stíl atá roghnaithe na hathruithe atá déanta agat. Molaimid na socruithe fuaime a athrú don stíl **Pearsanta** amháin. Is féidir leis an Stíl Fuaime - Pearsanta a socruithe a shábháil do gach gléas indibhidiúl atá nasctha sa roghchlár Foinsí.

Chun an stíl a aisghabháil chuig an socrú bunaidh a bhí aici…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Fuaim** > **Stíl Fuaime** agus cliceáil ar an Stíl Fuaime a bhfuil uait í a aisghabháil.
3 - Brúigh an eochair datha — **Aisghabh Stíl**. Aisghabhtar an stíl.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Socruithe Fuaime

Dord

Is féidir leat leibhéal ton íseal san fhuaim a athrú le **Dord**.

Chun an leibhéal a athrú…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Fuaim** > **Dord** agus cliceáil laistigh den bharra sleamhnáin chun an luach a athrú.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Faoi thrí

Is féidir leat an leibhéal ton ard san fhuaim a athrú le **Faoi Thrí**.

Chun an leibhéal a athrú…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Fuaim** > **Tribil** agus cliceáil laistigh den bharra sleamhnáin chun an luach a athrú.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Modh Mórthimpeall

Is féidir leat éifeacht fuaime na gcallairí teilifíse a shocrú le **Modh Imfhuaime**. Má roghnaíonn tú **Imfhuaim Iontach**d'fhéachaint teilifíse 2D, athróidh an teilifís go **hImfhuaim iontach 3D** go huathoibríoch nuair a thosaíonn tú ag féachaint ar 3D. Mura bhfuil uait go n-athródh an teilifís go huathoibríoch, roghnaigh **As** in **Uath-Imfhuaim 3D**.

Chun an modh imfhuaime a shocrú…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Fuaim** > **Modh Imfhuaime**.
3 - Cliceáil **Steiréó**, **Imfhuaim Iontach** nó **Imfhuaim Iontach 3D**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Mórthimpeall 3D uathoibríoch

Is féidir leat an teilifís a chosc ó athrú go huathoibríoch go hImfhuaim Iontach 3D nuair a athraítear an teilifís d'fhéachaint 3D le **hUath-Imfhuaim 3D**.

Chun casadh air nó as…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Fuaim** > **Uath-Imfhuaim 3D**.
3 - Cliceáil Air nó **As**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Airde Fuaime Cluasán

Is féidir leat socrú ar leith a dhéanamh d'airde fuaime cluasán nasctha le **hAirde Fuaime na gCluasán**.

Chun an airde fuaime a athrú…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Fuaim** > **Airde Fuaime na gCluasán** agus athraigh an luach leis an mbarra sleamhnáin.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Ardsocruithe

Uath-Leibhéaladh Airde Fuaime

Is féidir leat an teilifís a shocrú chun difríochtaí tobanna san airde fuaime a leibhéaladh le **hUathleibhéaladh Airde Fuaime**. Bíonn sé sin ag teastáil go hiondúil ag tús na bhfógraí nó nuair atá tú ag athrú cainéal.

Chun casadh air nó as…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Fuaim** > **Ardsocruithe** > **Uathleibhéaladh Airde Fuaime**.
3 - Cliceáil **Air** nó **As**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Clear Sound

Feabhsaíonn tú an fhuaim do chaint le **Clear Sound**. Feileann sé go breá do chláir nuachta. Is féidir leat an feabhas cainte a chasadh air nó as.

Chun casadh air nó as…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Fuaim** > **Ardsocruithe** > **Clear Sound**.
3 - Cliceáil **Air** nó **As**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

HDMI ARC

Mura bhfuil Cainéal Fillte Fuaime (ARC) ag teastáil uait ar aon cheann de na naisc HDMI, is féidir leat an comhartha ARC a chasadh as.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh ▬ **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **HDMI ARC**.

Formáid Fuaime Amach

Is féidir leat comhartha fuaime amach na teilifíse a shocrú chun dul in oiriúint do na cumais próiseála fuaime atá ag do Chóras Amharclainne Baile le **Formáid Fuaime Amach**.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh ▬ **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Formáid Fuaime Amach**.

Leibhéaladh Fuaime Amach

Is féidir airde fuaime an Chórais Amharclainne Baile a chothromú le hairde fuaime na teilifíse nuair a athraíonn tú ó cheann amháin go dtí an ceann eile le **Leibhéaladh Fuaime Amach**.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh ▬ **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Leibhéaladh Fuaime Amach**.

Moill ar Fhuaim Amach

Má shocraíonn tú moill sionc Fuaime ar do Chóras Amharclainne Baile chun an fhuaim a shioncronú leis an bpictiúr, ní mór duit **Moill ar Fhuaim Amach** ar an teilifís a chasadh as.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh ▬ **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Moill ar Fhuaim Amach**.

Seach-chur Fuaim Amach

Murar féidir leat moill a shocrú ar an gCóras Amharclainne Baile, is féidir leat moill a shocrú ar an teilifís le **Seach-Chur Fuaime Amach**.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh ▬ **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Seach-Chur Fuaime Amach**.

Callairí

Callairí gan Sreang

A bhfuil de dhíth ort

Is féidir leat callaire gan sreang – fo-dhordaire nó barra fuaime– a nascadh leis an teilifís seo.

Tá raon ar leith de tháirgí challaire gan sreang Philips in ann nascadh agus fuaim na teilifíse a sheinnt. Téigh go dtí láithreán gréasáin Philips le haghaidh táirgí fuaime gan sreang a fheileann don teilifís seo - www.philips.com/tv

Chun fuaim na teilifíse a sheinnt ar challaire gan sreang, ní mór duit an callaire gan sreang a phéireáil leis an teilifís. Is féidir leat suas le 10 callaire gan sreang a phéireáil ach ní féidir leat an fhuaim a sheinnt ach ar challaire amháin gan sreang ag aon am amháin. Má nascann tú fo-dhordaire, seinntear an fhuaim ar an teilifís agus ar an bhfo-dhordaire. Má nascann tú barra fuaime, ní sheinntear an fhuaim ach ar an mbarra fuaime amháin.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi callaire gan sreang a phéireáil, brúigh an eochair datha ▬ **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Challairí gan Sreang, nasc**.

Roghnaigh Callaire

Nuair a phéireáiltear callaire gan sreang leis an teilifís, is féidir leat an callaire a seinnfear fuaim na teilifíse uirthi a roghnú.

Chun gléas Bluetooth gan sreang a roghnú chun fuaim na teilifíse a sheinnt…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Fuaim** > **Ardsocruithe** > **Callairí Teilifíse**.
3 - Roghnaigh ainm an challaire gan sreang. Casfar callairí na teilifíse as. Má roghnaíonn tú fo-dhordaire gan sreang, fanfaidh callairí na teilifíse casta air.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an

roghchlár a dhúnadh.

Chun athrú go dtí na callairí gan sreang go díreach…

1 - Agus tú ag féachaint ar an teilifís, brúigh ✿.
2 - Cliceáil **Callairí** agus cliceáil ainm an challaire gan sreang.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Bain Callaire As

Is féidir leat callaire gan sreang a díphéireáil agus a bhaint as liosta na gcallairí péireáilte.

Chun callaire gan sreang a díphéireáil agus sa bhaint as …

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Fuaim** > **Callairí gan Sreang** > **Bain Callaire As**.
3 - Cliceáil sa liosta chun an callaire gan sreang a bhfuil tú ag iarraidh é a bhaint as a mharcáil.
4 - Cliceáil **Bain As**.
5 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Airde Fuaime Fo-Dhordaire

Má nascann tú fo-dhordaire gan sreang, is féidir leat airde fuaime an fho-dhordaire a ardú beagán nó a ísliú beagán.

Chun an airde fuaime a athrú beagán…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Fuaim** > **Callairí gan Sreang** > **Airde Fuaime Fo-Dhordaire** agus cliceáil laistigh den bharra sleamhnáin chun an luach a athrú.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Fabhtcheartú

Nasc caillte
• Lonnaigh an callaire gan sreang laistigh de 5 méadar ón teilifís.
• Tá áiteanna a bhfuil go leor gníomhaíochta gan sreang iontu - árasáin a bhfuil go leor ródairí gan sreang ann - in ann cur isteach ar an nasc gan sreang. Bíodh an ródaire agus an callaire gan sreang chomh gar don teilifís agus is féidir.

Mímheaitseáil fuaime agus físe
• D'fhéadfadh fadhbanna sioncronaithe fuaime agus físe a bheith ag roinnt córas challairí gan sreang. Molaimid go n-úsáidfí táirgí fuaime gan sreang Philips.

Córas Amharclainne Baile

Is féidir fuaim na teilifíse a sheoladh chuig gléas fuaime nasctha - Córas Amharclainne Baile nó córas fuaime.

Is féidir leat an áit a bhfuil tú ag iarraidh fuaime na teilifíse a chloisteáil a roghnú, agus an chaoi a bhfuil uait é a rialú.
• Má roghnaíonn tú **As**, casann tú as callairí na teilifíse go buan.
• Má roghnaíonn tú **Air**, beidh callairí na teilifíse air i gcónaí.

Is féidir leat ceann de na socruithe EasyLink a úsáid nuair atá gléas fuaime nasctha le HDMI CEC.
• Má roghnaíonn tú **EasyLink**, seolann an teilifís fuaim na teilifíse go dtí an gléas fuaime. Casfaidh an teilifís as callairí na teilifíse nuair atá an gléas ag seinnt na fuaime.
• Má roghnaíonn tú **EasyLink Autostart**, casfaidh an teilifís an gléas fuaime air, seolfaidh sé fuaim na teilifíse chuig an ngléas agus casfaidh sé as callairí na teilifíse.
Nuair atá EasyLink nó uath-thús EasyLink roghnaithe agat, is féidir leat athrú go callairí teilifíse i gcónaí más gá.

Chun callairí na teilifíse a shocrú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Fuaim** > **Ardsocruithe** > **Callairí na teilifíse**.
3 - Cliceáil **As**, **Air**, **EasyLink** nó **EasyLink Autostart**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Chun athrú go dtí na callairí go díreach…

1 - Agus tú ag féachaint ar an teilifís, brúigh ✿ .
2 - Cliceáil **Callairí** agus cliceáil **TV** nó **Córas Fuaime**.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Lonnú Teilifíse

Mar chuid den chéad suiteáil, socraítear an socrú seo do **Ar sheastán teilifíse** nó **Gléasta ar an mballa**. Má tá suíomh na teilifíse athraithe ó shin agat, athraigh an socrú sin dá réir le haghaidh an atáirgeadh fuaime is fearr.

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta** > Lonnú teilifíse.
3 - Cliceáil **Ar sheastán teilifíse** nó **Gléasta ar an mballa**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

25.4

Ambilight

Ambilight, Air nó As

Is féidir leat stíl a shocrú d'Ambilight. Tá roinnt stíleanna dinimiciúla ann mar aon le stíl statach amháin – dath seasmhach. I gcás na stíle stataí, is féidir leat an dath a roghnú tú féin. Mar rogha air sin, is féidir leat Ambilight a chasadh as.

Chun an Stíl Ambilight a shocrú…

1 - Brúigh ◐ (Ambilight).
2 - Cliceáil ar an Stíl Ambilight is fearr leat. Má chliceálann tú ar **Statach**, taispeánfar pailéad dathanna. Cliceáil ar dhath sa phailéad chun an dath Statach a shocrú. Cliceáil **As** chun

Ambilight a chasadh as.

Chomh maith leis an socrú As, is iad seo a leanas na stíleanna atá ar fáil…

- **Caighdeánach**
- **Nádúrtha**
- **Tumthach**
- **Beoga**
- **Cluiche**

- **Compord**
- **Lig do Scíth**
- **ISF**
- **Statach**

Socruithe Ambilight

Gile Ambilight

Is féidir leat leibhéal gile an Ambilight a shocrú le **Gile** Ambilight.

Chun an leibhéal a athrú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Ambilight** > **Gile** agus cliceáil laistigh den bharra sleamhnáin chun an luach a athrú.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Sáithiú Ambilight

Is féidir leat leibhéal sáithithe Ambilight a shocrú le **Sáithiú** Ambilight.

Chun an leibhéal a athrú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Ambilight** > **Sáithiú** agus cliceáil laistigh den bharra sleamhnáin chun an luach a athrú.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Ambilight+lí

A bhfuil de dhíth ort

Le **Ambilight+lí**, is féidir leat do lampaí **Philips hue**a shocrú chun dathanna **Ambilight** na teilifíse a leanúint. Leathnóidh na lampaí Philips Hue an éifeacht Ambilight ar fud an tseomra. Mura bhfuil aon lampa Philips Hue agat fós, ceannaigh an **Philips Hue Starter Kit** (a bhfuil Hue Bridge ann mar aon le 3 bolgán Hue) agus suiteáil na bolgáin agus an Bridge. Is féidir leat bolgáin Philips Hue breise a cheannacht ina gceann agus ina gceann.

Teastaíonn na rudaí seo a leanas uait chun Ambilight+lí a shocrú ar do theilifís…

- Hue Bridge Philips
- roinnt bolgán Philips Hue
- an teilifís seo nasctha le do líonra baile

Is féidir leat an tsuiteáil iomlán Ambilight+lí a dhéanamh ar an teilifís agus ní theastaíonn an Feidhmchlár Ambilight+lí.
Má íoslódálann tú an **Ambilight+lí Feidhmchlár** in aisce ar d'fhón cliste nó ar do thaibléad níos deireanaí, is féidir leat an Feidhmchlár seo a úsáid chun roinnnt socruithe Ambilight+lí a choigeartú.

Cumraigh

Céimeanna Cumraíochta

Chun bolgáin **Philips Hue** a chumrú mar bholgáin **Ambilight+lí**, lean na treoracha ar na leathanaigh seo a leanas…

1 - Líonra
2 - Hue Bridge
3 - Bolgáin hue
4 - Cumraigh bolgán

Líonra

Sa chéad chéim seo, ullmhóidh tú an teilifís chun an **Philips hue Bridge** a aimsiú.

Ní mór don teilifís agus don Philips Hue Bridge an líonra céanna a úsáid.
Nasc an Philips Hue Bridge leis an ródaire le cábla Ethernet — an ródaire atá in úsáid ag líonra na teilifíse.
Cas air na bolgáin Hue.

Chun an cumrú a thosú…

1 - Brúigh ◐ (Ambilight) agus cliceáil ar aon Stíl Ambilight.
2 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
3 - Cliceáil **Ambilight** > **Ambilight+hue** agus cliceáil Cas Air. agus cliceáil **Cas Air**.
4 - Cliceáil **Cumraigh**.
5 - Má tá an teilifís nasctha le do líonra baile, tosóidh sé ag cuardach don Philips Hue Bridge láithreach.
Mura bhfuil an teilifís nasctha fós le do líonra, tosóidh an teilifís suiteáil an líonra i dtosach. Ní mór duit an teilifís a nascadh le do líonra baile.

Nuair atá an teilifís nasctha le do líonra, téigh go dtí an leathanach **Hue Bridge**.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gcaoi an teilifís a nascadh le do líonra baile, brúigh an eochair datha ▬ **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Líonra, gan sreang**.

Hue Bridge

Sa chéim seo a leanas, déanfaidh tú nasc idir an teilifís agus an **Philips Hue Bridge**.
Ní féidir an teilfís a nascadh ach le Hue Bridge amháin.

Chun an Hue Bridge a nascadh…

1 - Nuair atá an teilifís nasctha leis an líonra, taispeánfaidh sé na Hue Bridges atá ar fáil. Murar aimsigh an teilifís do Hue Bridge fós, is féidir leat **Scan arís** a chliceáil.
Murar aimsigh an teilifís ach an t-aon Hue Bridge atá agat, cliceáil **Ar Aghaidh**.
Má tá níos mó ná Hue Bridge amháin ar fáil duit, cliceáil ar an Hue Bridge a bhfuil uait é a úsáid agus ansin cliceáil **Ar Aghaidh**.
2 - Anois téigh go dtí an **Philips Hue Bridge** agus brúigh an cnaipe naisc i lár an ghléis. Nascfaidh sé sin an Hue Bridge leis an teilifís. Déan é sin laistigh de 30 soicind. Dearbhóidh an teilifís má tá Hue Bridge nasctha leis an teilifís anois.
3 - Cliceáil **OK** tar éis an dearbhú sin a fháil.

Nuair atá an droichead Philips Hue nasctha leis an teilifís, téigh go dtí an leathanach **Bolgáin Hue**.

Bolgáin Hue

Sa chéim seo a leanas, roghnóidh tú na **bolgáin Philips Hue** a bhfuil orthu Ambilight a leanúint.
Is féidir suas le 9 bolgán Philips Hue a roghnú do Ambilight+lí.

Chun na bolgáin a roghnú do Ambilight+lí…

1 - Sa roghchlár **Cumraigh Ambilight+hue**, cliceáil **bolgáin Hue**.
2 - Marcáil na bolgáin a bhfuil orthu Ambilight a leanúint. Chun bolgán a mharcáil, cliceáil ar ainm an bholgáin.
3 - Nuair atá sé sin déanta agat, cliceáil **OK**.

Nuair atá na bolgáin marcáilte do Ambilight+lí, téigh go dtí an leathanach **Cumraigh bolgán**.

Cumraigh Bolgán

Sa chéim seo a leanas, cumróidh gach ceann de na **bolgáin Philips Hue**.

Chun gach bolgán Hue a chumrú …

1 - Cliceáil ar ainm an bholgáin sa roghchlár **Cumraigh Ambilight+hue**. Beidh an bolgán a roghnaigh tú ag caochaíl.
2 - Tabhair le fios i dtosach an áit ar lonnaigh tú an bolgán i dtéarmaí na teilifíse. Má shocraítear an **Uillinn** i gceart, seolfaidh sé an dath ceart Ambilight chuig an mbolgán. Cliceáil laistigh den bharra sleamhnán chun an suíomh a athrú.
3 - Is é an dara céim ná an **tAchar** idir an bolgán agus an teilifís a thabhairt le fios. Éiríonn an dath Ambilight níos laige nuair a lonnaítear níos faide ón teilifís é. Cliceáil laistigh den bharra sleamhnáin chun an t-achar a athrú.
4 - Ar deireadh, socraigh **Gile** an bholgáin. Cliceáil laistigh den bharra sleamhnáin chun an gile a athrú.
5 - Chun éirí as cumrú an bholgáin seo, cliceáil **OK**.
6 - Sa roghchlár **Cumraigh Ambilight+hue**, is féidir leat déanamh amhlaidh do gach bolgán.
7 - Nuair atá na bolgáin Ambilight+hue cumraithe, cliceáil **Críochnaigh**.

Ambilight+lí réidh le haghaidh úsáide.

Is féidir leat i gcónaí an chumraíocht Ambilight+lí a athrú níos deireanaí.
Chun an chumraíocht a athrú, brúigh ✿ agus cliceáil **Suiteáil** > **Ambilight** > **Ambilight+hue** > **Cumraigh**.

Tumadh

Is féidir leat leibhéal na héifeachta Ambilight a choigeartú do na bolgáin Ambilight+lí le **Tumadh**.

Chun Tumadh Ambilight+lí a choigeartú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Ambilight** > **Ambilight+hue** > **Tumadh** agus cliceáil laistigh den bharra sleamhnáin chun an luach a athrú.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Féach ar Chumraíocht

In **Féach ar chumraíocht**, is féidir leat cumraíocht reatha Ambilight+hue a sheiceáil. An líonra atá in úsáid agat, an líon bolgán atá nasctha, etc.

Chun féachaint ar shuiteáil reatha Ambilight+lí …

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Ambilight** > **Ambilight+hue** > **Féach ar Chumraíocht**.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Ardsocruithe Ambilight

Dath an Bhalla

Is féidir leat tionchar balla daite ar na dathanna Ambilight a neodrú le **Dath an Bhalla**. Roghnaigh dath an bhalla taobh thiar den teilifís agus cuirfidh an teilifís na dathanna Ambilight in oiriúint dó.

Chun dath an bhalla a roghnú . . .

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Ambilight** > **Ardsocruithe** > **Dath an Bhalla**.
3 - Sa phailéad dathanna, cliceáil an dath a mheaitseálann dath an bhalla taobh thiar den teilifís.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Casadh As Teilifís

Is féidir leat Ambilight a shocrú chun casadh as láithreach nó dul in éag go mall nuair a chasann tú as an teilifís le **Cas as teilifís**. Tugann an dul in éag mall roinnt ama duit na gnáthshoilse a chasadh air sa seomra.

Chun an chaoi a chasann Ambilight as a roghnú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Ambilight** > **Ardsocruithe** > **Cas as teilifís**.
3 - Roghnaigh **Dul in éag go mall** nó **Casadh as láithreach**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Modh Solais Tolglainne

Nuair atá an teilifís ar Fuireachas, is féidir leat Ambilight a chasadh air agus éifeacht Solas Tolglainne a chruthú i do sheomra.

Chun Ambilight a chasadh air nuair atá an teilifís ar Fuireachas, brúigh ⏀ (Ambilight).

Chun an Modh Solais Tolglainne a athrú, brúigh ⏀ (Ambilight) arís.
Chun an Solas Tolglainne a chasadh as, brúigh agus coinnigh síos ⏀ (Ambilight) ar feadh roinnt soicind.

Chun an dath réamhshainithe modha a athrú don Solas Tolglainne…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Ambilight** > **Ardsocruithe** > **Solas Tolglainne**.
3 - Cliceáil an modh atá uait.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Nuair atá an Philips TV Remote App ar d'fhón cliste nó ar do thaibléad, is féidir leat seicheamh dathanna don Mhodh Solais Tolglainne a shocrú tú féin. Sa liosta modhanna, cliceáil **TV Remote App** chun an seicheamh Solais Tolglainne atá díreach cruthaithe agat a úsáid mar Mhodh Solais Tolglainne. Nuair atá an teilifís ar Fuireachas agus d'fhón cliste nó do thaibléad nasctha leis an líonra baile céanna, is féidir leat an socrú Mhodh Solais Tolglainne ar do ghléas soghluaiste a athrú.

Lounge Light+hue

Má tá Ambilight+lí suiteáilte agat, is féidir leat ligint do na bolgáin hue an Solas Tolglainne ó Ambilight a leanúint. Leathnóidh na lampaí Philips Hue an éifeacht Solas Tolglainne ar fud an tseomra. Nuair a chumraíonn tú Ambilight+lí, castar na bolgáin hue air agus socraítear iad chun an Solas Tolglainne a leanúint. Mura bhfuil tú ag iarraidh go leanfaidh na bolgáin hue an Solas Tolglainne, is féidir leat na bolgáin a chasadh as.

Chun na bolgáin hue a chasadh as…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Ambilight** > **Ardsocruithe** > **Solas Tolglainne+hue**.
3 - Cliceáil **As**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Tiúnáil ISF

Nuair a chalabraíonn saineolaí ISF an teilifís, is féidir dath statach Ambilight a chalabrú. Is féidir leat aon dath atá uait a roghnú le haghaidh a chalabraithe. Nuair a bheidh an Calabrú ISF déanta, is féidir leat an dath statach ISF a roghnú.

Chun an dath statach ISF a roghnú…

Brúigh ⏀ (Ambilight) agus cliceáil **ISF**.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh ⬬ **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Chalabrú ISF®**.

25.5

Socruithe Ginearálta

Glas Leanaí

Úsáidtear an PIN Glais Leanaí chun cainéil nó cláir a ghlasáil nó a dhíghlasáil.

Chun an cód glais a shocrú nó chun an cód reatha a athrú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) le haghaidh **Suiteáil**.
2 - Roghnaigh **Socruithe Ginearálta** > **Socraigh Cód** nó **Athraigh Cód** agus brúigh **OK**.
3 - Cuir isteach cód a bhfuil 4 digit ann. Má tá cód socraithe cheana féin, cuir isteach an cód Glais Leanaí reatha agus ansin cuir isteach an cód nua faoi dhó.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Tá an cód nua socraithe.

An bhfuil do chód PIN Glais Leanaí dearmadtha agat?

Má tá do chód PIN dearmadtha agat, is féidir leat an cód reatha a scoitheadh agus ceann nua a chur isteach.

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) le haghaidh **Suiteáil**.
2 - Roghnaigh **Socruithe Ginearálta** > **Socraigh Cód** nó **Athraigh Cód** agus brúigh **OK**.
3 - Cuir isteach an cód sáraitheach **8888**.
4 - Anois cuir isteach cód PIN Glais Leanaí nua agus cuir isteach arís é chun é a dhearbhú.
5 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Tá an cód nua socraithe.

Clog

Brúigh ⌂ chun an t-am a thaispeáint. Taispeánann an **Roghchlár Baile** an t-am i gcónaí.

I roinnt tíortha, ní sheolann craoltaí digiteacha eolas UTC - Am Uilíoch Lámach. D'fhéadfaí neamhaird a dhéanamh d'Am Coigilte Sholas an Lae agus d'fhéadfadh an teilifís am mícheart a thaispeáint.

Nuair a thaifeadann tú cláir atá sceidealta san Eolaire Teilifíse, molaimid nach n-athrófar an t-am agus an dáta de láimh. I gcás roinnt tíortha agus roinnt oibritheoirí líonra, cuirtear an socrú **Clog** i bhfolach chun socrú cloig míchruinn a sheachaint.

Chun clog na teilifíse a cheartú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (Clé).
2 - Roghnaigh **Socruithe Ginearálta** > **Clog** agus roghnaigh **Ag Brath ar an Tír**.
3 - Roghnaigh **Am coigilte Sholas an Lae** agus roghnaigh an socrú cuí.
Chun an t-am agus an dáta a shocrú de láimh, roghnaigh **De Láimh**. Ansin roghnaigh **Am** nó **Dáta**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Lógónna Cainéal

Tá an teilifís in ann lógónna cainéal a thaispeáint i roinnt tíortha. Mura bhfuil uait go dtaispeánfar na lógónna sin, is féidir leat iad a chasadh as.

Chun na lógónna a chasadh as…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (Clé).
2 - Roghnaigh **Socruithe Ginearálta** > **Lógónna Cainéal** agus brúigh **OK**.
3 - Roghnaigh **As** agus brúigh **OK**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

25.6

Éicea-Socruithe

Tíosach ar Fhuinneamh

Cuachann **Éicea-socruithe** na socruithe a chabhraíonn leis an gcomhshaol.

Tíosach ar Fhuinneamh

Má roghnaíonn tú Coigilt Fuinnimh, athraíonn an teilifís go Stíl Pictiúir - Caighdeánach go huathoibríoch, an socrú is fearr choigilt fuinnimh don phictiúr agus d'Ambilight.

Chun Coigilt Fuinnimh a shocrú don teilifís…

1 - Brúigh ✿ agus cliceáil **Éicea-socruithe**.
2 - Cliceáil **Coigilt Fuinnimh**, socraítear an Stíl Pictiúir do Caighdeánach go huathoibríoch.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Scáileán As

Mura n-éistíonn tú ach le ceol, is féidir leat scáileán na teilifíse a chasadh as chun fuinneamh a choigilt.

Chun díreach scáileán na teilifíse a chasadh as…

1 - Brúigh ✿ agus cliceáil **Éicea-socruithe**.
2 - Cliceáil **Scáileán As**.

Chun an scáileán a chur ar siúl arís, brúigh aon eochar ar an gcianrialaitheoir.

Braiteoir Solais

Íslíonn an braiteoir ionsuite timpeallach gile an scáileán teilifíse nuair a éiríonn sé níos dorcha chun fuinneamh a shábháil. Coigeartaíonn an braiteoir ionsuite an pictiúr go huathoibríoch, in éineacht le Ambilight, do choinníollacha solais an tseomra.

Chun díreach scáileán na teilifíse a chasadh as…

1 - Brúigh ✿ agus cliceáil **Éicea-socruithe**.
2 - Cliceáil **Braiteoir Solais**. Taispeántar an deilbhín os cionn an Bhraiteora Solais nuair atá sé gníomhach.

Amadóir Casta As

Má fhaigheann an teilifís comhartha teilifíse ach mura mbrúfaidh tú méar ar an gcianrialtán i rith thréimhse 4 uair, casfaidh an teilifís as go huathoibríoch chun fuinneamh a choigilt. Anuas air sin, mura bhfhaigheann an teilifís comhartha teilifíse nó ordú cianrialtáin ar feadh 10 nóiméad, casfaidh an teilifís as go huathoibríoch.

Má úsáideann tú an teilifís mar mhonatóir nó má úsáideann tú glacadóir digiteach chun féachaint ar an teilifís (Bosca bairr - STB) agus mura n-úsáideann tú cianrialtán na teilifíse, ba cheart duit an socrú chun an gléas a chasadh as go huathoibríoch a dhíghníomhachtú.

Chun an tAmadóir Casta As a dhíghníomhachtú …

1 - Brúigh ✿ agus cliceáil **Éicea-socruithe**.
2 - Cliceáil **Amadóir Casta As**. Cliceáil laistigh den bharra sleamhnáin chun an luach a choigeartú. Díghníomhachtóidh an luach **0** (As) an casadh as uathoibríoch.

Taispeánfar an deilbhín ar aghaidh Amadóir Casta As nuair atá sé gníomhach.

25.7

Inrochtaineacht

Cas As

Nuair atá **Inrochtaineacht** casta air, ullmhaítear an teilifís dóibh siúd atá bodhar, a bhfuil lagú éisteachta orthu, dall nó a bhfuil lagú amhairc orthu.

Cas air

Mura chas tú **Inrochtaineacht** air i rith na suiteála, is féidir leat é a chasadh air i gcónaí in **Suiteáil**.
Chun Inrochtaineacht a chasadh air…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) le haghaidh **Suiteáil**.
2 - Roghnaigh **Inrochtaineacht** agus roghnaigh **Inrochtaineacht** céim amháin eile.
3 - Roghnaigh **Air** agus brúigh **OK**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Nuair atá Inrochtaineacht casta air, cuirtear an rogha Inrochtaineacht ar an roghchlár Roghanna.

Bíp Eochrach

Tugann **Bíp eochrach** freagra fuaime gach uair a bhrúnn tú eochair ar an gcianrialtán. Ní athraíonn airde fuaime na bípe.

Chun Bíp eochrach a chasadh air…

1 - Agus tú ag féachaint ar chainéal teilifíse, brúigh ☰ **OPTIONS**, roghnaigh **Inrochtaineacht** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Bíp eochrach** agus roghnaigh **Air**.

Mura dtaispeántar Inrochtaineacht sa roghchlár Roghanna, cas air **Inrochtaineacht** in **Suiteáil**.
Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh ▬ **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Inrochtaineacht**.

Treoir Gutha

A bhfuil de dhíth ort

Is féidir le d'fhón cliste nó do thaibléad téacs a thaispeántar ar scáileán na teilifíse a labhairt le Treoir Gutha. Insíonn sé duit an cainéal a bhfuil tú air nó léann sé amach sonraí an chéad chláir eile ar an gcainéal seo. Labhraíonn Treoir Gutha eolas faoi chainéil, faoi chláir agus eolas ón Eolaire Teilifíse.

Ní mór an feidhmchlár Téacs-go-Teanga (TTS) a bheith suiteáilte ar d'fhón cliste nó do thaibléad. Ní mór don teilifís a bheith nasctha leis an bhfón cliste nó an taibléad i do líonra baile.

Nuair atá Treoir Gutha casta air in Inrochtaineacht, seolann an teilifís amach eolas TTS chuig cibé fón cliste nó taibléad atá laistigh den líonra baile. Má tá an feidhmchlár TTS casta air ar an ngléas soghluaiste, tiontófar an téacs go teanga.

Seolfaidh an teilifís amach an t-eolas TTS sa teanga atá socraithe ar an teilifís. Labhróidh an fón cliste nó an taibléad an téacs sa teanga sin. D'fhéadfadh an teanga atá socraithe ar an ngléas soghluaiste féin a bheith éagsúil.

Ní oibríonn Treoir Gutha ach le nascleanúint saighde amháin.

Cas As

Chun Treoir Gutha a chasadh air…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) le haghaidh **Suiteáil**.
2 - Roghnaigh **Inrochtaineacht** > **Treoir Gutha**.
3 - Roghnaigh **Air** agus brúigh **OK**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Athraítear gach socrú eile, cosúil le guth, luas gutha nó airde fuaime na teanga, san fheidhmchlár TTS don ghléas soghluaiste.

Eolas agus Téacs a Labhraítear

Labhrófar an t-eolas nó an téacs seo a leanas…

- ainm agus uimhir an chainéil nuair atáthar ag athrú ó chainéal amháin go cainéal eile
- am tosaithe an cháir teilifíse
- sonraí faoin gclár teilifíse reatha agus faoin gcéad cheann eile
- treoracha faoin gcaoi nascleanúint leis na saigheada
- téacs an Chur Síos Fuaime más ann dó
- leibhéal an airde fuaime nuair atáthar ag athrú an airde fuaime
- an roghchlár Roghanna agus a chuid míreanna
- nascleanúint an roghchláir Baile

Lagú Éisteachta

Craolann roinnt cainéal teilifíse digití fuaim agus fotheideal speisialta atá curtha in oiriúint dóibh siúd a bhfuil lagú éisteachta orthu nó do dhaoine atá bodhar. Nuair atá **Lagú Éisteachta** casta air, athraíonn an teilifís go huathoibríoch go dtí an fhuaim agus na fotheidil atá curtha in oiriúint, más ann dóibh. Sula féidir leat **Lagú Éisteachta** a chasadh air, ní mór duit **Inrochtaineacht** a chasadh air.

Cas air

Chun Lagú éisteachta a chasadh air…

1 - Agus tú ag féachaint ar chainéal teilifíse, brúigh ☰ **OPTIONS**, roghnaigh **Inrochtaineacht** agus brúigh **OK**.
2 - Roghnaigh **Lagú éisteachta**, roghnaigh **Air** agus brúigh **OK**.

Chun seiceáil an bhfuil teanga fuaime dóibh siúd a bhfuil lagú éisteachta orthu ar fáil, brúigh ☰ **OPTIONS**, roghnaigh **Teanga fuaime** agus déan cuardach do theanga fuaime atá marcáilte le ɔ+.

Mura dtaispeántar Inrochtaineacht sa roghchlár Roghanna, cas **Inrochtaineacht** air in **Suiteáil**.
Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh ▬ **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Inrochtaineacht**.

Lagú amhairc

Cas As

Tá cainéil teilifíse dhigiteacha in ann tráchtaireacht speisialta fuaime a chraoladh a chuireann síos ar a bhfuil ag tarlú ar an scáileán.
Ní mór duit **Cur síos Fuaime** a chasadh air i dtosach sula bhféadfaí an fhuaim agus na héifeachtaí dóibh siúd a bhfuil lagú amhirc acu a shocrú.
Ní mór duit **Inrochtaineacht** a chasadh air in **Suiteáil** freisin sula bhféadfaí Cur síos Fuaime a chasadh air.

Cuirtear tráchtaireacht tráchtaire leis an ngnáthfuaim nuair atá **Cur síos Fuaime** casta air.
Chun an tráchtaireacht a chasadh air (má tá sé ar fáil)…

1 - Agus tú ag féachaint ar chainéal teilifíse, brúigh ☰ **OPTIONS**.
2 - Roghnaigh **Inrochtaineacht** > **Cur síos Fuaime** agus brúigh **OK**.
3 - Roghnaigh **Air** agus brúigh **OK**.

Is féidir leat seiceáil an bhfuil tráchtaireacht fuaime ar fáil.
Sa roghchlár Roghanna, roghnaigh **Teanga Fuaime** agus déan cuardach do theanga fuaime atá marcáilte le ⊙+.

Fuaim Mheasctha

Is féidir leat airde fuaime na gnáthfuaime a mheascadh leis an tráchtaireacht fuaime.

Chun an airde fuaime a mheascadh…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) le haghaidh **Suiteáil**.
2 - Roghnaigh **Inrochtaineacht** > **Cur síos Fuaime** > **Airde Fuaime Mheasctha** agus brúigh **OK**.
3 - Úsáid na saigheada suas agus síos chun an barra sleamhnáin a shocrú.
4 - Brúigh **OK** chun dearbhú.
5 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Má tá teanga fuaime a bhfuil tráchtaireacht fuaime bhreise istigh leis ar fáil, is féidir leat an socrú seo a fháil freisin in ☰ **OPTIONS** > **Inrochtaineacht** > **Airde Fuaime Mheasctha**.

Éifeacht Fuaime

Is féidir éifeachtaí breise a bheith ar fáil le roinnt tráchtaireachta fuaime, cosúil le steiréó nó fuaimeanna ag dul in éag.

Chun **Éifeachtaí Fuaime** a chasadh air (má tá siad ar fáil)…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) le haghaidh **Suiteáil**.
2 - Roghnaigh **Inrochtaineacht** > **Cur síos Fuaime** > **Éifeachtaí Fuaime** agus brúigh **OK**.
3 - Roghnaigh Air agus brúigh **OK**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Caint

I gcás cainte, tá an tráchtaireacht fuaime in ann fotheidil a stóráil do na focail a labhraítear.

Chun na fotheidil seo a chasadh air (má tá siad ar fáil) . . .

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) le haghaidh **Suiteáil**.
2 - Roghnaigh **Inrochtaineacht** > **Cur síos Fuaime** > **Teanga** agus brúigh **OK**.
3 - Roghnaigh **Tuairisciúil** nó **Fotheidil** agus brúigh **OK**.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

25.8

Líonra

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **Líonra**.

25.9

Suiteáil Aeróige/Cábla

Nuashonraigh Cainéil

Uasdhátú Cainéil Uathoibríoch

Má fhaigheann tú cainéil dhigiteacha, is féidir leat an teilifís a shocrú chun na cainéil seo a nuashonrú go huathoibríoch.

Déanann an teilifís nuashonrú ar na cainéil agus stórálann sé cainéil nua uair amháin in aghaidh an lae, ag 6 AM. Stóráltar cainéil nua sa Liosta Cainéal agus marcáltar iad le ✸. Baintear cainéil atá gan chomhartha as. Ní mór don teilifís a bheith ar Fuireachas chun cainéil a nuashonrú go huathoibríoch. Is féidir leat Nuashonrú Cainéal Uathoibríoch a chasadh as.

Chun an nuashonrú uathoibríoch a chasadh as…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Suiteáil Aeróige/Cábla** > **Nuashonrú Cainéal Uathoibríoch** agus cliceáil **As**.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Nuair a aimsítear cainéil nua nó má dhéantar nuashonrú ar chainéil nó má bhaintear as iad, taispeántar teachtaireacht ar an teilifís nuair a chastar air í. Is féidir leat an teachtaireacht sin a chasadh as ionas nach dtaispeánfar í i ndiaidh gach nuashonrú cainéal.

Chun an teachtaireacht a chasadh as…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Suiteáil Aeróige/Cábla** > **Teachtaireacht Nuashonrú Cainéal** agus cliceáil **As**.

3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Déantar an Nuashonrú cainéal uathoibríoch i roinnt tíortha nuair atáthar ag féachaint ar an teilifís nó uair ar bith nuair atá an teilifís ar Fuireachas.

Nuashonrú Cainéal de Láimh

Is féidir leat nuashonrú cainéal a thosú tú féin i gcónaí.

Chun nuashonrú cainéal a thosú de láimh…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Suiteáil Aeróige/Cábla** > **Déan Cuardach do Chainéil** agus cliceáil **Nuashonrú**.
3 - Lean na treoracha ar an scáileán. D'fhéadfadh an nuashonrú roinnt nóiméad a thógáil.

Cainéil nua

Sa Liosta Cainéal, marcáltar cainéil atá aimsithe as an nua le ✸ .

Chun liosta a bhfuil díreach na cainéil nua air a oscailt…

1 - Brúigh ☰ **LIST** chun an Liosta Cainéal a oscailt.
2 - Brúigh ⚌ **OPTIONS** agus cliceáil **Taispeáin Cainéil Nua**. Is féidir leat cainéal a mharcáil mar cheanán, a ghlasáil nó a athainmniú.
3 - Brúigh an eochair datha ▬ **Dún** chun liosta na gcainéal nua a dhúnadh.

Athshuiteáil Cainéil

Athshuiteáil Cainéil

Is féidir leat gach cainéal a athshuiteáil agus gach socrú teilifíse eile a fhágáil mar atá.

Má tá cód glais leanaí socraithe, beidh ort an cód seo a chur isteach sular féidir leat cainéil a athshuiteáil.

Chun cainéil a athshuiteáil…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Suiteáil Aeróige/Cábla** > **Déan Cuardach do Chainéil** agus cliceáil **Athshuiteáil**.
3 - Lean na treoracha ar an scáileán. D'fhéadfadh an tsuiteáil roinnt nóiméad a thógáil.

Athshuiteáil teilifíse

Is féidir leat suiteáil iomlán teilifíse a dhéanamh arís. Déanfar an teilifís a athshuiteáil go hiomlán.

Chun suiteáil iomlán teilifíse a athdhéanamh…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta** agus cliceáil **Athshuiteáil teilifís**.
3 - Lean na treoracha ar an scáileán. D'fhéadfadh an tsuiteáil roinnt nóiméad a thógáil.

Socruithe monarchan

Is féidir leat na socruithe teilifíse a athrú ar ais go dtí na socruithe bunaidh teilifíse a bhí ann (na socruithe réamhshainithe) do phictiúr, fuaim agus Ambilight.

Chun athrú ar ais go dtí na socruithe bunaidh…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta** agus cliceáil **Socruithe Réamhshainithe**.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Cóipeáil Liosta Cainéal

Réamheolas

Is do dhíoltóirí agus do shainúsáideoirí amháin atá Cóipeáil Liosta Cainéal beartaithe. Níl Cóipeáil Liosta Cainéal ar fáil i roinnt tíortha ach amháin do chóipeáil cainéal satailíte.

Is féidir leat na cainéil atá suiteáilte ar theilifís amháin a chóipeáil go dtí teilifís Philips eile den déanamh céanna le Cóipeáil Liosta Cainéal. Seachnaíonn tú cuardach cainéal fada trí liosta cainéal atá réamhshainithe a uaslódáil le Cóipeáil Liosta Cainéal. Úsáid méaróg chuimhne USB a bhfuil ar a laghad 1 GB de spás saor uirthi.

Coinníollacha

- Is ón raon bliana céanna an dá teilifís.
- Tá an cineál crua-earraí céanna ag an dá teilifís. Féach ar an gcineál crua-earraí ar chlár chineál na teilifíse ar chúl na teilifíse. Go hiondúil, is Q . . . LA a bhíonn ann
- Tá leaganacha bogearraí ag an dá theilifís atá comhoiriúnach.

Leagan bogearraí reatha

Is féidir leat leagan reatha bhogearraí na teilifíse a sheiceáil in **Suiteáil** > **Nuashonraigh Bogearraí** > **Eolas Bogearraí Reatha**.

Cóipeáil Liosta Cainéal

Chun liosta cainéal a chóipeáil…

1 - Cas air an teilifís. Ba cheart go mbeadh cainéil suiteáilte ag an teilifís seo.
2 - Plugáil isteach méaróg chuimhne USB.
3 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
4 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta** > **Cóipeáil Liosta Cainéal** agus cliceáil **Cóipeáil go USB**. D'fhéadfaí iarraidh ort an cód PIN Glais Leanaí a chur isteach chun an liosta cainéal a chóipeáil.
5 - Nuair atá an chóipeáil déanta, bain amach pluga an mhéaróg chuimhne USB.

6 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Is féidir leat an liosta cainéal atá cóipeáilte a uaslódáil anois go dtí teilifís Philips eile.

Uaslódáil Liosta Cainéal

Teilifíseanna nach bhfuil suiteáilte

Ag brath ar do theilifís a bheith suiteáilte cheana féin nó gan a bheith suiteáilte, ní mór duit bealach éagsúil a úsáid chun liosta cainéal a uaslódáil.

Go dtí teilifís nach bhfuil suiteáilte fós
1 - Plugáil isteach an pluga cumhachta chun an tsuiteáil a thosú agus roghnaigh teanga agus tír. Is féidir leat dul thar an gcuardach cainéal. Críochnaigh an tsuiteáil.
2 - Plugáil isteach an mhéaróg chuimhne USB a bhfuil liosta cainéal na teilifíse eile air.
3 - Chun uaslódáil an liosta cainéal a thosú, brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
4 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta** > **Cóipeáil Liosta Cainéal** agus cliceáil **Cóipeáil go dtí an Teilifís**. D'fhéadfaí iarraidh ort an cód PIN Glais Leanaí na teilifíse seo a chur isteach.
5 - Cuirfidh an teilfís ar an eolas tú má chóipeáiltear an liosta cainéal go dtí an teilifís go rathúil. Bain amach an mhéaróg chuimhne USB.

Teilifíseanna Suiteáilte

Ag brath ar do theilifís a bheith suiteáilte cheana féin nó gan a bheith suiteáilte, ní mór duit bealach éagsúil a úsáid chun liosta cainéal a uaslódáil.

Go dtí teilifís atá suiteáilte cheana féin
1 - Fíoraigh socrú tíre na teilifíse. (Chun an socrú seo a fhíorú, brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**. Cliceáil **Suiteáil Aeróige/Cábla** agus cliceáil **Athshuiteáil cainéil**.
Brúigh ⮌ **BACK** agus ansin **Cealaigh** chun an tsuiteáil a fhágáil.)
Má tá an tír ceart, téigh ar aghaidh go dtí céim 2.
Mura bhfuil an tír ceart, ní mór duit athshuiteáil a thosú. Chun an t-athshuiteáil a thosú, brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**. Cliceáil **Suiteáil Aeróige/Cábla** agus cliceáil **Athshuiteáil cainéil**. Roghnaigh an tír cheart agus gabh thar an gcuardach cainéil. Críochnaigh an tsuiteáil. Nuair atá sé sin déanta agat, lean ar aghaidh le céim 2.
2 - Plugáil isteach an mhéaróg chuimhne USB a bhfuil liosta cainéal na teilifíse eile air.
3 - Chun uaslódáil an liosta cainéal a thosú, brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
4 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta** > **Cóipeáil Liosta Cainéal** agus cliceáil **Cóipeáil go dtí an Teilifís**. D'fhéadfaí iarraidh ort an cód PIN Glais Leanaí na teilifíse seo a chur isteach.
5 - Cuirfidh an teilfís ar an eolas tú má chóipeáiltear an liosta cainéal go dtí an teilifís go rathúil. Bain amach an mhéaróg chuimhne USB.

DVB-T nó DVB-C

Glacacht DVB-T nó DVB-C

Roghnaigh tú Aeróg (DVB-T) nó Cábla (DVB-C) i rith na suiteála cainéal, díreach sula ndearna tú an cuardach cainéal. Déanann Aeróg DVB-T cuardach do cainéil analógacha thrastíre agus cainéil DVB-T dhigiteacha. Déanann Cábla DVB-C cuardach do chainéil analógacha agus dhigiteacha atá ar fáil ó oibritheoir cábla DVB-C.

Suiteáil cainéal DVB-C

Tá gach socrú DVB-C athraithe go uathoibríoch ar mhaithe le héascaíocht.
Más rud é gur thug do sholáthróir DVB-C luachanna sonracha DVB-C duit, ID an líonra nó minicíocht an líonra, cuir na luachanna sin isteach nuair a iarrann an teilifís ort i rith suiteála.

Coinbhleacht maidir le hUimhreacha Cainéal

D'fhéadfadh an uimhir cainéil chéanna a bheith ag cainéil teilifíse éagsúla (craoltóirí) i roinnt tíortha. Taispeánann an teilifís an liosta uimhreacha cainéal a bhfuil coinbhleachtaí ann i rith na suiteála. Ní mór duit an cainéal teilifíse a bhfuil uait é a shuiteáil ar uimhir cainéil a bhfuil roinnt cainéal teilifíse air a roghnú.

Socruithe DVB

Mód Minicíochta Líonra

Má tá sé ar intinn agat an modh tapaidh **Mearscanadh** a úsáid chun cainéil a chuardach sa **Scanadh Minicíochta**, roghnaigh **Uathoibríoch**. Bainfidh an teilifís úsáid as 1 de na minicíochtaí líonra réamhshainithe (nó HC - cainéal frithinge) atá in úsáid ag an gcuid is mó de na hoibritheoirí cábla i do thír.

Má fuair tú luach sonrach minicíocht líonra chun cainéil a chuardach, roghnaigh **De Láimh**.

Minicíocht Líonra

Nuair atá an socrú **De Láimh** i bhfeidhm don **Mhód Minicíochta Líonra**, is féidir leat an luach minicíochta líonra a fuair tú ó d'oibritheoirí cábla a chur isteach anseo. Úsáid na heochracha uimhreach chun an luach a chur isteach.

Scanadh Minicíochta

Roghnaigh an modh chun cuardach a dhéanamh do chainéil. Is féidir leat an modh níos tapúla **Mearscanadh** a roghnú agus na socruithe réamhshainithe atá á n-úsáid ag an gcuid is mó de na hoibritheoirí cábla i do thír a úsáid.

Má fhágann sé sin nach mbeidh aon chainéal suiteáilte nó má tá roinnt cainéal ar iarraidh, is féidir leat an modh **Scanadh Iomlán** a úsáid. Bíonn níos mó ama ag teastáil ón modh sin chun cainéil a

chuardach agus a shuiteáil.

Méid Céime Minicíochta

Déanann an teilifís cuardach do chainéil in eatraimh de **8MHz**.

Má fhágann sé sin nach mbeidh aon chainéal suiteáilte nó má tá roinnt cainéal ar iarraidh, is féidir leat cuardach a dhéanamh in eatraimh níos lú de **1MHz**. Má bhaintear úsáid as na heatraimh 1MHz, beidh níos mó ama ag teastáil chun cainéil a chuardach agus a shuiteáil.

Cainéil Dhigiteacha

Má tá a fhios agat nach bhfuil d'oibritheoir cábla ag tairiscint cainéal digiteach, ní fiú duit cuardach a dhéanamh do chainéil dhigiteacha.

Roghnaigh **As**.

Cainéil Analógacha

Má tá a fhios agat nach bhfuil d'oibritheoir cábla ag tairiscint cainéal analógach, ní fiú duit cuardach a dhéanamh do chainéil analógacha.

Roghnaigh **As**.

Saor / Scrofa

Má tá suibscríbhinn agus CAM - Modúl Rochtana Coinníollaí agat le haghaidh seirbhísí teilifíse nach mór íoc astu, roghnaigh **Saor + Scrofa**. Mura bhfuil suibscríbhinn agat chun cainéil nó seirbhísí teilifíse nach mór íoc astu a fháil, ní féidir leat ach **Cainéil in aisce** a roghnú.

Chun tuilleadh eolais a fháil, brúigh an eochair datha **Eochairfhocail** agus déan cuardach do **CAM - Modúl Rochtana Coinníollaí**.

Caighdeán Glacachta

Is féidir leat caighdéan agus neart comhartha chainéil dhigitigh a sheiceáil. Má tá d'aeróg féin agat, is féidir leat triail a bhaint as suíomh na haeróige a athrú chun an ghlacacht a fheabhsú.

Chun caighdeán glacachta chainéil dhigitigh a sheiceáil…

1 - Tiúin don chainéal.
2 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
3 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta** > **Suiteáil Aeróige/Cábla** agus cliceáil Tástáil Glacacht.

Taispeánfar an mhinicíocht dhigiteach don chainéal seo. Má tá an ghlacacht lag, is féidir suíomh na haeróige a athrú. Chun caighdeán comhartha na minicíochta seo a sheiceáil arís, roghnaigh **Cuardach** agus brúigh **OK**.

Chun minicíocht dhigiteach shonrach a chur isteach tú féin, úsáid na heochracha digit ar an gcianrialtán. Mar rogha air sin, roghnaigh an mhinicíocht, lonnaigh na saigheada ar uimhir le ◀ agus ▶ agus athraigh an uimhir le ▲ agus ▼. Chun an mhinicíocht a sheiceáil, roghnaigh **Cuardach**.

Má úsáideann tú DVB-C chun cainéil a fháil, beidh na roghanna **Mód Ráta Siombailí** agus**Rátaí Siombailí Réamhshainithe** ar fáil. I gcás Mód Ráta Siombailí, roghnaigh **Uathoibríoch**, murar thug d'oibritheoir cábla luach ráta siombailí sonrach duit. Úsáid na heochracha uimhreach chun an luach ráta siombailí a chur isteach.

Suiteáil de Láimh

Is féidir cainéil teilifíse analógacha a shuiteáil de láimh, cainéal i ndiaidh cainéil.

Chun cainéil analógacha a shuiteáil de láimh…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Socruithe Ginearálta** > **Suiteáil Aeróige/Cábla**agus cliceáil **Suiteáil de Láimh**.

• **Córas**
Cliceáil **Córas** chun an córas teilifíse a shocrú.
Roghnaigh do thír nó an chuid sin den domhan a bhfuil tú anois ann.

• **Cuardaigh Cainéal**
Chun cainéal a aimsiú, cliceáil **Déan Cuardach do Chainéal**.
Cliceáil **Cuardaigh**. Is féidir leat freisin minicíocht a chur isteach tú féin. Má tá an ghlacacht lag, brúigh **Cuardaigh** arís. Má tá uait an cainéal a stóráil, cliceáil **Déanta**.

• **Stóráil**
Is féidir leat an cainéal a stóráil ar uimhir an chainéil reatha nó mar uimhir cainéil nua.
Roghnaigh **Stóráil Cainéal Reatha** nó **Stóráil mar Chainéal Nua**.

Is féidir leat na céimeanna seo a dhéanamh arís agus arís eile go dtí go bhfuil gach cainéal teilifíse analógach aimsithe agat.

25.10

Suiteáil Satailíte

Satailítí a Shuiteáil

Maidir le Suiteáil Satailítí

Tá dhá tiúnóir satailíte DVB-S/DVB-S2 ionsuite ag an teilifís seo.

Suas le 4 Satailít

Is féidir leat suas le 4 satailít (4 LNBanna) a shuiteáil ar an teilifís seo. Roghnaigh díreach an líon satailítí ar mian leat iad a shuiteáil ag tús na suiteála. Éascóidh sé sin an tsuiteáil.

Unicable

Is féidir leat córas Unicable a úsáid chun an mhias aeróige a nascadh leis an teilifís. Is féidir leat Unicable a roghnú do shatailít 1 nó 2 satailít ag tús na suiteála.

MDU - Aonad Ilteaghais

Tacaíonn tiúnóirí satailíte ionsuite na teilifíse seo le MDU ar na satailítí Astra agus le Digiturk ar shatailít Eutelsat. Ní thacaítear le MDU ar Türksat.

Cuir tús leis an tSuiteáil

Cinntigh go bhfuil do mhias satailíte nasctha i gceart agus go bhfuil sé ailínithe go foirfe sula dtosóidh tú an tsuiteáil.

Chun an tsuiteáil satailíte a thosú…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) do **Shuiteáil**.
2 - Cliceáil **Suiteáil Satailíte** agus cliceáil **Tosaigh**.
3 - Cliceáil **Suiteáil Satailítí** agus dearbhaigh le **Athshuiteáil**.
Taispeánann an teiliís an tsuiteáil satailíte reatha.
Má tá uait an tsuiteáil seo a athrú, cliceáil **Socruithe**. Téigh go céim **3b**.
Mura bhfuil uait an tsuiteáil a athrú, cliceáil **Cuardaigh**. Téigh go céim **5**.
3b - Tá 2 tiúnóir satailíte ionsuite ag an teilifís. Roghnaigh **Tiúnóir Amháin** nó **Dhá Thiúnóir** ag brath ar an méid cáblaí mhias satailíte atá suiteáilte agat – 1 nó 2. Má tá córas Chábla Singil in úsáid agat (Unicable nó MDU), roghnaigh **Dhá Thiúnóir** i gcónaí.
4 - Roghnaigh an líon satailítí a bhfuil uait iad a shuiteáil nó roghnaigh ceann de na córais Unicable i **gCóras Suiteála**. Nuair a roghnaíonn tú Unicable, is féidir leat na hUimhreacha Banda Úsáideora a roghnú agus na Minicíochtaí Banda Úsáideora a chur isteach do gach tiúnóir. Is féidir leat roinnt sainsocruithe a athrú do gach LNB i roinnt tíortha in **Tuilleadh Socraithe**.
5 - Déanfaidh an teilifís cuardach do na satailítí atá ar fáil nuair a bheidh do mhias aeróige ailínithe. D'fhéadfadh sé sin roinnt nóiméad a thógáil. Má aimsítear satailít, taispeánfar a hainm agus a threise glactha ar an scáileán.
6 - Nuair atá na satailítí atá uait aimsithe ag an teilifís, cliceáil **Suiteáil**.
7 - Má thairgeann satailít **Pacáistí Cainéal**, taispeánfaidh an teilifís na pacáistí atá ar fáil don satailít sin. Cliceáil ar an bpacáiste atá uait. Tairgeann roinnt pacáistí suiteáil **Thapaidh** nó **Iomlán** do na cainéil atá curtha ar fáil acu, roghnaigh ceann amháin nó an ceann eile. Suiteálfaidh an teilifís na cainéil satailíte agus na stáisiúin raidió.
8 - Chun an tsuiteáil satailíte a stóráil chomh maith leis na cainéil suiteáilte agus stáisiúin raidió, cliceáil **Críochnaigh**.

CAManna Satailíte

Má úsáideann tú CAM – Modúl Rochtana Coinníollaí a bhfuil cárta cliste aige – chun féachaint ar chainéil satailíte, molaimid go ndéanfaí an tsuiteáil satailíte nuair atá an CAM curtha isteach sa teilifís.

Baintear úsáid as an gcuid is mó de CAManna chun cainéil a dhíscrobhadh.

Is féidir leis na CAManna is nuaí (CI+ 1.3 le Próifíl Oibritheora), na cainéil satailíte a shuiteáil leo féin ar do theilifís. Tabharfaidh an CAM cuireadh duit a shatailít(í) agus cainéil a shuiteáil. Ní hamháin go suiteálann agus ndíscrobhann na CAManna seo na cainéil ach láimhseálann siad nuashonruithe cainéal rialta freisin.

Pacáistí Cainéal

Is féidir le satailítí pacáistí cainéal a thairiscint a chuachann cainéil shaora agus a thairgeann sórtáil a fheileann do thír. Tairgeann roinnt satailítí pacáistí suibscríbhinne - cnuasach cainéal a n-íocann tú astu.

Má roghnaíonn tú pacáiste suibscríbhinne, d'fhéadfadh an teilifís iarraidh ort rogha a dhéanamh idir Suiteáil Tapaidh nó Suiteáil Iomlán.
Roghnaigh **Tapaidh** chun cainéil an phacáiste amháin a shuiteáil nó roghnaigh **Iomlán** chun an pacáiste agus gach cainéal eile atá ar fáil a shuiteáil freisin. Molaimid suiteáil Thapaidh i gcás pacáistí suibscríbhinne. Má tá satailítí breise agat nach cuid de do phacáiste suibscríbhinne iad, molaimid suiteáil Iomlán. Cuirtear gach cainéal suiteáilte sa liosta cainéal Gach Cainéal.

Suiteáil Unicable

An Córas Unicable

Is féidir leat córas Chábla Singil, MDU nó córas Unicable a úsáid chun an mhias aeróige a nascadh leis an teilifís. Úsáideann córas Chábla Singil cábla amháin chun an mhias satailíte a nascadh le gach tiúnóir satailíte ina chóras. Is iondúil go n-úsáidfear córas Chábla Singil i bhfoirgnimh árasán. Má úsáideann tú córas Unicable, iarrfaidh an teilifís ort uimhreacha banda úsáideora agus minicíochtaí comhfhreagracha a shannadh i rith na suiteála. Is féidir leat 1 nó 2 satailít a shannadh le Unicable ar an teilifís seo.

Má thugann tú faoi deara go bhfuil roinnt cainéal ar iarraidh i ndiaidh suiteáil Unicable, tá an seans ann go ndearnadh suiteáil eile ag an am céanna ar an gcóras Unicable. Déan an tsuiteáil arís chun na cainéil atá ar iarraidh a shuiteáil.

Uimhir Bhanda Úsáideora

I gcóras Unicable, ní mór uimhir a bheith ag gach tiúnóir satailíte nasctha (e.g. 0, 1, 2 nó 3 etc.).

Is féidir leat na bandaí úsáideora atá ar fáil mar aon lena n-uimhir a fháil ar an lascbhosca Unicable. Giorraítear banda úsáideora uaireanta do UB. Tá lascbhoscaí Unicable ann a thairgeann 4 nó 8 banda úsáideora. Má roghnaíonn tú Unicable sna socruithe, iarrfaidh an teilifís ort an uimhir banda úsáideora uathúil dá ghlacadóir satailíte ionsuite a shannadh. Ní féidir an uimhir banda úsáideora chéanna a bheith ag glacadóir satailíte amháin is atá ag glacadóir satailíte eile sa chóras Unicable.

Minicíocht Bhanda Úsáideora

Chomh maith leis an uimhir banda úsáideora uathúil, tá minicíocht an uimhir banda úsáideora atá roghnaithe ag teastáil ón nglacadóir satailíte ionsuite. Taispeántar na minicíochtaí sin den chuid is mó in aice leis an uimhir banda úsáideora ar lascbhosca Unicable.

Uasdhátú Cainéil Uathoibríoch

Má fhaigheann tú cainéil satailíte dhigiteacha, is féidir leat an teilifís a shocrú chun na cainéil seo a nuashonrú go huathoibríoch.

Déanann an teilifís nuashonrú ar na cainéil agus stórálann sé cainéil nua uair amháin in aghaidh an lae, ag 6 AM. Stóráltar cainéil nua sa Liosta Cainéal agus marcáltar iad le ✸. Baintear cainéil atá gan chomhartha as agus má dhéanann oibritheoir satailíte athordú ar a phacáiste oibritheora, déanfar liosta cainéal na teilifíse a nuashonrú. Ní mór don teilifís a bheith ar Fuireachas chun cainéil a nuashonrú go huathoibríoch. Is féidir leat Nuashonrú Cainéal Uathoibríoch a chasadh as.

Chun an nuashonrú uathoibríoch a chasadh as…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Suiteáil Satailíte** > **Nuashonrú Cainéal Uathoibríoch** agus cliceáil **As**.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Is féidir leat an teilifís a shocrú chun díreach cainéil satailíte ar leith a nuashonrú.

Chun satailítí a mharcáil le haghaidh a nuashonraithe…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Suiteáil Satailíte** agus cliceáil **Rogha Nuashonruithe Uathoibríoch**. Cliceáil satalilít sa liosta satalilítí chun é a mharcáil nó a dhímharcáil.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

Déantar an Nuashonrú cainéal uathoibríoch i roinnt tíortha nuair atáthar ag féachaint ar an teilifís nó uair ar bith nuair atá an teilifís ar Fuireachas.

Nuashonrú Cainéal de Láimh

Is féidir leat nuashonrú cainéal a thosú tú féin i gcónaí.

Chun nuashonrú cainéal a thosú de láimh…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Suiteáil Satailíte** > **Déan cuardach do Chainéil** agus cliceáil **Nuashonraigh Cainéil**.
3 - Lean na treoracha ar an scáileán. D'fhéadfadh an nuashonrú roinnt nóiméad a thógáil.

Cuir satailít leis an liosta

Is féidir leat satailít bhreise a chur le do shuiteáil satailíte reatha. Ní dhéanann sé aon difríocht do na satailítí suiteáilte ná dá gcainéil. Ní cheadaíonn roinnt oibritheoirí satailíte duit satailít a chur leis an liosta.

Ba cheart caitheamh leis an satailít bhreise mar rud breise. Ní hé do phríomhshuibscríbhinn satailíte é ná an phríomhshatailít a bhfuil a pacáiste cainéal á úsáid agat. Chuirfeá an 4ú satailít leis an liosta nuair atá 3 shatailít suiteáilte agat cheana féin. Má tá 4 shatailít suiteáilte agat cheana féin, d'fhéadfá breithniú a dhéanamh ar cheann a bhaint as chun go mbeifeá in ann satailít nua a shuiteáil.

Suiteáil

Mura bhfuil ach 1 nó 2 satailít suiteáilte agat, tá an seans ann nach ligfidh na socruithe suiteála reatha duit satailít bhreise a chur leis an liosta. Má chaitheann tú na socruithe suiteála a athrú, ní mór duit an tsuiteáil satailíte a athdhéanamh ina iomlán. Ní féidir leat **Cuir satailít leis an liosta** a úsáid má tá athrú socruithe ag teastáil.

Chun satailít a chur leis an liosta…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Suiteáil Satailíte** > **Déan cuardach do shatailít** agus cliceáil **Cuir satailít leis an liosta**. Taispeánfar na satailítí reatha.
3 - Cliceáil Cuardaigh. Déanann an teilifís cuardach do shatailítí nua.
4 - Má tá satailít amháin nó níos mó aimsithe ag an teilifís, cliceáil **Suiteáil**. Suiteálann an teilifís cainéil na satailítí a aimsíodh.
5 - Chun na cainéil agus stáisiúin raidió a stóráil, cliceáil **Críochnaigh**.

Satailít a Bhaint as

Is féidir leat satailít amháin nó níos mó a bhaint as ó do shuiteáil satailíte reatha. Baineann tú an tsatailít agus a cainéil as. Tá roinnt oibritheoirí satailíte ann nach gceadaíonn satailít a bhaint as.

Chun satailítí a bhaint as…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Suiteáil Satailíte** > **Déan cuardach do shatailít** agus cliceáil **Bain as Satailít**. Taispeánfar na satailítí reatha.
3 - Cliceáil ar an satailít(í) chun iad a mharcáil nó a dhímharcáil le haghaidh a mbainte as.
4 - Cliceáil **Bain as**. Baintear as na satailítí.
5 - Cliceáil **Amach** chun Bain as Satailít a dhúnadh.

Suiteáil de Láimh

Is do shainúsáideoirí atá Suiteáil de Láimh dírithe.

Is féidir leat Suiteáil de Láimh a úsáid chun cainéil nua a chur leis an liosta go tapaidh ó thrasfhreagróir satailíte. Ní mór minicíocht agus polarú an trasfhreagróra a bheith ar eolas agat. Suiteálfaidh an teilifís gach cainéal ón trasfhreagróir sin. Más rud é gur suiteáladh an trasfhreagróir cheana, bogfar gach ceann dá chainéil - na cinn a bhí ann cheana féin agus na cinn nua - go dtí deireadh an liosta cainéal Gach Cainéal.
Ní féidir leat Suiteáil de Láimh a úsáid má chaitheann tú líon na satailítí a athrú. Má tá gá leis seo, ní mór duit suiteáil iomlán a dhéanamh le Suiteáil Satailítí.

Chun trasfhreagróir a shuiteáil…

1 - Brúigh ⚙ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Suiteáil Satailíte** agus cliceáil **Suiteáil de Láimh**.
3 - Má tá níos mó ná 1 satailít suiteáilte agat, roghnaigh an tsatailít/LNB a bhfuil uait cainéil a chur léi.
4 - Socraigh an **Polarú** atá ag teastáil uait. Má shocraíonn tú an **Mód Ráta Siombaile** do **De Láimh**, is féidir leat an **Ráta siombaile** a chur isteach de láimh. Cuir isteach an **Mhinicíocht**agus cuir tús leis an gcuardach don trasfhreagróir.
5 - Má aimsítear trasfhreagróir, roghnaigh **Stóráil** chun an trasfhreagróir nua a stóráil ar an LNB atá roghnaithe.
6 - Cliceáil **Amach** chun suiteáil de láimh a fhágáil.

Socruithe LNB

Is féidir leat roinnt sainsocruithe a athrú do gach LNB i roinnt tíortha.

Cumhacht LNB

Is é Air an réamhshocrú do Chumhacht LNB.

Ton 22 kHz

Is é Uathoibríoch an réamhshocrú do Thon.

Minicíocht Íseal LO/ Minicíocht Ard LO

Socraítear minicíochtaí an ascaltóra áitiúil do luachanna caighdeánacha. Ná hathraigh na luachanna ach amháin i gcás trealaimh eisceachtúil a bhfuil luachanna éagsúla ag teastáil uaidh.

Fabhtcheartú

Ní féidir leis an teilifís na satailítí atá uaim a aimsiú nó suiteálann an teilifís an tsatailít chéanna faoi dhó

• Cinntigh go bhfuil an líon ceart satailítí socraithe i Socruithe ag tús na suiteála. Is féidir leat an teilifís a shocrú chun cuardach a dhéanamh do shatailít amháin, dhá shatailít nó 3/4 shatailít.

Ní féidir le LNB déchnoga an dara satailít a aimsiú

• Má aimsíonn an teilifís satailít amháin ach mura féidir leis an dara ceann a aimsiú, cas an mhias cúpla céim. Ailínigh an mhias chun an comhartha is treise a fháil don chéad satailít. Seiceáil táscaire treise comhartha an chéad satailít ar an scáileán. Nuair atá an chéad satailít socraithe ag an gcomhartha is treise, roghnaigh Cuardaigh arís chun an dara satailít a aimsiú.
• Cinntigh go bhfuil na socruithe athraithe go Dhá shatailít.

Níor réitíodh m'fhadhb nuair a athraíodh na socruithe suiteála

• Ní stóráltar aon socrú, satailít nó cainéal go dtí deireadh na suiteála nuair a chríochnaíonn tú.

Tá gach cainéal satailíte imithe.

• Má tá córas Unicable in úsáid agat, cinntigh gur shann tú dhá uimhir banda uathúla sna socruithe Unicable don dá thiúnóir ionsuite. D'fhéadfadh glacadóir satailít eile i do chóras Unicable a bheith ag úsáid an uimhir banda úsáideora chéanna.

Tá an chosúlacht air go bhfuil roinnt cainéal satailíte imithe ó liosta na gcainéal.

• Má tá an chosúlacht air go bhfuil roinnt cainéal imithe nó san áit mhícheart, d'fhéadfadh suíomh trasfhreagróra na gcainéal sin a bheith athraithe ag an gcraoltóir. Is féidir leat triail a bhaint as nuashonrú ar an bpacáiste cainéal chun suíomhanna na gcainéal a chur ar ais.

Ní féidir liom satailít a bhaint as

• Ní ligeann pacáistí suibscríbhinne duit satailít a bhaint as. Chun an tsatailít a bhaint as, ní mór duit suiteáil iomlán a dhéanamh arís agus pacáiste eile a roghnú.

Bíonn an ghlacacht lag ó am go chéile

• Cinntigh go bhfuil an mhias satailíte gléasta go daingean agat. Tá gaotha láidre in ann an mhias a bhogadh.
• Tá sneachta agus báisteach in ann an glacadh a dhíghrádú.

26

Bogearaí

26.1

Nuashonrú Bogearraí

Nuashonraigh ó USB

D'fhéadfadh sé a bheith riachtanach bogearraí na teilifíse a nuashonrú. Teastaíonn ríomhaire uait le nasc ardluais don Idirlíon agus méaróg chuimhne USB chun na bogearraí a uaslódáil ar an teilifís. Úsáid méaróg chuimhne USB a bhfuil 500MB de spás saor air. Bí cinnte go bhfuil cosaint ar scríobh casta as.

Chun bogearraí na teilifíse a nuashonrú…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Nuashonraigh Bogearraí**.

Aithin an teilifís
1 - Cuir an mhéaróg chuimhne USB isteach i gceann de na naisc USB ar an teilifís.
2 - Cliceáil **Tosaigh**. Scríobhtar comhaid aitheantais ar an méaróg chuimhne USB.

Íoslódáil na bogearraí
1 - Cuir an mhéaróg chuimhne USB isteach i do ríomhaire.
2 - Aimsigh an comhad **update.htm** ar an méaróg chuimhne USB agus cliceáil faoi dhó air.
3 - Cliceáil **Seol ID**.
4 - Má tá bogearraí nua ar fáil, íoslódáil an comhad .zip.
5 - I ndiaidh na híoslódála, dízipeáil an comhad agus cóipeáil an comhad **autorun.upg** go dtí an mhéaróg chuimhne USB. Ná cuir an comhad seo i bhfillteán.

Nuashonraigh bogearraí na teilifíse
1 - Cuir an mhéaróg chuimhne USB isteach sa teilifís arís. Tosaíonn an nuashonrú go huathoibríoch. Fan le do thoil. Ná brúigh eochair ar an gcianrialtán agus ná bain amach an mhéaróg chuimhne USB.
2 - Ag deireadh an nuashonruithe, casann an teilifís as agus air arís. Taispeánfar an teachtaireacht **Oibríocht rathúil** (i mBéarla) ar an scáileán. Is féidir leat an teilifís a úsáid arís.

Má chliseann ar an gcumhacht i rith an nuashonraithe, ná bain as an mhéaróg chuimhne USB ón teilifís go deo. Nuair a thiocfaidh an chumhacht ar ais, leanfaidh an nuashonrú ar aghaidh.

Scrios an comhad autorun.upg ón méaróg chuimhne USB chun nuashonrú tionóisceach bhogearraí na teilifíse a chosc.

Nuashonrú ón Idirlíon

Má tá an teilifís nasctha leis an Idirlíon, d'fhéadfá teachtaireacht a fháil chun bogearraí na teilifíse a nuashonrú. Teastaíonn nasc ardluais (leathanbhanda) leis an Idirlíon. Má fhaigheann tú an teachtaireacht seo, molaimid go ndéanfá an nuashonrú.

Nuair atá an teachtaireacht ar an scáileán, cliceáil **Nuashonraigh** agus lean na treoracha ar an scáileán.

Nuair atá an nuashonrú déanta, castar an teilifís as agus air arís go huathoibríoch. Fan go dtí go gcasann an teilifís í féin air arís. Ná húsáid an lasc Cumhachta ⏻ ar an teilifís.

Chun cuardach a dhéanamh do nuashonrú bogearraí tú féin…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Nuashonraigh Bogearraí** > **Déan Cuardach do Nuashonruithe** agus cliceáil **Idirlíon**. Lean na treoracha ar an scáileán.

26.2

Leagan Bogearraí

Chun féachaint ar leagan reatha na mbogearraí teilifíse…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Nuashonraigh Bogearraí** agus cliceáil **Eolas faoi Bhogearraí Reatha** agus féach ar **Leagan:**.
3 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

26.3

Bogearraí Foinse Oscailte

Tá bogearraí foinse oscailte sa teilifís seo. Ní bheidh TP Vision Europe B.V. leis seo cóip den chód foinse comhfhreagrach iomlán do na pacáistí bogearraí foinse oscailte faoi chóipcheart a úsáidtear sa táirge seo a sheachadadh, ach iarratas a bheith déanta, sa chás go bhfuil a leithéid de thairiscint iarrtha ag na ceadúnais faoi seach.

Tá an tairiscint seo bailí ar feadh tréimhse suas le trí bliana i ndiaidh an táirgeadh a cheannach do dhuine ar bith a bhfuil an t-eolas seo acu.
Chun an cód foinse a fháil, scríobh i mBéarla le do thoil chuig . . .

Intellectual Property Dept.
TP Vision Europe B.V.
Prins Bernhardplein 200
1097 JB Amsterdam
The Netherlands

26.4

Open Source License

README for the source code of the parts of TP Vision Europe B.V. TV software that fall under open source licenses.

This is a document describing the distribution of the source code used on the TP Vision Europe B.V. TV, which fall either under the GNU General Public License (the GPL), or the GNU Lesser General Public License (the LGPL), or any other open source license. Instructions to obtain copies of this software can be found in the Directions For Use.

TP Vision Europe B.V. MAKES NO WARRANTIES WHATSOEVER, EITHER EXPRESS OR IMPLIED, INCLUDING ANY WARRANTIES OF MERCHANTABILITY OR FITNESS FOR A PARTICULAR PURPOSE, REGARDING THIS SOFTWARE. TP Vision Europe B.V. offers no support for this software. The preceding does not affect your warranties and statutory rights regarding any TP Vision Europe B.V. product(s) you purchased. It only applies to this source code made available to you.

Android (4.2.2)
This tv contains the Android Jelly Bean Software.Android is a Linux-based operating system designed primarily for touchscreen mobile devices such as smartphones and tablet computers. This software will also be reused in TPVision Android based TV's.The original download site for this software is : https://android.googlesource.com/This piece of software is made available under the terms and conditions of the Apache license version 2, which can be found below. Android APACHE License Version 2 (http://source.android.com/source/licenses.html)

Busybox (1.1.194)
The original download site for this software is : http://www.busybox.net/This piece of software is made available under the terms and conditions of the GPL v2 license.

linux kernel (3.4.70)
This tv contains the Linux Kernel.The original download site for this software is : http://www.kernel.org/.This piece of software is made available under the terms and conditions of the GPL v2 license, which can be found below. Additionally, following exception applies : "NOTE! This copyright does *not* cover user programs that use kernel services by normal system calls - this is merely considered normal use of the kernel, and does *not* fall under the heading of "derived work". Also note that the GPL below is copyrighted by the Free Software Foundation, but the instance of code that it refers to (the linux kernel) is copyrighted by me and others who actually wrote it. Also note that the only valid version of the GPL as far as the kernel is concerned is _this_ particular version of the license (ie v2, not v2.2 or v3.x or whatever), unless explicitly otherwise stated. Linus Torvalds"

libcurl (7.21.7)
libcurl is a free and easy-to-use client-side URL transfer library, supporting DICT, FILE, FTP, FTPS, Gopher, HTTP, HTTPS, IMAP, IMAPS, LDAP, LDAPS, POP3, POP3S, RTMP, RTSP, SCP, SFTP, SMTP, SMTPS, Telnet and TFTP. libcurl supports SSL certificates, HTTP POST, HTTP PUT, FTP uploading, HTTP form based upload, proxies, cookies, user+password authentication (Basic, Digest, NTLM, Negotiate, Kerberos), file transfer resume, http proxy tunneling and more!The original download site for this software is : http://curl.haxx.se/libcurl/COPYRIGHT AND PERMISSION NOTICE Copyright (c) 1996 - 2010, Daniel Stenberg, daniel@haxx.se. All rights reserved.Permission to use, copy, modify, and distribute this software for any purposewith or without fee is hereby granted, provided that the above copyrightnotice and this permission notice appear in all copies.THE SOFTWARE IS PROVIDED "AS IS", WITHOUT WARRANTY OF ANY KIND, EXPRESS ORIMPLIED, INCLUDING BUT NOT LIMITED TO THE WARRANTIES OF MERCHANTABILITY,FITNESS FOR A PARTICULAR PURPOSE AND NONINFRINGEMENT OF THIRD PARTY RIGHTS. INNO EVENT SHALL THE AUTHORS OR COPYRIGHT HOLDERS BE LIABLE FOR ANY CLAIM,DAMAGES OR OTHER LIABILITY, WHETHER IN AN ACTION OF CONTRACT, TORT OROTHERWISE, ARISING FROM, OUT OF OR IN CONNECTION WITH THE SOFTWARE OR THE USEOR OTHER DEALINGS IN THE SOFTWARE.Except as contained in this notice, the name of a copyright holder shall notbe used in advertising or otherwise to promote the sale, use or other dealingsin this Software without prior written authorization of the copyright holder.

libfreetype (2.4.2)
FreeType is a software development library, available in source and binary forms, used to render text on to bitmaps and provides support for other font-related operationsThe original download site for this software is : https://github.com/julienr/libfreetype-androidFreetype License

libjpeg (8a)
This package contains C software to implement JPEG image encoding, decoding, and transcoding.This software is based in part on the work of the Independent JPEG Group.----------The authors make NO WARRANTY or representation, either express or implied,with respect to this software, its quality, accuracy, merchantability, orfitness for a particular purpose. This software is provided "AS IS", and you,its user, assume the entire risk as to its quality and accuracy.This software is copyright (C) 1991-1998, Thomas G. Lane.All Rights Reserved except as specified below.Permission is hereby granted to use, copy, modify, and distribute thissoftware (or portions thereof) for any purpose, without fee, subject to theseconditions:(1) If any part of the source code for this software is distributed, then thisREADME file must be included, with this copyright and no-warranty noticeunaltered; and any additions, deletions, or changes to the original filesmust be clearly indicated in accompanying documentation.(2) If only executable code is distributed, then the accompanyingdocumentation must state that "this software is based in part on the work ofthe Independent JPEG Group".(3) Permission for use of this software is granted only if the user acceptsfull responsibility for any undesirable consequences; the authors acceptNO LIABILITY for damages of any kind.These conditions apply to any software derived from or based on the IJG code,not just to the unmodified library. If you use our work, you ought toacknowledge us.Permission is NOT granted for the use of any IJG author's name or company namein advertising or publicity relating to this software or products derived fromit. This software may be referred to only as "the Independent JPEG Group'ssoftware".We specifically permit and encourage the use of this software as the basis ofcommercial products, provided that all warranty or liability claims areassumed by the product vendor.

libpng (1.4.1)
libpng is the official Portable Network Graphics (PNG) reference

library (originally called pnglib). It is a platform-independent library that contains C functions for handling PNG images. It supports almost all of PNG's features, is extensible.The original download site for this software is : https://github.com/julienr/libpng-androidlibpng license

openssl (1.0.1e)
OpenSSL is an open-source implementation of the SSL and TLS protocols. The core library, written in the C programming language, implements the basic cryptographic functions and provides various utility functions.The original download site for this software is : http://openssl.org/OpenSSL license

Zlib compression library (1.2.7)
zlib is a general purpose data compression library. All the code is thread safe. The data format used by the zlib library is described by RFCs (Request for Comments) 1950 to 1952 in the files http://tools.ietf.org/html/rfc1950 (zlib format), rfc1951 (deflate format) and rfc1952 (gzip format) Developed by Jean-loup Gailly and Mark Adler(C) 1995-2012 Jean-loup Gailly and Mark Adler This software is provided 'as-is', without any express or implied warranty. In no event will the authors be held liable for any damages arising from the use of this software. Permission is granted to anyone to use this software for any purpose, including commercial applications, and to alter it and redistribute it freely, subject to the following restrictions: 1. The origin of this software must not be misrepresented; you must not claim that you wrote the original software. If you use this software in a product, an acknowledgment in the product documentation would be appreciated but is not required. 2. Altered source versions must be plainly marked as such, and must not be misrepresented as being the original software. 3. This notice may not be removed or altered from any source distribution. Jean-loup Gailly Mark Adler jloup@gzip.org madler@alumni.caltech.edu

dvbsnoop (1.2)
dvbsnoop is a DVB / MPEG stream analyzer program.For generating CRC32 values required for composing PAT, PMT, EIT sectionsThe original download site for this software is : https://github.com/a4tunado/dvbsnoop/blob/master/src/misc/crc32.cGPL v2 http://dvbsnoop.sourceforge.net/dvbsnoop.html

ezxml (0.8.6)
ezXML is a C library for parsing XML documents.The original download site for this software is : http://ezxml.sourceforge.net.Copyright 2004, 2005 Aaron Voisine. This piece of software is made available under the terms and conditions of the MIT license, which can be found below.

Protobuf (2.0a)
Protocol Buffers are a way of encoding structured data in an efficient yet extensible format. Google uses Protocol Buffers for almost all of its internal RPC protocols and file formats.The original download site for this software is : http://code.google.com/p/protobufCopyright 2008, Google Inc.All rights reserved.Redistribution and use in source and binary forms, with or withoutmodification, are permitted provided that the following conditions aremet: * Redistributions of source code must retain the above copyrightnotice, this list of conditions and the following disclaimer. * Redistributions in binary form must reproduce the abovecopyright notice, this list of conditions and the following disclaimerin the documentation and/or other materials provided with thedistribution. * Neither the name of Google Inc. nor the names of itscontributors may be used to endorse or promote products derived fromthis software without specific prior written permission.THIS SOFTWARE IS PROVIDED BY THE COPYRIGHT HOLDERS AND CONTRIBUTORS"AS IS" AND ANY EXPRESS OR IMPLIED WARRANTIES, INCLUDING, BUT NOTLIMITED TO, THE IMPLIED WARRANTIES OF MERCHANTABILITY AND FITNESS FORA PARTICULAR PURPOSE ARE DISCLAIMED. IN NO EVENT SHALL THE COPYRIGHTOWNER OR CONTRIBUTORS BE LIABLE FOR ANY DIRECT, INDIRECT, INCIDENTAL,SPECIAL, EXEMPLARY, OR CONSEQUENTIAL DAMAGES (INCLUDING, BUT NOTLIMITED TO, PROCUREMENT OF SUBSTITUTE GOODS OR SERVICES; LOSS OF USE,DATA, OR PROFITS; OR BUSINESS INTERRUPTION) HOWEVER CAUSED AND ON ANYTHEORY OF LIABILITY, WHETHER IN CONTRACT, STRICT LIABILITY, OR TORT(INCLUDING NEGLIGENCE OR OTHERWISE) ARISING IN ANY WAY OUT OF THE USEOF THIS SOFTWARE, EVEN IF ADVISED OF THE POSSIBILITY OF SUCH DAMAGE.Code generated by the Protocol Buffer compiler is owned by the ownerof the input file used when generating it. This code is notstandalone and requires a support library to be linked with it. Thissupport library is itself covered by the above license.

guava (11.0.2)
The Guava project contains several of Google's core libraries that we rely on in our Java-based projects: collections, caching, primitives support, concurrency libraries, common annotations, string processing, I/O, and so forth.The original download site for this software is : http://code.google.com/This piece of software is made available under the terms and conditions of the Apache License version 2.

gSoap (2.7.15)
* the following conditions are aheared to. The following conditions
* apply to all code found in this distribution, be it the RC4, RSA,

* lhash, DES, etc., code; not just the SSL code. The SSL documentation
* included with this distribution is covered by the same copyright terms
* except that the holder is Tim Hudson (tjh@cryptsoft.com).
*
* Copyright remains Eric Young's, and as such any Copyright notices in
* the code are not to be removed.
* If this package is used in a product, Eric Young should be given attribution
* as the author of the parts of the library used.
* This can be in the form of a textual message at program startup or
* in documentation (online or textual) provided with the package.
*
* Redistribution and use in source and binary forms, with or without
* modification, are permitted provided that the following conditions
* are met:
* 1. Redistributions of source code must retain the copyright
* notice, this list of conditions and the following disclaimer.
* 2. Redistributions in binary form must reproduce the above copyright
* notice, this list of conditions and the following disclaimer in the
* documentation and/or other materials provided with the distribution.
* 3. All advertising materials mentioning features or use of this software
* must display the following acknowledgement:
* "This product includes cryptographic software written by
* Eric Young (eay@cryptsoft.com)"
* The word 'cryptographic' can be left out if the rouines from the library
* being used are not cryptographic related :-).
* 4. If you include any Windows specific code (or a derivative thereof) from
* the apps directory (application code) you must include an acknowledgement:
* "This product includes software written by Tim Hudson (tjh@cryptsoft.com)"
*
* THIS SOFTWARE IS PROVIDED BY ERIC YOUNG ``AS IS'' AND
* ANY EXPRESS OR IMPLIED WARRANTIES, INCLUDING, BUT NOT LIMITED TO, THE
* IMPLIED WARRANTIES OF MERCHANTABILITY AND FITNESS FOR A PARTICULAR PURPOSE
* ARE DISCLAIMED. IN NO EVENT SHALL THE AUTHOR OR CONTRIBUTORS BE LIABLE
* FOR ANY DIRECT, INDIRECT, INCIDENTAL, SPECIAL, EXEMPLARY, OR CONSEQUENTIAL
* DAMAGES (INCLUDING, BUT NOT LIMITED TO, PROCUREMENT OF SUBSTITUTE GOODS
* OR SERVICES; LOSS OF USE, DATA, OR PROFITS; OR BUSINESS INTERRUPTION)
* HOWEVER CAUSED AND ON ANY THEORY OF LIABILITY, WHETHER IN CONTRACT, STRICT
* LIABILITY, OR TORT (INCLUDING NEGLIGENCE OR OTHERWISE) ARISING IN ANY WAY
* OUT OF THE USE OF THIS SOFTWARE, EVEN IF ADVISED OF THE POSSIBILITY OF
* SUCH DAMAGE.
*
* The licence and distribution terms for any publically available version or
* derivative of this code cannot be changed. i.e. this code cannot simply be
* copied and put under another distribution licence
* [including the GNU Public Licence.]
*/

26.5

Fógraí

Is féidir leat fógra a fháil maidir le bogearraí nua teilifíse atá ar fáil le haghaidh a n-íoslódála nó faoi shaincheisteanna eile a bhaineann le bogearraí.

Chun na fógraí sin a léamh…

1 - Brúigh ✿ agus brúigh ◀ (clé) **Suiteáil**.
2 - Cliceáil **Nuashonraigh Bogearraí** agus cliceáil **Fógraí**.
3 - Cliceáil ar an bhfógra a bhfuil uait é a léamh.
4 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

27

Sonraíochtaí

27.1

Comhshaol

Lipéad Fuinnimh na hEorpa

Cuireann **Lipéad Fuinnimh na hEorpa** ar an eolas tú maidir le haicme éifeachtacht fuinnimh an táirge seo. Dá ghlaise aicme éifeachtacht fuinnimh an táirge, is ea is lú fuinnimh a thomhlaíonn sé.
Is féidir leat aicme éifeachtacht fuinnimh, meántomhaltas cumhachta an táirge seo nuair atá sé i mbun úsáide agus meántomhaltas cumhachta ar feadh 1 bliain a fháil ar an lipéad. Is féidir leat freisin luachanna tomhaltais cumhachta don táirge seo a fháil ar shuíomh gréasáin Philips i do thír féin ag **www.philips.com/TV**

Éicea-lipéad

Díríonn Philips go leanúnach ar an tionchar atá ag a tháirgí nuálaíocha don tomhaltóir ar an gcomhshaol a ísliú. Tá ár gcuid iarrachtaí dírithe ar fheabhsúcháin chomhshaoil i rith chéim na déantúsaíochta, úsáid substaintí díobhálacha a ísliú, úsáid fuinnimh go héifeachtach, treoracha maidir le táirgí a bhfuil a ré caite agus athchúrsáil táirgí.

A bhuíochas leis an iarracht comhshaoil atá déanta againn, bronnadh **Éicealipéad na hEorpa** – an bhláth – (www.ecolabel.eu) ar an teiliís seo.
Is féidir leat eolas mionsonraithe maidir le tomhaltas fuinnimh ar fuireachas, polasaí baránta, páirteanna spártha agus athchúrsáil na teilifíse seo a fháil ar shuíomh gréasáin Philips do do thír féin ag **www.philips.com**

Deireadh Úsáide

Do sheantáirge agus do cheallraí a dhiúscairt

Dearadh agus monaraíodh do tháirge le hábhair agus comhpháirteanna ar ardchaighdeán ar féidir iad a athchúrsáil agus a athúsáid.

Nuair a bhíonn tá an tsiombail seo d'araid rothaí a bhfuil cros air ar tháirge, ciallaíonn sé go bhfuil an táirge clúdaithe ag Treoir Eorpach 2002/96/CE.

Cuir tú féin ar an eolas le do thoil faoin gcóras bailiúcháin áitiúil ar leith do tháirgí leictreacha agus leictreonacha.

Cloígh leis na rialacha áitiúla atá i bhfeidhm le do thoil agus ná diúscair do sheantáirgí le do ghnáthdhramhaíl tí. Nuair a dhiúscraíonn tú do sheantáirge i gceart, cabhraíonn sé iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith díobhálach don chomhshaol agus do shláinte an duine a chosc.

Tá ceallraí i do tháirge atá san áireamh i dTreoir an Chomhphobail Eorpaigh 2006/66/EC, nach féidir iad a dhiúscairt le gnáthdhramhaíl tí.

Cuir tú féin ar an eolas le do thoil faoi rialacha áitiúla maidir le bailiú ar leith ceallraí mar go gcabhróidh diúscairt chuí iarmhairtí díobhálacha don chomhshaol agus do shláinte an duine a chosc.

27.2

Cumhacht

Tá sonraíochtaí an táirge faoi réir athraithe gan fógra. Chun tuilleadh sonraí maidir le sonraíochtaí an táirge seo a fháil, féach ar www.philips.com/support

Cumhacht
- Príomhchumhacht : AC 220-240V +/-10%
- Teocht chomhthimpeallach : 5°C go 35°C
- Tomhaltas fuinnimh fuireachais : < 0.3W
- Gnéithe choigilt cumhachta : Braiteoir solais, Éicea-mód, Balbhaigh pictiúr (do raidió), Múch uaineadóir go huathoibríoch, Roghchlár Éicea-socruithe.

Is é an rátáil cumhachta atá ar chlár cineáil an táirge tomhaltas cumhachta don táirge seo i rith gnáthúsáid tí (IEC 62087 Ed.2). Úsáidtear an rátáil cumhachta is airde, scríofa idir lúibíní, chun críche sábháilteachta leictrí (IEC 60065 Ed. 7.2).

27.3

Córas Oibriúcháin

Android OS

4.2.2 Jelly Bean

27.4

Glacacht

• Ionchur aeróige : 75 ohm comhaiseach (IEC75)
• Bandaí tiúnóra : Hipearbanda; S-Channel; UHF; VHF
• DVB : DVB-T (trastíre, aeróg) COFDM 2K/8K, DVB-T2 : do chineálacha teilifíse amháin '. . . T/12', DVB-C (cábla) QAM
• Athsheinm físeáin analógaigh: SECAM; PAL
• Athsheinm físeáin digitigh: MPEG2 SD/HD (ISO/IEC 13818-2); MPEG4 SD/HD (ISO/IEC 14496-10)
• Athsheinm fuaime digití (ISO/IEC 13818-3)
• Ionchur aeróige satailíte: 75 ohm cineál F
• Raon minicíochta ionchuir: 950 go 2150MHz
• Raon leibhéil ionchuir: 25 go 65 dBm
• DVB-S/S2 QPSK, ráta siombailí 2 go 5M siombailí, SCPC agus MCPC
• LNB : DiSEqC 1.0, 1 to 4 LNBanna tacaithe, Roghnú polaraíochta 14/18V, Roghnú banda 22kHz, Mód rúisce toin, LNB reatha 300mA max

27.5

Taispeáint

Cineál

Méid fhiarthrasna an scáileán
• 55PUS8809 : 140 cm / 55 orlach
• 55PUS8909C : 140 cm / 55 orlach
• 55PUS9109 : 140 cm / 55 orlach
• 65PUS9109 : 165 cm / 65 orlach
• 65PUS9809 : 165 cm / 65 orlach

Taifeach Taispeána
• 3840 x 2160p

Taifeach Ionchuir

Formáidí físe

Taifeach — Ráta athnuachan

• 480i - 60 Hz
• 480p - 60 Hz
• 576i - 50 Hz
• 576p - 50 Hz
• 720p - 50 Hz, 60 Hz
• 1080i - 50 Hz, 60 Hz
• 1080p - 24 Hz, 25 Hz, 30 Hz
• 2160p - 24 Hz, 25 Hz, 30 Hz, 50 Hz, 60 Hz

Formáidí ríomhaire

Taifigh (i measc cinn eile)

• 640 x 480p - 60 Hz
• 800 x 600p - 60 Hz
• 1024 x 768p - 60 Hz
• 1280 x 768p - 60 Hz
• 1360 x 765p - 60 Hz
• 1360 x 768p - 60 Hz
• 1280 x 1024p - 60 Hz
• 1920 x 1080p - 60 Hz
• 3840 x 2160p - 24 Hz, 25 Hz, 30 Hz, 50 Hz, 60 Hz

27.6

Toisí agus Meáchain

Sraith 8000

48PFx8109 / 8209
• gan an seastán teilifíse:
Leithead 1068 mm - Airde 610 mm - Doimhneacht 46 mm - Meáchan ±13,5 kg
• leis an seastán teilifíse:
Airde 657 mm - Doimhneacht 195 mm - Meáchan ±14 kg

48PFx8159
• gan an seastán teilifíse:
Leithead 1068 mm - Airde 610 mm - Doimhneacht 46 mm - Meáchan ±13,5 kg
• leis an seastán teilifíse:
Airde 685 mm - Doimhneacht 220 mm - Meáchan ±17,5 kg

55PFx8109 / 8209
• gan an seastán teilifíse:
Leithead 1225 mm - Airde 699 mm - Doimhneacht 46 mm - Meáchan ±17,5 kg
• leis an seastán teilifíse:
Airde 754 mm - Doimhneacht 232 mm - Meáchan ±18 kg

55PFx8159
• gan an seastán teilifíse:
Leithead 1225 mm - Airde 699 mm - Doimhneacht 46 mm - Meáchan ±17,5 kg
• leis an seastán teilifíse:
Airde 774 mm - Doimhneacht 230 mm - Meáchan ±22 kg

55PUS8809
• gan an seastán teilifíse:
Leithead 1240 mm - Airde 713 mm - Doimhneacht 68 mm - Meáchan ±25 kg
• leis an seastán teilifíse:
Airde 768 mm - Doimhneacht 230 mm - Meáchan ±26 kg

55PUS8909C
• gan an seastán teilifíse:
Leithead 1232 mm - Airde 710 mm - Doimhneacht 109 mm (cuar san áireamh) - Meáchan ±25 kg

• leis an seastán teilifíse:
Leithead 1233 mm - Airde 741 mm - Doimhneacht 236 mm - Meáchan ±30 kg

Tá na toisí slánaithe suas.

27.7

Nascacht

Taobh na teilifíse
• 2x HDMI in - ARC - HDMI 2.0
• 2x USB 2.0
• 2x Sliotán comhéadain choiteann: CI+/CAM

Cúl na teilifíse
• Fuaim Isteach (DVI go HDMI) - Mionseac steiréó 3.5mm
• SCART: Fuaim Clé/Deas, CVBS isteach, RGB
• YPbPr : Y Pb Pr, Audio L/R
• Líonra LAN - RJ45

Bun na teilifíse
• HDMI 1 in - ARC - HDMI 2.0 - HDCP 2.2
• HDMI 2 in - ARC - HDMI 2.0
• 1x USB 2.0
• Fuaim Amach - Optical Toslink
• Cluasáin - Mionseac steiréó 3.5mm
• Aeróg (75Ω), tiúnóir déach
• Tiúnóir satailíte 1
• Tiúnóir satailíte 2

27.8

Fuaim

• 3D wOOx
• HD Stereo
• Cumhacht aschuir (RMS) : 30W (xxPUS7909 : 25W)
• Dolby® Digital Plus
• DTS Premium Sound ™

27.9

Ilmheáin

Naisc
• USB 2.0
• Ethernet LAN RJ-45
• Wi-Fi 802.11b/g/n (ionsuite)

Córais comad USB tacaithe
• FAT 16, FAT 32, NTFS

Freastalaithe meán, tacaithe
• Árthaí: 3GP, AVCHD, AVI, DivX®, MPEG-PS, MPEG-TS, MPEG-4, Matroska (MKV), Quicktime (MOV, M4V, M4A) Windows Media (ASF/WMV/WMA)
• Codecs Físe : DivX®, MPEG-1, MPEG-2, MPEG-4 Part 2, MPEG-4 Part 10 AVC (H264), VC-1, WMV9
• Codecs Fuaime: AAC, HE-AAC (v1/v2), AMR-NB, Dolby Digital, Dolby Digital Plus, DTS Premium Sound™, MPEG-1/2/2.5 Layer I/II/III (MP3 san áireamh), WMA (v2 go v9.2), WMA Pro (v9/v10)
• Fotheidil :
– Formáidí: SAMI, SubRip (SRT), SubViewer (SUB), MicroDVD (TXT), mplayer2 (TXT), TMPlayer (TXT)
– Ionchóduithe carachtair : UTF-8, Lár na hEorpa agus Oirthear na hEorpa (Windows-1250), Coireallach (Windows-1251), Gréigis (Windows-1253), Tuircis (Windows-1254), Iarthar na hEorpa (Windows-1252)
• Codecs Íomhá: JPEG, JPS, MPO
• Sriantaí :
– Is é 30Mbps an t-uasráta giotán iomlán atá tacaithe do chomhad meán.
– Is é 20Mbps an t-uasráta giotán físe atá tacaithe do chomhad meán.
– Tacaítear le MPEG-4 AVC (H.264) suas go dtí High Profile @ L4.1.
– Tacaítear le VC-1 suas go dtí Advanced Profile @ L3.

Wi-Fi Deimhnithe Miracast™

Tacaíonn an teilifís seo le gléasanna WiDi 4.x.

Bogearraí freastalaí meán (DMS) tacaithe
• Ríomhaire - Microsoft Windows XP, Vista nó Windows 7
– Is féidir leat aon bhogearraí freastalaí meán atá DLNA deimhnithe® a úsáid.
– Microsoft - Windows Media Player
• Mac OS X
– Is féidir leat aon bhogearraí freastalaí meán atá DLNA deimhnithe® a úsáid.
• Gléasanna soghluaiste
– Philips TV Remote app - iOS, Android
– D'fhéadfadh idir-inoibritheacht agus feidhmiúlacht a bheith athraitheach, ag brath ar chumais an ghléis shoghluaiste agus ar na bogearraí atá in úsáid.

Rialacháin ESD-

Comhlíonann an gaireas seo critéir feidhmíochta A do ESD. Sa chás nach bhfuil an gaireas in ann téarnamh i mód comhroinnt comhad de bharr díluchtú leictreastatach, beidh idirghabháil an úsáideora ag teastáil.

28

Tacaíocht

28.1

Cláraigh

Cláraigh do theilifís agus bain leas as raon tairbhí lena n-áirítear tacaíocht iomlán (íoslódálacha san áireamh), rochtain phribhléideach a fháil ar fhaisnéis maidir le táirgí nua, tairiscintí agus lascainí eisiacha agus an deis duaiseanna a bhuachan agus fiú páirt a ghlacadh i suirbhéanna speisialta faoi eisiúintí nua.

Tabhair cuairt ar **www.philips.com/welcome**

28.2

Fadhbanna

Cainéil

Níor aimsíodh aon chainéal digiteach i rith na suiteála

Féach ar na sonraíochtaí teicniúla chun a chinntiú go dtacaíonn do theilifís le DVB-T nó DVB-C i do thír.
Cinntigh go bhfuil na cáblaí nasctha i gceart agus go bhfuil an líonra ceart roghnaithe.

Níl na cainéil a suiteáladh roimhe seo sa liosta cainéal

Cinntigh go bhfuil an liosta cainéal ceart roghnaithe.

Ginearálta

Ní chasann an teilifís air

• Bain an cábla cumhachta amach as an asraon cumhachta. Fan ar feadh nóiméid agus ansin cuir isteach arís é.
• Cinntigh go bhfuil an cábla cumhachta nasctha go daingean.

Tá fuaim dhíoscánach ann nuair a chastar air nó as é

Nuair a bhíonn tú ag casadh na teilifís air, as nó ar Fhuireachas, cloiseann tú fuaim dhíoscánach ó fhonnadh na teilifíse. Is mar gheall ar ghnáthleathadh agus cungú na teilifíse an fhuaim dhíoscánach sin, agus an teilifís ag fuarú agus ag téamh. Ní chuireann sé isteach ar fheidhmíocht.

Ní fhreagraíonn an teilifís don chianrialtán

Teastaíonn roinnt ama ón teilifís tosú. I rith an ama sin, ní fhreagraíonn an teilifís don chianrialtán ná do rialcuithe na teilifíse. Is gnáthiompar é sin.
Má leanann an teilifís gan freagairt don chianrialtán, is féidir leat seiceáil an bhfuil an cianrialtán ag obair trí úsáid a bhaint as ceamara ar fhón soghluaiste. Cuir an fón i mód ceamar agus pointeáil an cianrialtán i dtreo lionsa an cheamara. Má bhrúnn tú aon eochair ar an gcianrialtán agus má thugann tú faoi deara caochaíl infridhearg an LED tríd an gceamara, tá an cianrialtán ag obair. Ní mór an teilifís a sheiceáil.
Mura bhfuil an chaochaíl le tabhairt faoi deara, d'fhéadfadh an cianrialtán a bheith briste nó d'fhéadfadh a gceallraí a bheith briste.
Ní féidir an modh seo chun an cianrialtán a sheiceáil a úsáid le cianrialtáin atá péireáilte leis an teilifís gan sreang.

Téann an teilifís ar ais go Fuireachas tar éis scáileán tosaithe Philips a thaispeáint

Nuair atá an teilifís i bhFuireachas, taispeántar scáileán tosaithe Philips, ansin filleann an teilifís ar mhód Fuireachais. Is gnáthiompar é sin. Nuair a dhínasctar an teilifís agus nuair a nasctar arís í leis an soláthar cumhachta, taispeántar an scáileán tosaithe an chéad uair eile a thosaítear í. Chun an teilifís a chasadh air ó Fhuireachas, brúigh ar an gcianrialtán nó ar an teilifís.

Coinníonn an solas Fuireachais leis ag caochaíl

Bain an cábla cumhachta amach as an asraon cumhachta. Fan 5 nóiméad sula nascann tú an cábla cumhachta arís. Má tharlaíonn an chaochaíl arís, déan teagmháil le Philips TV Consumer Care.

Pictiúr

Gan pictiúr / pictiúr díchumtha

• Cinntigh go bhfuil an aeróg nasctha leis an teilifís i gceart.
• Cinntigh go bhfuil an gléas ceart roghnaithe mar an fhoinse taispeána.
• Cinntigh go bhfuil an gléas nó foinse sheachtrach nasctha i gceart.

Tá fuaim ann ach níl aon phictiúr

• Cinntigh go bhfuil na socruithe pictiúr socraithe i gceart.

Glacadh aeróige lag

• Cinntigh go bhfuil an aeróg nasctha leis an teilifís i gceart.
• Tá callairí arda, gléasanna fuaime nach bhfuil talmhaithe, soilse neon, foirgnimh arda agus rudaí móra eile in ann tionchar a imirt ar chaighdeán an ghlactha. Más féidir, déan iarracht caighdeán an ghlactha a fheabhsú trí threo na haeróige a athrú nó gléasanna a bhogadh amach ón teilifís.
• Má tá an glacadh go dona díreach ar chainéal amháin, déan míntiúnadh ar an gcainéal sin.

Drochphictiúr ó ghléas

• Cinntigh go bhfuil an gléas nasctha i gceart.
• Cinntigh go bhfuil na socruithe pictiúr socraithe i gceart.

Athraíonn socruithe pictiúr tar éis scathaimh

Cinntigh go bhfuil **Location** socraithe do **Home**. Is féidir socruithe a athrú agus a shábháil sa mhód seo.

Tá meirge tráchtála ar taispeáint

Cinntigh go bhfuil **Location** socraithe do **Home**.

Ní oireann an pictiúr don scáileán

Athraigh go formáid pictiúr éagsúil. Brúigh .

Coinníonn an fhormáid pictiúr air ag athrú ó chainéal go

cainéal

Roghnaigh formáid pictiúr nach mbaineann 'Uath' leis.

Tá suíomh an phictiúir mícheart

Is féidir nach n-oirfeadh comharthaí pictiúr ó ghléasanna áirithe don scáileán i gceart. Seiceáil aschur comhartha an ghléis nasctha.

Níl an pictiúr ríomhaire cobhsaí

Cinntigh go n-úsáideann do ríomhaire an taifeach agus ráta athnuacha a dtacaítear leo.

Fuaim

Gan aon fhuaim nó droch-chaighdeán fuaime

Mura mbraitear aon chomhartha fuaime, casanna an teilifís an aschur fuaime as go huathoibríoch — ní chiallaíonn sé sin mífheidhm.

- Cinntigh go bhfuil na socruithe fuaime socraithe i gceart.
- Cinntigh go bhfuil gach cábla nasctha i gceart.
- Cinntigh nach bhfuil an airde fuaime balbhaithe nó socraithe go nialas.
- Cinntigh go bhfuil aschur fuaime na teilifíse nasctha le hionchur fuaime an Chóras Amharclainne Baile.

Ba cheart go mbeadh fuaim le cloisteáil ó challairí an HTS.

- D'fhéadfadh roinnt gléasanna iarraidh ort aschur fuaime HDMI a chumasú de láimh. Má tá fuaim HDMI cumasaithe cheana féin, ach fós ní chloiseann tú aon fhuaim, bain triail as an fhormáid fuaime digití a athrú go PCM (Modhnú Bíogchóid). Féach ar an gcáipéisíocht a tháinig le do ghléas le haghaidh treoracha.

Naisc

HDMI

- Tabhair faoi deara go bhféadfadh tacaíocht HDCP (Cosaint Ábhar Digiteach Ard-Bandaleithead) in ann moill a chur ar an méid ama a thógann sé do theilifís ábhar ó ghléas HDMI a thaispeáint.
- Mura n-aithníonn an teilifís an gléas HDMI agus mura bhfuil aon phictiúr ar taispeáint, athraigh an fhoinse ó ghléas amháin go gléas eile agus ar ais arís.
- Má chuirtear isteach ar an bhfuaim go heatramhach, cinntigh go bhfuil na socruithe aschuir ón ngléas HDMI ceart.
- Má tá cuibheoir HDMI-go-DVI nó cábla HDMI-go-DVI in úsáid agat, cinntigh go bhfuil cábla fuaime breise nasctha le AUDIO IN (mion-seac amháin), más ann dó.

Ní oibríonn EasyLink

- Cinntigh go bhfuil do ghléasanna HDMI comhoiriúnach le HDMI-CEC. Ní oibríonn gnéithe EasyLink ach amháin le gléasanna atá comhoiriúnach le HDMI-CEC.

Níl an deilbhín don airde fuaime ar taispeáint

- Is gnáth-iompar é sin nuair atá gléas fuaime HDMI-CEC nasctha.

Ní thaispeántar grianghraif, físeáin agus ceol ó ghléas USB

- Cinntigh go bhfuil an gléas stórála USB socraithe chun a bheith comhoiriúnach le hAicme Ollstórála, mar atá curtha síos air i gcáipéisíocht an ghléis stórála.
- Cinntigh go bhfuil the gléas stórála USB comhoiriúnach leis an teilifís.
- Cinntigh go dtacaíonn an teilifís na formáidí comhaid fuaime agus pictiúir.

Athsheinnt briste comhad USB

- D'fhéadfadh feidhmíocht aistrithe an ghléis stórála USB srian a chur ar an ráta aistrithe sonraí chuig an teilifís, a bhfuil athsheinnt briste mar thoradh uirthi.

Teanga Mhícheart Roghchláir

Teanga mhícheart roghchláir

Athraigh an teanga ar ais do do theanga féin.

1 - Brúigh ⚙.
2 - Cliceáil ◀ (clé).
3 - Cliceáil 5 uair ▼ (síos).
4 - Cliceáil 3 uair ▶ (deas), roghnaigh do theanga agus brúigh **OK**.
5 - Brúigh ⮌ **BACK**, arís agus arís eile, más gá, chun an roghchlár a dhúnadh.

28.3

Cabhair

Tugann an teilifís seo cabhair ar an scáileán.

Oscail Cabhair

Brúigh an eochair ▬ (gorm) chun Cabhair a oscailt láithreach. Osclóidh Cabhair sa chaibidil is mó atá ábhartha dó sin atá ar siúl agat nó air sin atá roghnaithe ar an teilifís. Chun cuardach a dhéanamh do thopaicí de réir aibítre, roghnaigh **Eochairfhocail**.

Chun Cabhair a léamh mar leabhar, roghnaigh **Leabhar**.

Sula leanfaidh tú treoracha Cabhair, dún Cabhair.
Chun Cabhair a dhúnadh, brúigh an eochair datha ▬ **Dún**.

I gcás gníomhaíochtaí áirithe, cosúil le Téacs (Teilitéacs), tá feidhmeanna sonracha ag na heochracha dathanna agus ní féidir leo Cabhair a oscailt.

Cabhair teilifíse ar do tháibléad, d'fhón cliste nó do ríomhaire

Chun go n-éascófaí seichimh fada treoracha, is féidir leat Cabhar teilifís a íoslódáil i bhformáid PDF le haghaidh a léite ar d'fhón cliste, taibléad nó ríomhaire. Mar rogha air sin, is féidir leat an leathanach ábhartha ó Chabhair ó do ríomhaire.
Chun Cabhair (lámhleabhar úsáideora) a íoslódáil, tabhair cuairt ar www.philips.com/support

MRVL_20140918

MRVL_20170427

28.4

Cabhair Ar Líne

Is féidir leat dul i gcomhairle lenár dtacaíocht ar líne chun aon fhadhb a bhaineann le teilifís Philips a réiteach. Is féidir leat do theanga a roghnú agus uimhir do mhúnla táirge a chur isteach.

Tabhair cuairt ar**www.philips.com/support**.

Is féidir leat an uimhir teileafóin chun dul i dteagmháil linn i do thír féin a aimsiú ar an suíomh tacaíochta, chomh maith le freagraí do cheisteanna coitianta (CCanna). I roinnt tíortha is féidir leat labhairt le duine dár gcomhghleacaithe agus do cheist a chur go díreach nó trí ríomhphost.
Is féidir leat bogearraí nua teilifíse a íoslódáil nó an treoirleabhar chun é a léamh ar do ríomhaire.

28.5

Athdheisiú

Is féidir leat glaoch ar an mbeolíne Chúram Custaiméirí i do thír chun tacaíocht nó athdheisiú a fháil. Aimsigh an uimhir theileafóin sa cháipéisíocht phriontáilte a tháinig leis an teilifís.
Nó tabhairt cuairt ar ár láithreán gréasáin **www.philips.com/support** .

Uimhir mhúnla agus sriathuimhir na teilifíse

D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ort uimhir mhúnla an táirge teilifíse agus an tsraithuimhir a thabhairt. Aimsigh na huimhreacha seo ar an lipéad pacáistithe nó ar an lipéad cineáil ar chúl nó ar bhun na teilifíse.

⚠ Rabhadh

Ná triail an teilifís a athdheisiú tú féin. D'fhéadfá tú féin a ghortú go dona, damáiste nach féidr é a leigheas a dhéanamh do do theilifís nó do bharánta a chur ar ceal.

29

Sábháilteacht agus Cúram

29.1

Sábháilteacht

Tábhachtach

Léigh agus tuig gach treoir sábháilteachta sula n-úsáidfidh tú an teilifís. Má tharlaíonn díobháil mar nár leanadh treoracha, ní bheidh feidhm ag an mbaránta.

Baol Turrainge Leictrí nó Tine

• Ná nocht an teilifís don bháisteach nó d'uisce. Ná cuir soithí ina mbíonn leachtanna, cosúil le vásaí, in aice leis an teilifís. Má dhoirtear leachtanna ar an teilifís, nó isteach inti, dínasc an teilifís ón asraon cumhachta láithreach. Déan teagmháil le Cúram Custaiméirí Philips TV chun an teilifís a sheiceáil sula n-úsáidfí í.
• Ná nocht an teilifís, an cianrialtán ná ceallraí go deo do theas iomarcach. Ná cuir in aice le coinnle ar lasadh nó lasracha gan chosaint iad, ná in aice le foinsí teasa iad, lena n-áirítear teas díreach na gréine.
• Ná cuir aon rud isteach sna sliotáin aeraithe go deo, ná sna hoscailtí eile ar an teilifís.
• Ná cuir rudaí troma go deo ar an seolán cumhachta.
• Ná bíodh aon neart á imirt ar na plugaí cumhachta. Tá plugaí cumhachta scaoilte in ann a bheith ina n-údar do stuáil nó do thine. Bí cinnte nach mbeidh aon straidhn ar an seolán cumhachta nuair a sclóineann tú scáileán na teilifíse.
• Chun an teilifís a dínascadh ó chumhacht an phríomhlíonra, ní mór pluga cumhachta na teilifíse a dínascadh. Nuair atá an chumhacht a dínascadh agat, tarraing an pluga cumhachta i gcónaí, ná tarraing an seolán go deo. Bí cinnte go bhfuil rochtain iomlán agat ar an bpluga cumhachta, an seolán cumhachta agus ar an soicéad asraoin i gcónaí.

Baol Gortuithe nó Baol Díobhála don teilifís

• Teastaíonn beirt chun teilifís atá níos troime ná 25 cileagram nó 55 punt a iompar.
• Má ghléasann tú an teilifís ar sheastán, ná húsáid ach an seastán a tháinig léi. Daingnigh an seastán leis an teilifís go maith. Lonnaigh an teilifís ar dhromchla réidh cothrom atá in ann glacadh le meáchan na teilifíse agus an seastáin.
• Nuair atá sé gléasta ar an mballa, bí cinnte go bhfuil an gléasadh balla in ann meáchan na teilifíse a iompar go sábháilte. Ní ghlacann TP Vision le haon fhreagracht as gléasadh balla míchuí a mbeidh tionóisc, gortú nó damáiste mar thoradh air.
• Is as gloine atá píosaí den táirge déanta. Láimhseáil go cúramach é chun gortú nó damáiste a sheachaint.

Baol damáiste don teilifís

Sula nascfaidh tú an teilifís leis an asraon cumhachta, cinntigh go bhfuil an voltas cumhachta ag meaitseáil an luach atá priontáilte ar chúl na teilifíse. Ná nasc an teilifís go deo leis an asraon cumhachta má tá voltas éagsúil ann.

Baol Gortuithe do Pháistí

Lean na réamhchúraim seo chun nach mbeidh an teilifís ina údar gortuithe do pháistí má thiteann sé ón seastán:

• Ná cuir an teilifís go deo ar dhromchla atá clúdaithe le héadach nó le hábhar eile ar féidir é a tharraingt.
• Bí cinnte nach bhfuil aon chuid den teilifís ag gobadh amach thar imeall an dromchla gléasta.
• Ná cuir an teilifís go deo ar throscán ard, cosúil le leabhragán, gan an troscán agus an teilifís araon a bheith daingnithe don bhalla nó do thaca feiliúnach.
• Labhair le leanaí faoi na contúirtí a bhaineann le bheith ag dreapadóireacht ar throscán chun dul chomh fada leis an teilifís.

An baol a bhaineann le ceallraí a shlogadh!

D'fhéadfadh ceallraí atá cosúil le boinn airgid a bheith sa chianrialtán agus d'fhéadfadh leanaí óga iad a shlogadh go héasca. Ná bíodh leanaí in ann rochtain a fháil ar na ceallraí seo go deo.

Baol Róthéite

Ná cuir an teilifís go deo in áit a bhfuil an spás cúng ann. Bíodh spás 20 ceintiméadar nó 4 orlach ar a laghad timpeall na teilifíse i gcónaí le haghaidh aeraithe. Bí cinnte nach gclúdaíonn cuirtíní nó rudaí eile sliotáin aeraithe na teilifíse.

Stoirmeacha Tintrí

Dínasc an teilifís ón asraon cumhachta agus ón aeróg roimh stoirmeacha tintrí.
Ná leag do lámh ar aon chuid den teilifís, an seológ cumhachta nó cábla na haeróige i rith stoirmeacha tintrí.

Baol Damáiste Éisteachta

Ná húsáid cluasáin ar feadh tréimhsí fada nuair a bhíonn an fhuaim an-ard agat.

Teochtaí Ísle

Má iompraítear an teilifís nuair atá an teocht níos lú ná 5°C nó 41°F, díphacáil an teilifís agus fan go dtí go mbeidh teocht an tseomra bainte amach ag an teilifís sula nascfaidh tú an teilifís leis an asraon cumhachta.

Bogthaise

Tá sé in ann tarlú go hannamh, ag brath ar theocht agus ar bhogthaise, go mbeidh mion-comhdhlúthú ar an taobh istigh d'aghaidh ghloine na teilifíse (ar roinnt múnlaí). Chun é seo a chosc, ná nocht an teilifís do sholas díreach na gréine, do theas ná do an-bhogthaise. Má bhíonn comhdhlúthú ann, imeoidh sé leis féin tar éis don teilifís a bheith air ar feadh roinnt uaireanta. Ní dhéanfaidh taise an bhogthaise aon dochar don teilifís agus ní bheidh sé ina údar mífheidhme.

29.2

Cúram Scáileáin

• Ná bíodh aon rud i dteagmáil leis an scáileán agus ná húsáid aon rud chun an scáileán a bhrú, a chuimilt nó a bhualadh.
• Bain amach pluga na teilifíse sula nglanann tú í.
• Glan an teilifís agus an fráma le ceirt bhog thais agus cuimil go séimh í. Ná déan teagmháil leis na LEDanna Ambilight ar chúl na teilifíse. Ná húsáid substaintí cosúil le halcól, ceimicigh nó glantóirí tí ar an teilifís.
• Chun dífhoirmithe agus téaltú na ndathanna a sheachaint, glan suas braonta uisce chomh tapaidh agus is féidir.
• Seachain íomhánna cónaitheacha a mhéid is féidir. Íomhánna a fhanann ar an scáileán ar feadh tréimhsí fada iad íomhánna cónaitheacha. Áirítear le híomhánna cónaitheacha roghchláir ar an scáileán, barraí dubha, taispeántí ama, srl. Má chaitheann tú íomhánna cónaitheacha a úsáid, laghdaigh codarsnacht agus gile an scáileán chun damáiste don scáileán a sheachaint.

30

Téarmaí Úsáide, Cóipchearta agus Ceadúnais

30.1

Téarmaí Úsáide - Teilifís

2014 © TP Vision Europe B.V. Gach ceart ar cosnamh.

Is é TP Vision Europe B.V., nó ceann dá chomhlachtaí cleamhnaithe, a thug an táirge seo chuig an margadh dá dtagraítear dó ina dhiaidh seo mar TP Vision, arb é déantúsóir an táirge é. Is é TP Vision an barántóir i ndáil leis an teilifís ar tháinig an leabhrán seo in aon phacáiste léi. Is trádmharcanna cláraithe de chuid Koninklijke Philips N.V. Philips agus suaitheantas scéithe Philips.

D'fhéadfadh na sonraíochtaí a athrú gan choinne. Is le Koninklijke Philips N.V., nó a úinéirí faoi seach, na trádmharcanna. Tá sé de cheart ag TP Vision táirgí a athrú am ar bith gan dualgas a bheith air táirgí atá ar fáil cheana féin a athrú dá réir.

Creidtear go bhfuil an t-ábhar scríofa a tháinig in aon phacáiste leis an teilifís agus an lámhleabhar atá stóráilte i gcuimhne na teilifíse nó a íoslódáiltear ó láithreán gréasáin Philips leordhóthanach don úsáid a bhfuil an córas beartaithe lena haghaidh.

Creidtear go bhfuil an t-ábhar sa treoirleabhar seo leordhóthanach don úsáid atá beartaithe ag an gcóras. Má úsáidtear an táirge, nó a mhodúil nó nósanna imeachta indibhidiúla, chun críche nach bhfuil sonraithe leis seo, ní mór deimhniú a fháil maidir lena mbailíocht agus a n-oiriúnacht. Ní bheidh TP Vision Europe B.V. nach sáraíonn an t-ábhar féin aon phaitinn de chuid Stáit Aontaithe Mheiriceá. Níl aon bharantá eile ráite nó intuigthe. Ní bheidh TP Vision Europe B.V. freagrach as aon earráid in ábhar na cáipéise seo ná as aon fhadhb a eascraíonn as ábhar na cáipéise seo. Leigheasfar earráidí a thuairiscítear do Philips agus foilseofar ar láithreán gréasáin tacaíochta Philips a luaithe is féidir. Téarmaí baránta Baol gortuithe, damáiste don teilifís nó neamhniú baránta! Ná déan iarracht go deo an teilifís a athdheisiú tú féin. Úsáid an teilifís agus a comhghabhálais mar atá beartaithe ag an déantúsóir. Tugann an comhartha rabhaidh ar chúl na teilifíse le fios go bhfuil baol turrainge leictrí ann. Ná bain as clúdach na teilifíse go deo. Déan teagmháil le Cúram Custaiméirí Philips TV le haghaidh seirbhíse nó deisiúchán. Cuirfear an baránta ar neamhní má dhéantar aon oibríocht atá toirmiscithe go sainráite sa treoirleabhar seo, nó aon choigeartú nó nós imeachta cóimeála nach bhfuil molta ná údaraithe sa treoirleabhar seo. Tréithe picteilín Tá líon ard picteilíní daite ag an táirge LCD/LED seo. Cé go bhfuil picteilíní éifeachtacha de 99.999% nó níos airde aige, d'fhéadfaí poncanna dubha nó pointí geala solais (dearg, uaine nó gorm) a bheith ar taispeáint go leanúnach ar an scáileán. Airí struchtúrtha de chuid na taispeána é seo (laistigh de ghnáthchaighdeáin an tionscail) agus ní mífheidhm é. Comhlíonadh CE Tá an táirge seo ag comhlíonadh le bunriachtanais agus le forálacha ábhartha eile Treoracha 2006/95/EC (Voltas Íseal), 2004/108/EC (EMC) agus 2011/65/EU (ROHS). Comhlíonadh le EMF Déantúsaíonn agus díolann TP Vision Europe B.V. go leor táirgí atá dírithe ar thomhaltóirí a bhfuil an cumas acu, cosúil le trealamh leictreonach ar bith, comharthaí leictreamhaighnéadacha a astú agus a fháil. Is ceann de Phrionsabail Ghnó Philips tabhairt faoi gach beart sláinte agus sábháilteachta atá riachtanach dár dtáirgí chun comhlíonadh le gach riachtanais dlí infheidhmithe agus chun fanacht taobh istigh de na caighdeáin Réimse Leictreamhaighnéadach (EMF) a bhí infheidhmithe ag an am ar táirgeadh na táirgí. Tá Philips tiomanta táirgí a fhorbairt, a tháirgeadh agus a chur ar an margadh nach bhfuil ina n-údar d'éifeachtaí sláinte díobhálacha. Dearbhaíonn TP Vision go bhfuil a tháirgí sábháilte le haghaidh an úsáid atá beartaithe acu de réir na fianaise eolaíche atá ar fáil inniu, chomh fada is a úsáidtear iad chun an úsáid atá beartaithe leo. Tá ról gníomhach ag Philips i bhforbairt caighdeán idirnáisiúnta EMF agus sábháilteachta, rud a chuireann ar chumas Philips tuilleadh forbairtí i gcaighdeánú a ionchasú agus na forbairtí sin a chomhtháthú go luath ina dtáirgí.

30.2

Cóipchearta agus Ceadúnais

HDMI

HDMI®

Is trádmharcanna nó trádmharcanna cláraithe de HDMI Licensing LLC iad na téarmaí HDMI agus HDMI High-Definition Multimedia Interface, agus lógó HDMI Logo i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus i dtíortha eile.

Dolby

Dolby®

Monaraíodh faoi cheadúnas ó Dolby Laboratories. Is trádmharcanna iad Dolby agus an tsiombail D-dúbáilte de Dolby Laboratories.

DTS Premium Sound ™

DTS Premium Sound ™

Maidir le paitinní DTS, féach http://patents.dts.com. Arna dhéanamh faoi cheadúnas ó DTS Licensing Limited. Is trádmharcanna cláraithe DTS, an tSiombail, & DTS agus an tSiombail le chéile, agus Is trádmharc é DTS 2.0 Channel de chuid DTS, Inc. © DTS, Inc. Gach Ceart ar Cosnamh.

Skype

Skype™

© 2014 Skype agus/nó Microsoft. Is trádmharcanna de chuid Skype nó aonáin ghaolmhara an t-ainm Skype, trádmharcanna agus logónna gaolmhara agus an logó "S".

Is trádmharc Skype de chuid Skype nó a chuideachtaí gaolmhara. D'ainneoin gur tástáladh an táirge seo agus gur chomhlíon sé ár gcaighdeáin deimhniúcháin do cháilíocht fuaime agus físe, níl sé tacaithe ag Skype, Skype Communications S.a.r.l. nó ag aon cheann dá gcuideachtaí ghaolmhara.

Java

Trádmharcanna cláraithe de chuid Oracle agus/nó a fhiontair chleamhnacha sna Stáit Aontaithe agus i dtíortha eile iad Java agus gach trádmharc atá bunaithe ar Java.

Microsoft

Windows Media

Is trádmharc cláraithe nó trádmharc é Windows Media de Microsoft Corporation i Stáit Aontaithe Mheiriceá agus/nó tíortha eile.

Microsoft PlayReady

Baineann úinéirí ábhar úsáid as Microsoft PlayReady™, ar teicneolaíocht é a rialaíonn rochtain ar ábhar, chun a maoin intleachtúil, lena n-áirítear ábhar faoi chóipcheart, a chosaint. Baineann an gléas seo úsáid as teicneolaíocht PlayReady chun rochtain a fháil ar ábhar atá cosanta ag PlayReady agus/nó ábhar atá cosanta ag WMDRM. Má theipeann ar an ngléas srianta ar úsáid ábhar a fhorfheidhmiú go cuí, d'fhéadfadh úinéirí ábhar iarradh ar Microsoft cumas an ghléis ábhar atá cosanta ag PlayReady a sheinnt a aisghairm. Ní ceart go mbeadh aon tionchar ag aisghairm ar ábhar neamhchosanta nó ábhar atá cosanta ag teicneolaíochtaí rochtana ábhar eile. D'fhéadfadh úinéirí ábhar iarradh ort PlayReady a uasghrádú chun rochtain a fháil ar a n-ábhar. Má dhiúltaíonn tú roimh uasghrádú, ní bheidh tú in ann rochtain a fháil ar ábhar a bhfuil an t-uasghrádú ag teastáil uaidh.

Wi-Fi Alliance

Is trádmharcanna cláraithe de chuid an Wi-Fi Alliance **Wi-Fi®**, an logó Wi-Fi CERTIFIED, an logó Wi-Fi. Is trádmharcanna de chuid an Wi-Fi Alliance **Wi-Fi CERTIFIED Miracast™**, **Miracast™**.

Bogearraí MHEG

Is le S&T CLIENT SYSTEMS LIMITED ("an tÚinéir") an cóipcheart i mbogearraí MHEG ("na Bogearraí") atá sa teilifís seo ("an táirge seo") agus cuirtear san áireamh é chun a chur ar do chumas gnéithe idirghníomhacha teilifíse a úsáid. Níl cead agat na Bogearraí a úsáid ach amháin in éineacht leis an táirge seo.

Trádmharcanna Eile

Maoin dá n-úinéirí faoi seach iad gach trádmharc cláraithe agus neamhchláraithe eile.

Innéacs

3

3D *49*
3D, Féach *51*
3D, Féachaint is Fearr *51*
3D, Rabhadh Sláinte *52*
3D, spéaclaí PTA509 *49*
3D, spéaclaí PTA519 *50*
3D, Tiontú 2D go 3D *51*

A

Ag féachaint ar 3D *49*
Ag Féachaint ar an Teilifís *40*
Ainm an líonra teilifíse *9*
Air agus As *22*
Airde Fuaime Cluasán *76*
Amadóir Casta As *23*
Ambilight+lí *79*
Ambilight, Air nó As *78*
Ambilight, Cas as teilifís *80*
Ambilight, Dath an Bhalla *80*
Ambilight, láithriú teilifíse *6*
Ambilight, Socruithe *79*
Ambilight, Solas Tolglainne *81*
Ambilight, Solas Tolglainne+hue *81*
An Cianrialtán a Phéireáil *28*
Android OS, leagan *114*
Ar an teilifís anois *34*
Ar Theilifís Anois, Úsáid *34*
Athdheisiú *118*
Athsheinm ar an Toirt *59*
Athsheinn *59*
Athshuiteáil teilifíse *85*

É

Éicea-Socruithe *82*
Éicealipéad na hEorpa *113*

B

Bainistigh Feidhmchláir *37*
Barraí dubha *43*
Bogearraí Foinse Oscailte *91*
Bogearraí, Nuashonrú *91*
Bosca Bairr, nasc *14*
Brabhsálaí Idirlín *35*
Braiteoir infridhearg *28*
Braiteoir Solais *74*

C

Cabhair *117*
Cabhair ar an scáileán *117*
Caighdeán Glacachta *87*
Cainéal *40*
Cainéal, Athainmnigh *41*
Cainéal, athraigh go dtí *40*
Cainéal, Athshuiteáil *85*
Cainéal, Bog *41*
Cainéal, Cuardaigh *42*
Cainéal, cuir glas ar *41*
Cainéal, fadhbanna *116*
Cainéal, Nua *42*
Cainéal, Nuashonrú Cainéal de Láimh *85*
Cainéal, Roghanna *42*
Cainéal, Suiteáil Aeróige/Cábla *84*
Cainéal, Suiteáil Satailíte *87*
Cainéil, féach ar dhá chainéal *53*
Calabrúchán ISF® *73*
Callairí gan Sreang, maidir le *77*
Callairí gan Sreang, roghnaigh *77*
Callairí Teilifíse *78*
Callairí, gan Sreang *77*
Callaire gan Sreang, nasc *21*
CAM - Modúl Rochtana Coinníollaí *13*
CAManna Satailíte *88*
Casadh Air *22*
Cód PIN *81*
Cód PIN Glais Leanaí *81*
Cóipeáil Liosta Cainéal *85*
Córas Amharclainne Baile, fadhbanna *16*
Córas Amharclainne Baile, fuaim *78*
Córas Amharclainne Baile, nasc *15*
Cúram Custaiméirí *118*
Cúram scáileáin *120*
Ceallraí, cianrialtán *28*
Ceamara *30*
Ceamara Grianghraif, nasc *20*
Ceap Stiúrtha, nasc *17*
Ceol, seinn *58*
Chrome *35*
CI+ *13*
Cianrialtán, aicinn agus siombailí *27*
Cianrialtán, Azerty *28*
Cianrialtán, Cás uachtair *27*
Cianrialtán, forbhreathnú ar na heochracha *24*
Cianrialtán, méarchlár *27*
Cianrialtán, micreafón *26*
Cianrialtán, Péireáil *28*
Cianrialtán, Pointeoir *25*
Cianrialtán, Qwerty *28*
Cianrialtán, Qwerty agus Azerty *26*
Cianrialtán, Qwerty agus Coireallach *27*
Cláir, Moltaí *34*
Cláraigh do tháirge *116*
Clear LCD *75*
Clear Sound *77*
Clog *81*
Cluasáin *21*
Cluichí, an socrú is fearr *54*
Cluichíocht *54*
Cluichíocht Scáileáin Roinnte *55*
Cluichíocht, Cluiche Scáileáin Roinnte *55*
Cluiche nó Ríomhaire, socrú *72*
Cnaipe Dearg *46*
Codarsnacht *73*
Codarsnacht Cúl Solais *73*
Codarsnacht, Codarsnacht Físe *74*
Codarsnacht, Codarsnacht Fhoirfe *74*
Codarsnacht, Gáma *74*
Codarsnacht, Gile *74*
Codarsnacht, Mód Codarsnachta *74*

Comhaid Meán, ó ghléas soghluaiste *56*
Comhaid Meán, ó mhéaróg chuimhne USB *56*
Comhaid Meán, ó ríomhaire nó NAS *56*
Consól Cluiche, nasc *17*
Cuardaigh *32*
Cuimhne Idirlín, glan *9*
Cuir in Oiriúint don Scáileán *43*
Cuntais Feidhmchlár *37*
Cur Síos Fuaime *84*

D

Dath *72*
Dath, Breisiú datha *73*
Dath, Teocht datha *73*
Déan teagmháil le Philips *118*
Deilbhín Gléis *48*
Deireadh úsáide *113*
Diúscairt teilifíse nó ceallraí *113*
Diosca Blu-ray Disc, nasc *16*
Diosca Crua USB, spás diosca *18*
Diosca Crua USB, Suiteáil *18*
Dord *76*
DVB (Craoladh Físe Digití) *86*
DVI, nasc *11*

E

EasyLink *12*
EasyLink HDMI CEC *11*
EasyLink, nasc *11*
Eochracha ar an teilifís *22*
Eolaire Teilifíse *46*
Eolaire Teilifíse, Meabhrúchán *47*
Eolaire Teilifíse, sonraí/eolas *46*
ESD *115*

F

Fabhtcheartú *116*
Fad Amhairc *6*
Fadhbanna *116*
Faoi thrí *76*
Físeáin ar éileamh *38*
Físeáin, Grianghraif agus Ceol *56*
Físeáin, Seinn *57*
Físeán Thaispeána Siopa *75*
Fógraí *112*
Fógraí *32*
Feidhmchláir *35*
Feidhmchláir, Glasáil *36*
Feidhmchlár, cuimhne ar fáil *37*
Fianáin, Glan *36*
Foinsí *48*
Formáid Fuaime Amach *16*
Formáid Phictiúir *43*
Formáidí athsheanma *115*
Fotheidil *45*
Fráma Grianghraif *36*
Freastalaithe meán, tacaithe *115*
Fuaim Amach - Optúil, leideanna *12*
Fuaim gan Sreang *77*
Fuaim, fadhbanna *117*
Fuireachas *22*

G

Gáma *74*
Géire *73*
Géire, Laghdú Déantán MPEG *75*
Géire, laghdú torainn *74*
Géire, Ultra Resolution *74*
Giúirléidí *36*
Giúirléidí *35*
Gile *74*
Gile, Lógó Philips *22*
Glacadóir Satailíte, nasc *15*
Glan Cuimhne Idirlín *10*
Glan Cuimhne Idirlín *36*
Gluaisne, Clear LCD *75*
Google Chrome™ *35*
Grianghraif, féach ar *58*
Guth *26*

H

HbbTV *46*
HDCP, cosaint ar chóipeáil *11*
HDMI ARC *11*
HDMI CEC *12*
HDMI Ultra HD *11*

I

Ilamharc *53*
Imirt cluichí *54*
Incredible Surround *76*
Inrochtaineacht *82*
Inrochtaineacht, Lagú Éisteachta *83*
Inrochtaineacht, Treoir Gutha *83*

I

iTV *46*

L

Lagú Amhairc *82*
Lagú amhairc *84*
Lagú Éisteachta *82*
Lagú éisteachta *83*
Laghdú Déantáin MPEG *75*
Laghdú Torainn *74*
Lámhleabhar úsáideora *117*
Lí Philips *79*
Líonra gan Sreang *8*
Líonra sreangaithe *8*
Líonra, Ainm Líonra na teilifíse *10*
Líonra, DHCP *8*
Líonra, Fadhbanna *8*
Líonra, Féach ar Shocruithe *9*
Líonra, gan sreang *8*
Líonra, Glan Cuimhne Idirlín *10*
Líonra, IP Statach *9*
Líonra, nasc *8*
Líonra, pasfhocal *8*
Líonra, Scáileán Cliste Wi-Fi *9*
Líonra, Sreangaithe *8*
Leibhéaladh Fuaime Amach *16*
Liosta Cainéal *40*
Liosta Cainéal Ceanán *41*
Liosta Cainéal, Ceanáin *41*
Liosta Cainéal, grúpaí *40*
Liosta Cainéal, maidir le *40*
Liosta Cainéal, oscail *40*
Lipéad Fuinnimh na hEorpa *113*
Logó Philips, Gile *22*
Logónna cainéal *82*

Lonnú Teilifíse *78*
Lounge Light *81*
Luch USB *19*
Luch, nasc *19*

M

Maidir leis an bpointeoir *25*
Méaróg Chuimhne USB, nasc *19*
Méarchlár USB *18*
Méarchlár, nasc *18*
Méid Céime Minicíochta *87*
Mód Minicíochta Líonra *86*
Mórthimpeall 3D uathoibríoch *76*
Mear-Socrú Fuaime *75*
Mear-Socrú Phictiúir *75*
Mear-Socruithe *72*
Meáin *56*
Meirge Promóisin *75*
Mias Satailíte, nasc *7*
Minicíocht Líonra *86*
Miracast™ *56*
Miracast™, cas air *56*
Modh Mórthimpeall *76*
Modhanna Iontrála Méarchláir *37*
Moill ar Fhuaim Amach *15*
Motion, Perfect Natural Motion *75*
Multi Room *68*
Multi Room, Úsáid *68*

N

Naisc, Liosta *48*
Nasc aeróige *7*
Nasc aeróige, Leideanna *11*
Nasc cumhachta *6*
Nasc DVI *12*
Nasc HDMI, leideanna *11*
Nasc SCART, leideanna *12*
Nasc Y Pb Pr, leideanna *12*
Nasc, seinnteoir DVD *17*

O

Ord na gcainéal a athrú *41*

P

Perfect Natural Motion *75*
Philips TV Remote App *71*
Pictiúr i bPictiúr *53*
Pictiúr, Aistriú *43*
Pictiúr, Codarsnacht Cúl Solais *73*
Pictiúr, Dath *72*
Pictiúr, fadhbanna *116*
Pictiúr, Géire *73*
Pictiúr, Sín *43*
Pictiúr, Zúmáil *43*
Pointeoir *25*
Pointeoir, úsáid *25*
Pointeoir, Cas as *26*
Pointeoir, luas *25*
Polasaí Príobháideachta Skype *66*

R

Rátáil Aoise *42*
Rátáil Tuismitheora *42*
Ríomhaire, nasc *20*
Rialú Gotha, Ceamara *30*
Rialú Gothaí *30*
Roghanna ar Chainéal *42*
Roghchlár Baile *32*
Roghchlár Baile, Cuardaigh *32*
Roghchlár Baile, forbhreathnú *32*
Roghchlár bunúsach *22*
Roghnú Físeáin *42*
Roinn é seo… *70*

S

Satailít, aonad ilteaghais *87*
Satailít, Bain as Satailít *89*
Satailít, Cuir Satailít leis an liosta *89*
Satailít, Nuashonrú Cainéal de Láimh *89*
Satailít, Nuashonrú Cainéal Uathoibríoch *89*
Satailít, Pacáistí Cainéal *88*
Satailít, Unicable *88*
Scanadh Minicíochta *86*
Scannán a thógáil amach ar Cíos *38*
Seach-chur Fuaim Amach *16*
Seiceáil Tomhaltas Cumhachta *82*
Seinnteoir DVD *17*
SimplyShare (ríomhaire nó NAS) *56*
Sioncronú fuaim le fís *15*
Siopaí Físeán *38*
Skype Glao gutha *64*
Skype, an méid atá uait *62*
Skype, Ar ais ag an Teilifís *67*
Skype, ceamara *62*
Skype, Creidmheas *65*
Skype, cuntas Microsoft *62*
Skype, Cuntas nua *62*
Skype, Glacadh le glao *65*
Skype, Glao Físe *64*
Skype, Glaoch ar fhóin *64*
Skype, Glaonna caillte *65*
Skype, Roghchlár *63*
Skype, Síniú isteach uathoibríoch *66*
Skype, Sínigh amach *67*
Skype, Sínigh isteach *62*
Skype, Suí Ceamara *66*
Skype, Téarmaí agus Coinníollacha *66*
Skype, Teachtaireachtaí Gutha *65*
Skype, Teagmhálaithe *63*
Skype™, maidir le *62*
Sliotán Comhéadain Choiteann *13*
Socruithe EasyLink *13*
Socruithe líonra *9*
Socruithe monarchan *85*
Soláthraí Meán Digiteach - DMR *9*
Stáisiúin Raidió *40*
Stíl Ambilight *78*
Stíl Fuaime *76*
Stíl Phictiúir *72*
Suíomh *75*
Suíomh In-Siopa *75*
Suíomh Siopa *75*
Suiteáil Cosanta WPS - Wi-Fi *8*
Suiteáil de Láimh *87*
Suiteáil Líonra *8*
Suiteáil Satailíte *87*
Suiteáil Teilifíse *85*
Suiteáil, Aeróg/Cable *84*

T

Tacaíocht ar líne *118*
Tacaíocht, ar líne *118*
Taifeach Ionchuir *114*
Taifeadadh, an méid a theastaíonn uait *60*
Taifeadadh, Féach ar *61*
Taifeadadh, Liosta na dtaifeadtaí *60*
Taifeadadh, sonraí Eolaire Teilifíse *46*
Taifeadadh, Taifead a Sceidealú *60*
Taifeadadh, Taifead anois *60*
Tástáil Glacacht *87*
Téacs *44*
Téacs digiteach *44*
Téarmaí Úsáide, Feidhmchláir *37*
Téarmaí Úsáide, Teilifís *121*
Teachtaireacht Nuashonrú cainéil *84*
Teanga Bhunaidh *45*
Teanga Fuaime *45*
Teanga Roghchláir *46*
Teanga teilifíse *46*
Teanga, bunaidh *45*
Teanga, fuaim *45*
Teanga, roghchláir agus teachtaireachtaí *46*
Teilifís ar éileamh *39*
Teilifís ar líne *39*
Teilifís Athdheise *39*
Teilifís Idirghníomhach, a bhfuil ag teastáil uait *46*
Teilifís Idirghníomhach, maidir le *46*
Teilitéacs *44*
Toisí agus Meáchain *114*
Tráchtaireacht fuaime *84*
Treoir Gutha *83*
Treoir maidir le Nascacht *11*
Treoracha Sábháilteachta *119*
TV Remote App *71*

U

Uaineadóir Codlata *22*
Uasdhátú Cainéil Uathoibríoch *84*
Uath-Leibhéaladh Airde Fuaime *77*
Ultra HD, Nasc *11*
Unicable *88*

W

Wi-Fi *8*
Wi-Fi Deimhnithe Miracast™ *56*
Wi-Fi Smart Screen *9*
WoWLAN *9*
WPS - cód UAP *8*

Contact information

Argentina
0800 444 7749
Buenos Aires 0810 444 7782

België / Belgique
070 700 035 (0,15€/min.)

Bosna i Hercegovina
033 941 251 (Lokalni poziv)

Brazil
0800 701 0245
Sao Paulo 2938 0245

България
02 4916 273 (Национален номер)

Česká republika
228880895 (Místní tarif)

Danmark
3525 8314

Deutchland
0180 501 04 69 (0,14€/Min.)

Ελλάδα
2111983028 (Εθνική κλήση)

España
902 88 10 83 (0,10€ + 0,08€/min.)

Estonia
6683061 (Kohalikud kõned)

France
01 57 32 40 50 (local)

Hrvatska
01 777 66 01 (Lokalni poziv)

Italia
0245 28 70 14 (chiamata nazionale)

Ireland
0818 210 140 (national call)

Northern Ireland
0844 338 04 88 (5p/min BT landline)

Казакстан
8 10 800 2000 00 04 (free)

Latvia
6616 3263 (Vietējais tarifs)

Lithuania
8 5 214 0293 (Vietinais tarifais)

Luxembourg / Luxemburg
2487 1100 (Nationale Ruf / appel national)

Magyarország
06 1 700 8151 (Belföldi hívás)

Nederland
0900 202 08 71 (0,10€/min.)

Norge
22 97 19 14

Österreich
0820 40 11 33 (0,145€/Min.)

Polska
22 397 15 04 (Połączenie lokalne)

Portugal
707 78 02 25 (0,12€/min. - Móvel 0,30€/min.)

Română
031 6300042 (Tarif local)

Россия
8-800-22 00004 (бесплатно)

Suisse / Schweiz / Svizzera
0848 000 291 (0,081 CHF/Min.)

Србија
011 321 6840 (Lokalni poziv)

Slovakia
2 332 154 93 (Vnútroštátny hovor)

Slovenija
1 888 83 12 (Lokalni klic)

Suomi
09 88 62 50 40

Sverige
08 5792 9096 (lokalsamtal)

ประเทศไทย **(Thailand)**
02 652 7650

Türkiye
444 8 445

United Kingdom
0844 338 04 88 (5p/min BT landline)

Україна
0-800-500-480 (безкоштовно)

www.philips.com/support

Non-contractual images / Images non contractuelles / Außervertragliche Bilder

Specifications are subject to change without notice.
Philips and the Philips' shield emblem are registered trademarks of Koninklijke Philips N.V.
and are used under license from Koninklijke Philips Electronics N.V.
All registered and unregistered trademarks are property of their respective owners.
2014 © TP Vision Europe B.V. All rights reserved.

www.philips.com